shannon GROUP

# 2017 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

## INFHEISTIÚ INÁR DTODHCHAÍ

www.shannongroup.ie

# CLÁR ÁBHAIR

2 Maidir le Grúpa na Sionainne cpt
3 Tionchar Eacnamaíoch Ghrúpa na Sionainne
5 Ráiteas an Chathaoirligh agus Athbhreithniú An Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin
13 Forbhreathnú Airgeadais
14 Infheistíocht d'Fhás
16 Buaicphointí Eitlíochta Aerfort na Sionainne 2017
18 Comóradh ar leagáid an Dr Brendan O'Regan
20 Gnóthaí Ghrúpa na Sionainne
28 Cuireann Grúpa na Sionainne Fáilte Roimh
30 An Bord Stiúrtha
32 An Fhoireann Fheidhmiúcháin
35 Freagracht Shóisialta Chorparáideach

## TUARASCÁIL STIÚRTHÓRA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

42 Tuarascáil Stiúrthóra
51 Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais
52 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt
53 Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais
54 Ráiteas Comhdhlúite le hIoncam Cuimsitheach Eile
55 Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais
56 Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais
57 Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe Cothromais
58 Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Cothromais
59 Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite
60 Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Cuideachta
61 Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

## TUILLEADH EOLAIS

100 Eolas Gnó Ginearálta agus Eolas Eilé
101 Mapaí Bhealaigh Aerfort na Sionainne – Samhradh 2018

# MAIDIR LE GRÚPA NA SIONAINNE CPT

Is grúpa tráchtála leathstáit é Grúpa na Sionainne cpt, ina bhfuil trí chuideachta, dírithe ar leas eacnamaíoch a sholáthar d'Iarthar na hÉireann agus don gheilleagar níos leithne náisiúnta. Is mórshócmhainn eacnamaíoch agus tiománaí ar gheilleagar na hÉireann atá sa Ghrúpa, ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Tugann sé CGA Údarás Aerfort na Sionainne ('Aerfort na Sionainne'), CGA Fiontraíochtaí Tráchtála na Sionainne ('Maoin Tráchtála na Sionainne') agus CGA Oidhreacht na Sionainne ('Oidhreacht na Sionainne') le chéile.

Bunaíodh an Grúpa go foirmeálta ar an 5 Meán Fómhair 2014 i ndiaidh achtaithe Acht na nAerfort Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014.

Soláthraíonn Grúpa na Sionainne seirbhísí iompair agus eitlíochta ag Aerfort na Sionainne agus a phurláin, tacaíonn sé le braisle eitlíochta atá ag fás sa tSionainn trí bhranda IASC, baintear leas as sócmhainní maoine agus talún Mhaoin Tráchtála na Sionainne, agus déantar réimse de roghanna turasóireachta oidhreachta a thairiscint do chuairteoirí tríd a chuideachta turasóireachta Oidhreacht na Sionainne. Inniu, fostaíonn Grúpa na Sionainne os cionn 680 duine san ardséasúr.








# TIONCHAR EACNAMAÍOCH GHRÚPA NA SIONAINNE

## Tá Grúpa na Sionainne mar phríomhinneall eacnamaíochta d'Iarthar na hÉireann.


Tá Grúpa na Sionainne mar phríomhinneall eacnamaíochta d'Iarthar na hÉireann. Ba é tátal staidéar a rinne W2 Consulting le déanaí, go ngineann Grúpa na Sionainne €3.6 billiún in OBL (Oll-Bhreisluach) gach bliain, ag tacú le os cionn 46,500 jab a chuireann €1.15 billiún in ioncam cánach leis an Státchiste.

Cuireann aerfort dea-nasctha feabhas ar tharraingteacht eacnamaíoch an réigiúin mar áit chónaithe, le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le gnó a dhéanamh inti agus gach uile lá déantar an domhan mór a oscailt don iliomad taistealaí fóillíochta agus gnó a théann tríd ár n-aerfort.

Soláthraíonn ár gcuideachta oidhreachta nithe is díol spéise do thurasóirí agus cúiseanna le cuairt a thabhairt ar ár réigiún, agus spreagann sé teacht isteach bliantúil os cionn €40 milliún ó turasóireacht.

Soláthraíonn ár gcuideachta maoine príomh-bhonneagar gnó d'fhonn timpeallacht a chruthú le tacú leis an Údarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE) agus jabanna dúchasacha a mhealladh chuig an gceantar.

## TIONCHAR FORIOMLÁN EACNAMAÍOCH GHRÚPA NA SIONAINNE AR GHNÓ






shannon GROUP

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais I 2017

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

## Bunchloch Láidir don Todhchaí



### FEABHAS LEANÚNACH AR FHEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS AGUS INFHEISTÍOCHT INÁR DTODHCHAÍ

Tá áthas orm a thuairisciú gur thárla fás ar Ghrúpa na Sionainne i 2017 don tríú bliain as a chéile ó bunaíodh an Grúpa i 2014, le feidhmíocht láidir airgeadais á soláthar ag an nGrúpa.

Leanamar le díriú ar ár mandáid tráchtála a chur i gcrích agus le feabhas a chur ar ár mbrabúsacht fhoriomlán i gcaitheamh na bliana. Mar thoradh air sin bhí láimhdeachas €72.2 milliún ag an nGrúpa, suas 7.4% ar 2016 agus méadú 23% in EBITDA go dtí €9.3 milliún. Is feidhmíocht dhearfach í seo agus cruthaíonn sí bunchloch láidir don todhchaí.

### ÁR SPRIOCANNA A THABHAIRT I GCRÍCH

Nuair a bunaíodh Grúpa na Sionainne, bhí ár bhfócas tosaigh ar na blianta fada de thitim agus de thearcinfheistíocht ar fud an Ghrúpa le haisiompú, rud atá déanta againn. Ag tógáil air seo, bhí ár bhfócas do 2017 ar fheidhmíocht dhearfach na mblianta roimhe sin a fheabhsú agus a dhaingniú, agus clár uaillmhianach infheistíochta caipitil á chur i bhfeidhm again freisin. Tá áthas orm a rá gur éirigh linn na spriocanna seo a bhaint amach freisin.

I rith na bliana rinne Grúpa na Sionainne infheistíocht shuntasach i bpríomhinfhreastruchtúr an aerfoirt agus i bhforbairt phunainne réadmhaoine an Ghrúpa le réitigh réadmhaoine den chéad scoth a sholáthar. Dhírigh an clár infheistíochta freisin ar fheabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí san aerfort agus ar fud ár dtairiscintí turasóireachta araon. Tá an infheistíocht seo riachtanach le fás sa todhchaí a dhaingniú.

### AN TÁBHACHT ATÁ LEIS AN GCREAT PLEANÁLA NÁISIÚNTA

Cuirimid fáilte roimh fhoilsiú an Chreat Pleanála Náisiúnta agus an fhís atá ann do Thionscadal Éireann 2040. Cuirimid fáilte, ach go háirithe, roimh an aitheantas a thugtar sa phlean go mbeidh mór-ról ag infheistíocht shuntasach in aerfoirt na hÉireann maidir le nascacht idirnáisiúnta na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú. Tá seo bunúsach d'iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann, go háirithe i gcomhthéacs an RA ag fágáil an AE.

Cuirtear an-fháilte freisin roimh an tacaíocht, ar tugadh imlíne uirthi sa Pholasaí Náisiúnta Eitlíochta, do ról Aerfort na Sionainne mar phríomhthairseach turasóireachta agus gnó don réigiún, go háirithe maidir le margaí nideoige a fhorbairt.

Is ráiteas é plean infheistíochta sa bhreis ar €150 milliún go dtí 2022 Ghrúpa na Sionainne, atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta, ar ár rún agus ár ndiongbháilteacht Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne, Oidhreacht na Sionainne agus an Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta a fhás. Mar mhór-shócmhainn eacnamaíoch agus mar phríomhthiománaí ar gheilleagar na hÉireann, ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon, tá curtha go mór againn agus táimid ag cur go mór leis mar áisitheoir d'fhás eacnamaíoch go náisiúnta agus go réigiúnach.

Tá sé an-tábhachtach d'Éirinn go nglacaimis an deis seo le frithchothromaíocht cheart eacnamaíoch ar Bhaile Átha Cliatha a chruthú sa chonair Gaillimh-Luimneach-Corcaigh.

Tá Grúpa na Sionainne ag tnúth lena pháirt a ghlacadh maidir lena chinntiú go gcuirtear cuspóirí Thionscadal Éireann 2040 i gcrích, go háirithe an ghluaiseacht i dtreo gheilleagair náisiúnta agus sochaí níos cothroime, mar a mbíonn baint ag cách le fás agus rathúnas, beag bean ar cá mbíonn cónaí orthu.

### FÁS AGUS ATHNUACHAN

Nuair a bunaíodh Grúpa na Sionainne i mí Mheán Fómhair 2014, rinne an Bord agus an bhainistíocht cinneadh díriú ar fhás agus athnuachan. Ó shin i leith tá cuid mhór bainte amach. Ag Aerfort na Sionainne, chuireamar deireadh leis an laghdú ar líon na bpaisinéirí agus déanadh aisiompú air le fás 25% bainte amach ó baineadh neamhspleáchas amach i 2013, le meádú 18% ar líon na bpaisinéirí trasatlantacha agus méadú 80% ar líon na bpaisinéirí ón Eoraip.

Sa tréimhse sin seoladh 24 bealach nua agus méadaíodh acmhainn ar 14 bealach eile. Maidir le hinfhreastruchtúr, tá infheistíocht €37 milliún déanta againn i saoráidí le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar ár n-aerfort ó 2013.

I 2017 leanamar lenár mórchlár infheistíochta, ag caitheamh €17 milliún ar fud champais an aerfoirt. Áiríodh ar seo mórthionscadal infheistíochta le hathdhromchla a chur ar rúidbhealach an aerfoirt, rud a críochnaíodh in am agus de réir an bhuiséid. Rinneamar méadú ar ár dtairiscint dár gcustaiméirí le siopa Saor ó Dhleacht nuachóirithe, feabhas ar na tolglanna feidhmiúcháin, ar an mbialann agus ar shaoráidí itheacháin.

Chuir Maoin Tráchtála na Sionainne luas faoin gclár infheistíochta €40 milliún atá ar siúl faoi láthair ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, dírithe ar ard-déantúsaíocht nua, saoráidí stórála agus réitigh spáis oifige suntasach a thabhairt ann le tacú le feachtas an ÚFT agus Fiontraíocht Éireann maidir le hinfheistíocht isteach sa réigiún.

Ag tógáil ar an bhfeachtas an timpeallacht cheart a chruthú go mbeadh rath ar thionsclaíocht, rinne Maoin Tráchtála na Sionainne spás fiontraíochta Mhol Tairsí 6,000 tr. cr. a nochtadh ag Teach Aerfort na Sionainne. Osclaíodh go hoifigiúil é i mí na Samhna 2017, agus soláthraíonn sé saineolas agus spás goir do ghnólachtaí nuathionscanta ó earnálacha éagsúla. Tá suas le 17 oifig seirbhísithe agus 'deasc shealaíochta' ar fáil ag an Mol, a n-áirítear ann freisin spás líonraithe agus seomraí comhdhála, cruinnithe agus oiliúna comhroinnte.

Mar thoradh ar ár straitéis infheistíochta ag Maoin Tráchtála na Sionainne, tá cuideachtaí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE) móra le rá tar éis rogha a dhéanamh lonnú ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, ina measc tá Jaguar Land Rover agus Edwards Lifesciences.

I rith na bliana, lean ár Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC) le freastal ar a chuspóir maidir le hacmhainní aeraspáis na hÉireann a fhorbairt trí chur chun cinn a dhéanamh ar an mbraisle eitlíochta sa tSionainn atá tar éis fás chuig beagnach 60 cuideachta.

Ar na cuideachtaí is déanaí a tháinig chuig an mbraisle 2017 bhí: A-techSYN Ltd, agus cuideachtaí ó SAM Jetpower Aircraft Materials Limited agus Camtronics MRO Europe, a bhfuil an dá cheann tar éis ceanncheathrú Eorpach a bhunú ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.

Lean Oidhreacht na Sionainne le forbairt a dhéanamh ar a tairiscint agus taifeadadh os cionn 887,300 cuairteoir chuig a hionaid san Iarthar Láir agus i mBaile Átha Cliath i 2017. Le cúig bliana anuas tá líon na gcuairteoirí chuig a hionaid tar éis dúbailt. Leanann sí le ról tábhachtach a bheith aici maidir le cuairteoirí ón gcoigríoch a mhealladh chuig an réigiún agus rinne sí réimse d'imeachtaí speisialta a chur ar fáil dá custaiméirí ag baile i gcaitheamh 2017.

### BARRFHEABHSÚ ACMHAINNE FÁIS SA TODHCHAÍ

Tá tús á chur againn leis an gcéad chéim eile inár bhforbairt mar Ghrúpa. Tá cuid mhór bainte amach againn go dtí seo, ach tá a fhios againn go mbeidh níos mó le déanamh sa todhchaí.

Creidimid má bhíonn an tacaíocht cheart againn, gur féidir le Grúpa na Sionainne a bheith lárnach maidir leis an bhforbairt gheilleagrach agus na mianta fostaíochta atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta a bhaint amach. Le tacaíocht ón Rialtas creidim gur féidir linn acmhainn shuntasach Ghrúpa na Sionainne a chur i bhfeidhm le freastal ar chuspóirí an Chreat Náisiúnta Pleanála maidir le fás réigiúnach níos cothroime.

Tá Grúpa na Sionainne tar éis a chruthú cheana féin go bhfuil sé mar inneall eacnamaíoch don réigiún, le gníomhaíochtaí an Ghrúpa ag tacú le 46,500 jab, ag giniúint €3.6 billiún in Oll-Bhreisluach (OBL) agus ar cur €1.15 billiún le hioncam an Státchiste go bliantúil.

Tá sé tuartha inár bplean straitéiseach go dtí 2021 go bhfuil acmhainn ag tionchar eacnamaíoch Ghrúpa na Sionainne tacú le os cionn 53,000 jab, le fáltas cánach €1.3 billiún a spreagadh don Státchiste agus Oll-Bhreisluach de €4.2 billiún in aghaidh na bliana. Is ionann sin agus 7,150 jab breise, €181 milliún i gcáin agus €577 milliún in Oll-Bhreisluach go bliantúil do gheilleagar na hÉireann.

Beidh fás ar nascacht aeir lárnach maidir leis an tionchar eacnamaíoch seo a bhaint amach, a thacóidh le forbairt na turasóireachta agus IDE a mhealladh, go háirithe i gcomhthéacs an drochthionchar a bheadh ag Brexit. Beidh aitheantas lucht déanta polasaithe maidir leis an tábhacht náisiúnta a bhaineann le nascacht aeir chuig Iarthar na hÉireann a mhéadú; ar ról na turasóireachta maidir le tacú le fás éifeachtach réigiúnach, agus an tábhacht atá le hinfreastruchtúr láidir le IDE a mhealladh, riachtanach maidir lenár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach.

Is cinnte go bhfuil dúshlán i gceist d'aerfoirt eile na hÉireann a sciar den mhargadh a fhás de bharr a cheannasaí atá Baile Átha Cliath. Creidimid go bhfuil sé tábhachtach d'Éirinn go mbeadh aerfort láidir, atá ag fás sa phríomhchathair, ag soláthar rochtana a cheannphointí nua ar fud na cruinne. Mar sin féin, tá an baol ann go gcuirfeadh ceannasacht Aerfort Bhaile Átha Cliath teorainn le fás ar nascacht sna réigiúin, a chuirfeadh teorainn dá réir le cumas fáis na réigiún sin.

Dá bhrí sin chuireamar fáilte leis an ráiteas maidir leis an Iarthar Láir sa Chreat Pleanála Náisiúnta ag cur béime ar fhás sa todhchaí a bheadh bunaithe ar ghiaráil nascachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach dár ngeallsealbhóirí uile, go mbeadh rochtain ag ár réigiún i gcaitheamh na bliana ar phríomh-mhoil ghnó i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip, le tacú lenár bhfás.

Táimid ag tnúth le hoibriú le tacú le pleananna an Rialtais acmhainn na Sionainne a thabhairt i gcrích sa todhchaí chun leasa na Sionainne agus ngeallsealbhóirí uile.

### AITHEANTAS

Ba mhaith liom buíochas a ghabhail thar ceann an Bhoird le POF Ghrúpa na Sionainne, Matthew Thomas, lena Fhoireann Bhainistíochta agus lenár bhfoireann uile as ucht a gcuid oibre dian agus a ndúthracht maidir leis na torthaí airgeadais atá leagtha amach i dTuarascáil Bhliantúil 2017 a thabhairt i gcrích. Léiríonn ár dtorthaí i 2017 na buntáistí a bhaineann lenár straitéis agus ár spriocanna uaillmhianacha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus spreagadh ár Scairshealbhóir i rith na bliana, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Shane Ross agus le foireann a roinne as ucht a dtacaíocht leanúnach.

Ar an 28 Lúnasa 2017, chuaigh Tony Brazil agus Michael Leydon ar scor ó Bhord Ghrúpa na Sionainne tar éis dóibh freastal dá dtéarma iomlán. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as ucht a ndearna siad agus a dtacaíocht le linn dóibh a bheith ar an mBord agus guím gach rath orthu sa todhchaí. Ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur roimh Tom Kelly, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin AerCap Ireland, a ceapadh ar Bhord Ghrúpa na Sionainne an 25 Deireadh Fómhair 2017.

Gabhaim buíochas lenár gcustaiméirí dílse agus lenár gcomhpháirtithe gnó a thug tacaíocht do Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne i gcaitheamh na bliana. Is féidir a bheith cinnte de go bhfuilimid tiomanta tuilleadh feabhais a chur ar eispéireas ár gcustaiméirí agus ar sheirbhísí sna blianta atá romhainn.

Táim ag tnúth le 2018 mar bhliain ina mbeidh tuilleadh fáis agus infheistíochta sa Ghrúpa agus go leanfar le luach a chruthú do pháirtithe leasmhara.

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



"BEIDH MÓR-RÓL AG INFHEISTÍOCHT SHUNTASACH IN AERFOIRT NA HÉIREANN MAIDIR LE NASCACHT IDIRNÁISIÚNTA NA HÉIREANN A CHOSAINT AGUS A FHEABHSÚ"

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais I 2017

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

## Le Chéile - Ár bhFéidearthacht a Uasmhéadú



### GRÚPA NA SIONAINNE, MÓRSHÓCMHAINN EACNAMAÍOCH

Bhí dea-bhliain eile ag Grúpa na Sionainne le fás leanúnach agus feabhas ar fheidhmíocht airgeadais i ngach gnó de chuid an Ghrúpa. Tá cúrsa uaillmhianach leagtha roimhe ag an nGrúpa, le hinfheistíocht láidir á dhéanamh inár ngnólachtaí le tuilleadh fáis a thiomáint sna blianta amach anseo.

Mar phríomhspreagadh ar fhás eacnamaíoch in Iarthar hÉireann, is maith a thuigimid go spreagann ár bhfeidhmíocht ghnó fheabhsaithe leasa don gheilleagar réigiúnach agus náisiúnta. Tacaíonn gníomhaíochtaí Ghrúpa na Sionainne le 46,500 jab. Táimid an-spreagtha ag an bhfreagracht atá orainn fás agus forbairt éifeachtach réigiúnach a cheadú ar fud oileán na hÉireann.

### ÁR BHFEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Níl Grúpa na Sionainne ach trí bliana go leith ar an bhfód, agus tá dul chun cinn suntasach déanta aige. Ba bhliain í 2017 ar tharla feabhsúchán leanúnach i gcuideachtaí ár nGrúpa, ag léiriú ár straitéise comhtháite gnó agus infheistíochta. Léirigh ár láimhdeachas de €72.2 milliún méadú 7.4% ar 2016, le brabús roimh cháin ag méadú 22% chuig €8.9 milliún, agus EBITDA suas 23% chuig €9.3 milliún, le fás leanúnach á léiriú iontu ar fad.

### INFHEISTÍOCHT INÁR DTODHCHAÍ

Ón dáta bunaithe i 2014 chuireamar romhainn clár infheistíochta caipitil uaillmhianach a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. I rith 2017 leanamar leis an tiomantas seo a chur i bhfeidhm.

Rinneamar níos mó ná dúbailt ar ár gclár infheistíochta caipitil i 2017 os cionn €34 milliún. Áiríodh sa chlár seo réimse tionscadal le feabhas a chur ar tharraingteacht an réigiúin mar láthair infheistíochta dúchasach agus Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE) agus do thurasóireacht. Mar thoradh ar an rath a bhí ar ár gclár infheistíochta go dtí seo, beidh luasghéarú á dhéanamh againn ar ár bpleananna ar fud an Ghrúpa sna cúig bliana atá romhainn.

### FEIDHMIÚ ÁR NGNÓTHAIS

#### AERFORT NA SIONAINNE

Chuir Aerfort na Sionainne fáilte roimh os cionn 1.75 milliún paisinéir i 2017, ar mhéadú beag é ar 2016, mar dhaingniú ar an bhfás a baineadh amach sna blianta roimhe sin. Tá an tAerfort tar éis méadú ar líon na bpaisinéirí a thaifead ar feadh cúig bliana as a chéile agus i dtimpeallacht dhúshlánach tá sé tar éis a sciar den mhargadh a choinneáil. Ó baineadh neamhspleáchas amach ón daa i 2013, tá líon na bpaisinéirí in Aerfort na Sionainne tar éis méadú 25% ar an iomlán.

I 2017 bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh Norwegian Air International chuig an tSionainn agus roimh sheoladh seirbhísí chuig Aerfort Idirnáisiúnta Stewart i Nua-Eabhrac agus Providence, Rhode Island. Tá acmhainn ag Norwegian margadh nua tráchta trasatlantach ísealchostais a oscailt sa tSionainn.

Agus an timpeallacht dhúshlánach á aithint againn, táimid muiníneach go mbeidh deabhliain romhainn amach. Tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú beagnach 20% ar acmhainn ár seirbhísí trasatlantacha i 2018, le hocht seirbhís trasatlantach le sé iompróir éagsúil thar seacht gceann scribe ar fáil ón tSionainn.

Le seoladh na seirbhíse nua ag Air Canada chuig Toronto i 2018, in éineacht le méadú ar sheirbhísí Norwegian agus American Airlines chuig Nua-Eabhrac, Bostún agus Philadelphia, beidh an líon is mó ceann scríbe trasatlantach ag an tSionainn le breis agus 17 bliana. Is údar imní é, afach, cinneadh United a seirbhís chuig Chicago a chur ar ceal agus a sheirbhís gheimhridh chuig Nua-Eabhrach a laghdú.

In áiteanna eile, tá dea-scéal san Eoraip le seribhísí nua chuig Barcelona/Reus, Liverpool agus Bristol ag tosú i 2018, agus méadú ar an tseirbhís atá ann chuig Manchester.

Tá i bhfad níos mó le déanamh, áfach, agus beimid ag tógáil ar a bhfuil bainte amach sna blianta atá romhainn. Tá áthas orainn go bhfuil rochtain fheabhsaithe á soláthar ag Aerfort na Sionainne d'Iarthar na hÉireann ar mhór-roinn na hEorpa agus ar Mheiriceá Thuaidh.

Cuireann aerfort dea-nasctha feabhas ar tharraingteacht eacnamaíoch réigiúin mar áit chónaithe, le hoibriú inti, le cuairt a thabhairt uirthi agus le gnó a dhéanamh inti agus iliomad taistealaí fóillíochta agus gnó a théann tríd ár n-aerfort.

Tá Aerfort na Sionainne ag feidhmiú i margadh atá an-iomaíoch. Táimid ag iomaíocht ní amháin leis na haerfoirt eile in Éirinn, ach le haerfoirt ar fud na hEorpa freisin. Leis an duais margaíochta faighte don chúigiú bliain as a chéile ag Aerfort na Sionainne ag na Bealaí Domhanda, léiríonn sin an meas atá ag custaiméirí ár n-aerlíne orainn.

Bímid ag obair go dian lena chinntiú go mbíonn ár gcustaiméirí i gcroílár a mbíonn á dhéanamh again. Leanann ár gclár fairsing caipitil le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar eispéireas lucht taistil ag Aerfort na Sionainne, le feabhas curtha le déanaí ar ár siopa saor ó dhleacht agus ar ár mbialann, ár ngeataí imeachta, agus ar ár dtolglann idirthurais agus feidhmiúcháin. I rith 2017 rinneamar athdhromchlú iomlán ar ár rúidbhealach, an rúidbhealach aerfoirt is faide in Éirinn. Tá moladh ar leith ag dul d'fhoireann an Aerfoirt as ucht a ngairmiúlacht maidir leis an tionscadal seo a thabhairt i gcrích.

Do mhórán dár bpaisinéirí, is é an chéad taithí ar Éirinn acu é a dteacht chuig Aerfort na Sionainne. Táimid tiomanta 'ómós áite' a chruthú san aerfort, ag teacht lenár suíomh i gcroílár Shlí an Atlantaigh Fhiáin, agus lorg uathúil a chruthú a chuimsíonn tírdhreach ár réigiúin agus an pobal atá ann. Le fíordhéanaí tá tollán na Mumhan Pháirc Thuamhan athchruthaithe againn ag staighre san aerfort leis an bpaisean a spreagann rugbaí na Mumhan a léiriú agus cur chun bealaigh oiriúnach a bheith ag ár bpaisinéirí ar a mbealach le tacú le cluichí idirnáisiúnta.

I rith 2017 rinneamar ár seomra na gcéadfaí san aerfort a oscailt go hoifigiúil mar fhreagra ar riachtanais ár gcustaiméirí. Agus muid ar an gcéad aerfort san Eoraip a rinne seomra na gcéadfaí, táimid ag teacht le cultúr na Sionainne a bheith nuálach agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais ár gcustaiméirí. Téimid níos faide ná mar a théann dreamanna eile le heispéireas dearfach a chruthú dár bpaisinéirí. Tá áthas orainn a fháil amach go bhfuil aerfoirt eile ar fud na hEorpa ag déanamh amhlaidh agus go bhfuil a seomraí na gcéadfaí féin á bhforbairt acu.

Is údar inspioráide i gcónaí é an Dr Brendan O'Regan, fear físiúil a bhí freagrach as go leor den nuálaíocht ar a bhfuil mórán den fhás ar eacnamaíocht an réigiúin bunaithe agus a rabhamar ag cuimhneamh air anuraidh agus comóradh céad bliain ó rugadh é á cheiliúradh. Is siombal dúinne é ar threallús, ar mhisneach agus ar dhiongbháilteacht maidir le rudaí a dhéanamh – luachanna atá fós againn i nGrúpa na Sionainne.

#### MAOIN TRÁCHTÁLA NA SIONAINNE

Is í Maoin Tráchtála na Sionainne úinéir agus bainisteoir ceann de na punanna réadmhaoine is mó in Éirinn, ina bhfuil ocht bpáirc ghnó agus teicneolaíochta, os cionn 2 mhilliún tr. cr. de spás foirgnimh, os cionn 200 foirgneamh agus breis agus 1,500 acra de thalamh forbartha i 15 troigh chearnach ar fud chontaetha an Chláir, Luimnigh, Thiobraid Árann agus Chiarraí. Ina chroílár tá Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, mar a bhfuil an dlús is mó de chuideachtaí ó Mheiriceá Thuaidh curtha futhu in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Sna ceithre bliana go deireadh 2018, beidh infheistíocht €40 milliún déanta ag Grúpa na Sionainne i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne le breis agus 500,000 tr. cr. de shaoráidí nua oifige, déantúsaíochta agus trádstórais á sholáthar ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Ar na tionóntaí is déanaí ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne tá Jaguar Land Rover agus Edwards Lifesciences.

Is bailíochtú mór iad na jabanna nua a thabharfaidh seo ar ár gclár infheistíochta a bhfuil torthaí anois air don chuideachta, don réigiún agus, níos tábhachtaí fós, do na daoine sin a bheidh fostaithe in ár saoráidí nua-aimseartha.

Ní haon chomhtharlúint é go bhfuil an fás ar sheirbhísí trasatlantacha an Aerfoirt ann in éineacht le fás láidir i IDE SAM san Iarthar Láir. Go deimhin, rinne gach cuideachta IDE a d'fhógair infheistíochtaí sa réigiún seo le 18 mí anuas at éis Aerfort na Sionainne agus an nascacht a sholáthraíonn sé a lua mar phríomhchúis lena gcinneadh lonnú san Iarthar Láir. Molaimid an ÚFT as ucht a gcuid oibre maidir le hÉire a chur chun cinn agus cuideachtaí IDE a thabhairt anseo agus táimid ag tnúth le comhpháirtíocht níos dlúithe fós a thógáil sna blianta atá romhainn.



> "TÁ CÚRSA UAILLMHIANACH LEAGTHA ROIMHE AG AN NGRÚPA, LE HINFHEISTÍOCHT LÁIDIR Á DHÉANAMH INÁR NGNÓ LE TUILLEADH FÁIS A THIOMÁINT SNA BLIANTA AMACH ANSEO"



# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN *(Ar lean)*

## MAOIN TRÁCHTÁLA NA SIONAINNE
(Ar lean)

Tá ár gclár infheistíochta i riocht lena chinntiú go mbíonn réitigh réadmhaoine ar ardchaighdeán ar na bacáin againn le freastal ar an éileamh leanúnach ó chuideachtaí IDE. Ar na tionscadail reatha áirítear bloc oifige Grád A 56,000 tr. cr. agus aonad ard-déantúsaíochta 33,000 tr. cr. a thógáil; an chéad Starbucks carrsheirbhíse i bPoblacht na hÉireann a fhorbairt; críochnú athfhorbartha ar 100,000 tr. cr. de shaoráidí oifige, innealtóireachta agus trádstórais; agus oscailt an Mhol Tairsí, an oifig seirbhíse agus an tairiscint oibre comhionaid is déanaí san Iarthar Láir.

Toisc a fheabhas a d'éirigh leis an gclár infheistíochta tosaigh, tá luasghéarú á dhéanamh ag Maoin Tráchtála na Sionainne anois ar an gcéad chéim eile de chlár athfhorbartha níos leithne a dhéanfaidh athrú ó bhonn ar áit bhreithe Limistéir Neamhchustaim na Sionainne agus réitigh réadmhaoine tráchtála den scoth a sholáthar do chuideachtaí ar mhian leo bunáit san AE a bhunú i ndiaidh Brexit. Creidimid go bhfuil na nithe cearta i réigiún an Iarthair Láir le hinfheistíocht nua a mhealladh i ndiaidh Brexit.

## IASC

Is sa tSionainn atá an bhraisle is mó de chuideachtaí aeraspáis in Éirinn. Is é is cuspóir don Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC) ná acmhainn aeraspáis na hÉireann a fhorbairt agus a chinntiú go mbíonn Éire mar ionad lárnach domhanda don tionscal eitlíochta. Tá áthas orainn go bhfuil forbairt an tionscail aeraspáis aitheanta mar cheann de na tosaíochtaí sa Phlean Gníomhaíochta do Jabanna san Iarthar Láir. Tá braisle IASC tar éis fás ó 45 go dtí beagnach 60 cuideachta ó 2013, le hacmhainn shuntasach fáis sa todhchaí.

I 2017, sheolamar saoráid ghoir an Mhol Tairsí do ghnólachtaí nuathionscanta ag an rannóg nua-ainmnithe Gateway West ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. In éineacht leis an gclár luasghéaraithe 'Propeller Shannon', atá ann i gcomhpháirt le Ryan Academy DCU, Boeing agus Datalex, tá timpeallacht an-tarraingteach anois againn do chuideachtaí nua a theacht chun cinn laistigh de bhraisle eitlíochta na Sionainne atá ag fás.

## OIDHREACHT NA SIONAINNE

Tá Oidhreacht na Sionainne ar an oibrí tráchtála is mó in Éirinn maidir le hionaid turasóireachta oidhreachta, le cúiseanna á dtabhairt do thurasóirí le filleadh ar Éirinn.

Tá a cumas cuairteoirí a mhealladh chuig an réigiún mar thiománaí tábhachtach don earnáil turasóireachta, ag giniúint 253,000 iostas oíche go bliantúil, le fostaíocht a bhfuil an-ghá leis á sholáthar ag an earnáil i gceantair tuaithe.

Déanann an Chuideachta bainistiú ar nithe is díol spéise do chuairteoirí ag a tionscadal suaitheanta Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i gCo. an Chláir agus Caisleán an Rí i Luimneach. Tá leas aici freisin in Aillte an Mhothair agus Ionad Oidhreachta Áth Dara, chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar dhá ionad i mBaile Átha Cliath: Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde agus ionad cuairteoirí GPO Witness History in Ard-Oifig an Phoist.

Chuir Oidhreacht na Sionainne fáilte roimh os cionn 887,300 cuairteoir chuig a hionaid do thurasóirí i 2017. Bhí fás ar líon na dturasóirí ag gach ionad i rith na bliana, ach amháin GPO Witness History, a raibh éileamh eisceachtúil air i 2016 le comóradh céad bliain á dhéanamh ar 1916.

Tá pleananna uaillmhianacha again d'Oidhreacht na Sionainne agus leanfar le puanann ár n-ionad tarraingteach a fhorbairt agus a fhás. Le cúig bliana anuas tá €5 milliún infheistithe againn inár suíomhanna.

D'fhonn líon na dturasóirí a fhás is gá dúinn cúiseanna iontacha a sholáthar do dhaoine le teacht go hÉirinn. Táimid tiomanta, i gcomhpháirtíocht le príomh-ghníomhaireachta mar Fháilte Éireann, infheistíocht mhór a dhéanamh in Oidhreacht na Sionainne sna blianta atá romhainn agus tairiscint láidir turasóireachta a fhás.

Táimid chun teacht i dtír ar ár neart agus ár saineolas le punann ár n-ionad oidhreachta a mhéadú agus féachaint ar bhealaí nuálacha le heispéiris a gcuimhneofaí orthu a sholáthar dár gcustaiméirí. Ag an am gcéanna tuigimid go maith an fhreagracht atá orainn na suíomhanna stairiúla a bhíonn á mbainistiú a choimeád agus a chaomhnú.

## ACMHAINN NA TODHCHAÍ A BHAINT AMACH

Tá Grúpa na Sionainne i riocht ar leith le leanúint le feidhmiú mar chatalaíoch ar fhás eacnamaíoch sna blianta atá romhainn. Leagann ár bplean gnó agus airgeadais cúig bliana don tréimhse síos an bhunchloch maidir le fás leanúnach ar líon na bpaisinéirí agus feabhas ar nascacht ag Aerfort na Sionainne, chomh maith le méadú tapaidh ar ár rannóga maoine tráchtála agus oidhreachta agus ar bhraisle IASC.

Le forfheidhmiú ár bplean cúig bliana tiocfaidh méadú substaintiúil ar thionchar eacnamaíoch an Ghrúpa sna blianta atá le teacht agus ceadóidh sé dúinn leanúint lenár ról mar inneall riachtanach eacnamaíoch le todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a thógáil do phobal ár réigiún.

Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos again dúinn féin agus níl aon leithscéal á ghabháil agann as sin. Le leas iomlán a cheadú as príomhshócmhainní eacnamaíocha réigiúnacha Ghrúpa na Sionainne tá sé tábhachtach go ndéanfaí ailíniú ar ár n-infheistíocht agus ár bpleananna fáis le forfheidhmiú an Chreat Náisiúnta Pleanála. Chuige sin tá gá againn le tacaíocht ár bpáirtithe leasmhara.

I dteannta a chéile, is féidir go mbeadh tionchar ceart againn ar shaol agus rachmas gach uile dhuine atá ina chónaí agus ag obair sa réigiún.

## TÁ COMHOIBRIÚ RIACHTANACH

Is trí thoimantas na bhfostaithe ar fud Ghrúpa na Sionainne atá an oiread sin bainte amach again in achar chomh gearr. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, ach go háirithe, le m'fhoireann bainistíochta agus ár bhfostaithe uile as ucht a dtiomantas, a ndúthracht agus as ucht a ndéanann said gach uile là.

Tá méadú ar mhothú fuinnimh inár réigiún, atá spreagtha ag fógraí maidir le dea-phostanna agus pleananna infheistíochta uaillmhianacha. Tá sé tábhachtach go leanfaí le tógáil ar an móiminteam seo. Tá an-tábhacht leis an infheistíocht i gconair an Atlantaigh ó Ghaillimh, tríd an tSionainn, Luimneach, Ciarraí agus ar aghaidh chuig Corcaigh maidir le réigiún bríomhar eacnamaíoch a fhorbairt le teacht leis an bhfás ar chósta thoir na hÉireann.

Beidh níos mó comhoibrithe agus tiomantais á éileamh againn ar na príomh-pháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí – is láidre sinn i dteannta a chéile. Tá leas á bhaint againn cheana féin as na comhpháirtíochtaí a bunaíodh le ÚFT agus Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann, na Comhairlí Cathrach agus Contae, na Comhlachais Tráchtála ar a n-áirítear an American Chamber of Commerce Ireland, ár gcoláistí tríú leibhéal agus leis an bpobal gnó. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo as ucht a dtacaíocht i rith na bliana agus táim ag tnúth le tógáil ar an gcomhchaidreamh láidir oibre atá eadrainn.

Creidimid go gcruthaíonn réigiúin agus cathracha réigiúnacha láidre geilleagar náisiúnta a bhíonn láidir agus trí oibriú le chéile is féidir linn, agus déanfaimid, difríocht cheart.

**Matthew Thomas**

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*






## Feidhmíocht Airgeadais 2017 Ghrúpa na Sionainne

**LÁIMHDEACHAS €72.2 Milliún**
**méadú de 7.4%**

**PAISINÉIRÍ**
**1.75 Milliún**

**BRABÚS ROIMH CHÁIN**
**€8.9 Milliún**
**méadú de 22.5%**

**CAITEACHAS CAIPITIÚIL**
**os cionn €34 Milliún**

**IONAID OIDHREACHT NA SIONAINNE**
**os cionn 887,300 cuairteoir**

## FORBHREATHNÚ AIRGEADAIS

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **72,239** | 67,231 |
| **Brabús oibriúcháin mar a tuairiscíodh (i ndiaidh míreanna eisceachtúla)** | **9,081** | 7,093 |
| Gnóthachain athluachála réadmhaoine infheistíochta | **(4,604)** | (4,513) |
| Ioncam/costas eile (ar a n-áirítear gnóthachain/caillteanais ar shócmhainní a chur de láimh) | **(1,159)** | (253) |
| Míreanna eisceachtúla ^ | **636** | 1,334 |
| **Brabús oibriúcháin coigeartaithe** | **3,954** | 3,661 |
| Dímheas agus amúchadh | **5,375** | 3,916 |
| **EBITDA (roimh mhíreanna eisceachtúla agus athluacháil réadmhaoine infheistíochta)** | **9,329** | 7,577 |

^ Féach leathanach 69 maidir le sonraí ar mhíreanna eisceachtúla

# INFHEISTÍOCHT D'FHÁS - 
## FREASTAL AR ÁR NGEALLTANAS INFHEISTÍOCHTA

Le linn 2017 lean Ghrúpa na Sionainne lena bpleananna uaillmhianacha infheistíochta caipitil a sheachadadh ag a trí chuideachta. D'infheistigh an Grúpa os cionn €34 milliún i réimse tionscadal a ceapadh chun feabhas a chur ar tharraingteacht an réigiúin mar áit d'infheistíocht dhúchasach agus IDE agus an ceantar a dhéanamh níos tarraingtí do chuairteoirí.

Tá os cionn 160 cuideachta i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne a fhostaíonn os cionn 7,500 duine agus tá clár forbartha Mhaoin Tráchtála na Sionainne ag cruthú na timpeallachta d'éiceachóras ardteicneolaíochta san Iarthar Láir agus barrfheabhsú á dhéanamh ar luach ár sócmhainní réadmhaoine is suntasaí.

I ndiaidh an rath a bhí ar an gcéad chlár infheistíochta €21 milliún, tá an chéad chéim eile de phlean Mhaoin Tráchtála na Sionainne, athrú ó bhonn a dhéanamh ar Limistéar Trádála Neamhchustaim na Sionainne, tugtha chun cinn. Mar thoradh ar sin tá luasghéarú le déanamh ar réitigh réadmhaoine úrscothach ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne i 2018 le teacht i dtír ar an éileamh ar mhaoin tráchtála sa réigiún.

Faoi dheireadh 2018, beidh infheistíocht €40 milliún déanta ag Limistear Neamhchustaim na Sionainne agus os cionn 500,000 tr. cr. de shaoráidí uasghrádaithe oifige, déantúsaíochta agus trádstórais tugtha chuig an margadh ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne thar ceithre bliana (2015-2018).

Ar na tionscadail sin i 2017 a bhí: bloc oifigí ceithre urlár 56,000 tr. cr. de Ghrád A ar €10 milliún; ardaonad déantúsaíochta 33,000 tr. cr. ar €4 milliún agus an chéad Starbucks charrsheirbhíse i bPoblacht na hÉireann.

Ag tógáil ar an bhfeachtas le timpeallacht oiriúnach a chruthú do thionsclaíocht, rinne Pat Breen TD, Aire Stáit a bhfuil freagracht ar leith aige i leithTrádála, Fostaíochta, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí, spás fiontraíochta do Mhol Tairsí 6,000 tr cr Mhaion Tráchtála na Sionainne i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, a oscailt go hoifigiúil i mí na Samhna.

Tá an Mol Tairsí tar éis athrú ó bhonn a dhéanamh ar urlár na talún Theach Aerfort na Sionainne, ar déanadh athchóiriú air ar chostas €1 milliún mar spás fiontraíochta agus goir é do thionscnaimh ghnó ó earnálacha éagsúla. Tá suas le 17 oifig seirbhísithe agus 'deasc shealaíochta' ar fáil ag an Mol, a n-áirítear ann freisin spás líonraithe agus seomraí comhdhála, cruinnithe agus oiliúna comhroinnte le hacmhainn fháiltithe agus tacaíochta gnó.

Is ag an Mol a bheidh an clár nuathionscanta ag Propeller Shannon Ionnaithe, bunaithe le forbairt chuideachtaí nuathionscanta na hÉireann agus idirnáisiúnta san earnáil eitlíochta a thiomáint. Baineann sé leas as an éiceachóras aerspáis ar leith d'fhiontraithe mar a bhfuil beagnach 60 cuideachta ag fostú 2,600 duine ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag Grúpa na Sionainne ag Aerfort na Sionainne. Ar na príomhthionscadail a tugadh i gcrích ag Aerfort na Sionainne i 2017 bhí mór-athdhromchlú rúidbhealaigh. Ina theannta sin, leanadh le hobair fhorbartha le feabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí i gcríochfort an aerfoirt le hathchóiriú ollmhór ar na toglanna feidhmiúcháin, ar an siopa Saor ó Dhleacht, ar an mbialann agus ar an mbeár.



1.


2.



3.





**1** I Márta 2017, thosaigh Maoin Tráchtála na Sionainne ag obair ar bhloc oifigí ardsonraíochta €10 milliún ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Beidh ceithre urlár 13,500 tr. cr. sa bhfoirgneamh nua ilfheidhmeach agus tá sé le bheith críochnaithe sa dara ráithe de 2018. Sa phictiúr ag an searmanas iompaithe fóid le tús a chur leis an tionscadal tá (ó chlé): Ray O'Driscoll, Stiúrthóir Bainistíochta, Maoin Tráchtála na Sionainne, an tAire Stáit Pat Breen, TD, Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne agus Matthew Thomas, POF, Grúpa na Sionainne.

**2** I mí Bealtaine, thosaigh Aerfort na Sionainne ar thionscadal €15 milliún, ag fostú 100 jab, le huasghrádú á dhéanamh ar rúidbhealach an aerfoirt, an rúidbhealach is faide in Éirinn ag 3,199 méadar. Rinne an Lagan Ashphalt Group athdhromchlú iomlán ar 2,400 den rúidbhealach. Sa phictiúr ar an rúidbhealach roimh thús na hoibre tá (ó chlé): Niall Maloney, Sitúrthóir Oibríochtaí Aerfoirt, Aerfort na Sionainne, Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne, Brian McManus, Stiúrthóir Lagan Ashphalt agus John O'Leary, Bainisteoir Tionscadail ó Aerfort na Sionainne.

**3** I mí na Nollag, tháinig an chuideachta ábhair aerárthach Jetpower ó SAM i measc an bhraisle eitlíochta atá ag méadú ag an Lárionad Seirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta ("IASC"). Bhunaigh an chuideachta bunáit Eorpach ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Chabhraigh Maoin Tráchtála na Sionainne le Jetpower le foirgneamh 25,000 tr. cr. a fháil ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, le teacht lena straitéis maidir le fás tapaidh. Soláthraíonn an saoráid áis trádstórála agus stórála do pháirteanna innill a chuirtear chun na hEorpa agus ar fud an domhain ansin trí Aerfort na Sionainne. Sa phictiúr (ó chlé) tá: Mark Hadding, CFO Jetpower, Rita Meehan, Feidhmeannach Léasúcháin Réadmhaoine agus Bhraisle Eitlíochta, Maoin Tráchtála na Sionainne, Ray O'Driscoll, Stiúrthóir Bainistíochta ar Mhaoin Tráchtála na Sionainne, Aaron Neff, POF Jetpower agus Michelle Viana, Éadálacha Sócmhainní, Jetpower.

**4** I mí Dheireadh Fómhair, thosaigh na mórdhíoltóirí domhanda caife, Starbucks, ar an gcéad chaifé carrsheirbhíse i bPoblacht na hÉireann. Cruthóidh an fhorbairt seo 15 jab nua ag an ionad nua díolacháin caife. Is é a bheidh i Starbucks Limistéar Neamhchustaim na Sionainne caifé agus áit le teacht le chéile le suíocháin laistigh agus lasmuigh, páirceáil rothar agus caranna, agus ordú agus bailiú carrsheirbhíse caife. Sa phictiúr ag an iompú fóid tá (ó chlé): Ray O'Driscoll, Stiúrthóir Bainistíochta, Mhaoin Tráchtála na Sionainne, Gerry Dillon, Ceannasaí Oibríochtaí & Forbartha, Maoin Tráchtála na Sionainne, Grainne McInerney, Bainisteoir Forbartha Réadmhaoine Maoin Tráchtála na Sionainne agus Tom Collins, Bainisteoir Tionscadail Láithreáin Chonraitheoirí Maloney's.

**5** Sa phictiúr i mí na Samhana ag oscailt oifigiúil an Mhol Tairsí nua ag Teach Aerfoirt na Sionainne i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne tá: Rose Hynes, Cathaoirleach Ghrúpa na Sionainne agus Ray O'Driscoll, Stiúrthóir Bainistíochta Mhaoin Tráchtála na Sionainne.

**6** Thug Aerfort na Sionainne faoi athchóirithe móra i 2017 ar a n-áirítear a Siopa Saor ó Dhleacht íocónach, an chéad siopa saor ó dhleacht ar domhan.


4.



6.



5.

# BUAICPHOINTÍ EITLÍOCHTA 2017

**Ba bhliain í 2017 le comhdhlúthú a dhéanamh ar an bhfás a déanadh sna blianta roimhe sin. Bhí líon foriomlán na bpaisinéirí beagán suas ag 1.751 milliún (+ 0.15%) i gcomparáid le 2016, agus 25% chun tosaigh ar an riocht a bhí ann nuair a tugadh neamhspleáchas d'Aerfort na Sionainne i 2013.**

I rith 2017 bhí an líon ba mhó seirbhísí SAM in Aerfort na Sionainne le 17 bliana anuas, le Norwegian Air International ag seoladh dhá sheirbhís nua chuig SAM chuig Aerfort Idirnáisiúnta Stewart i Nua-Eabhrac agus Providence, Rhode Island. Tabharfaidh an méadú seo acmhainn SAM sa tSionainn go maith os cionn 550,000 suíochán i 2018, le hocht seirbhís chuig seacht aerfort ar chósta thoir SAM.

Cuireadh le tarraingteacht na Sionainne do thaistealaithe trasatlantach le pointe seiceála Réamh-imréitigh AE/SAM nua á thabhairt isteach. Cuireann an tionscnamh sábhála ama deireadh leis an ngá a bhí ag paisinéirí a bhí ag dul chuig SAM dul i scuaine faoi dhó d'imréiteach slándála. Is í an tSionainn an chéad aerfort ar domhan le triail a bhaint as an gcóras ceannródaíoch seo.

**1** I mí Eanáir, d'fhógair Aer Lingus go mbeadh a seirbhís maidine laethúil ón tSionainn go Heathrow ag fágáil níos luaithe ag 7.30am. Tháinig an t-am feabhsaithe áisiúil do ghnó i bhfeidhm ón 26 Márta 2017.

**2** I mí Aibreán, chuir an tSionainn nascacht le mol nua Eorpach nuair a thosaigh Lufthansa leis na chéad eitiltí sceidealaithe riamh ón aerfort chuig Frankfurt. Bhí an tseirbhís ag feidhmiú go seachtainiúil ón 29 Aibreán go dtí 28 Deireadh Fómhair agus sholáthair sí nascacht ó Frankfurt chuig os cionn 200 ceann scríbe ar fud an domhain. Sa phictiúr ag tógáil féinín le marcáil a dhéanamh ar oscailt na seirbhíse tá Declan Power, Ceannasaí Forbartha Eitlíochta, Aerfort na Sionainne le (c-d) Liesellette Schmidt, an Captaen Torsten Adams, Tanja Bartl, Sahar Roos, Andrew Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort na Sionainne agus Isabel Harrison, Bainisteoir B2B, Forbairt Eitlíochta, Aerfort na Sionainne.

**3** I mí Iúil sheol an t-aerlíne ísealchostais Norwegian Air International an chéad sheirbhís riamh ón tSionainn go dtí cósta thoir SAM chuig Stewart International Airport agus T.F Green Airport, ag freastal ar Nua-Eabhrac agus Bostún faoi seach. Sa phictiúr (ó chlé) tá: Andrew Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort na Sionainne, Tore Jenssen, POF, Norwegian Air International, le Aidan Fox 'Uncle Sam' ón tSionainn.

**4** Ar an 1 Lúnasa, sheol Scandinavian Airlines (SAS) seirbhís nua ón tSionainn go dtí Stockholm, ag feidmiú dhá uair sa tseachtain go dtí 7 Deireadh Fómhair. Sa phictiúr ag ceiliúradh tús na seirbhíse nua tá (c-d) Aileen Hickey, Bainisteoir an Réigiúin Nordach, Turasóireacht Éireann, Alan Sparling, Stiúrthóir Bainistíochta ASM, Éire agus Mary Considine, Leas POF, Grúpa na Sionainne.

**5** I mí Lúnasa d'fhógair American Airlines go ndéanfaí méadú ar a sheirbhís ón tSionainn go Philadelphia i 2018, de réir mar atá an t-aerlíne ag tógáil ar an méadú ar éileamh ar eitiltí idir an tSionainn agus a mhol i Philadelphia. Is seirbhís í atá ag fás i gcónaí, le méadú 60% curtha lena hacmhann cheana féin ó 2013. Sa phictiúr ag Aerfort na Sionainne tá Declan Power, Ceannasaí Forbartha Eitlíochta, Aerfort na Sionainne agus Fiona Noonan, American Airlines.

**6** I mí Mheán Fómhair, d'fhógair Air Canada seirbhís nua díreach ón tSionainn chuig Toronto, ag feidmiú ceithre lá sa tseachtain ón 2 Meitheamh go dtí 13 Deireadh Fómhair 2018. Osclaíonn seo deiseanna trádála agus turasóireachta mar ar féidir le paisinéirí nasc a dhéanamh le breis agus 190 ceann scríbe i gcúig ilchríoch. Sa phictiúr ag an bhfógra (sraith chúil ó chlé) tá: Andrew Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort na Sionainne, Matthew Thomas, POF, Grúpa na Sionainne, Kevin Vickers, Ambasadóir Cheanada chun na hÉireann agus an tAire Stáit Pat Breen TD. Sa tsraith tosaigh tá: Declan Power, Ceannasaí Forbartha Eitlíochta, Aerfort na Sionainne agus Blaithin O'Donnell, Bainisteoir Díolachán Air Canada, Éire.

**7** I mí Mheán Fómhair, d'fhógair Ryanair seirbhís nua ag tosú i 2018 chuig Barcelona/Reus. Tabharfaidh an tseirbhís dhá uair sa tseachtain ón 27 Márta go dtí 27 Deireadh Fómhair rochtain dhíreach do phaisinéirí ar na príomhréigiúin saoire sa Spainn, ar a n-áirítear an ceann scribe cathrach a bhfuil an-tóir air san Eoraip, Barcelona. Sa phictiúr tá rinceoir Flamenco Spáinneach ag Aerfort na Sionainne.


1.


2.



3.



4.



5.


6.



7.

# COMÓRADH AR LEAGÁID AN DR BRENDAN O'REGAN



Ar an 15 Bealtaine 2017, rinne Aerfort na Sionainne ceiliúradh ar mhór-gharsprioc stairiúil, le comóradh céad bliain ar an lá a rugadh an Dr Brendan O'Regan, nach maireann, duine de na ceannródaithe eacnamaíochta ab fhearr in Éirinn.

Déanadh ceiliúradh ar shaol agus ar leagáid an Dr O'Regan a bhí ar thús cadhnaíochta i ré nua forbartha geilleagrach in Éirinn, le nochtadh ar dhealbh bhrád agus taispeántas i gcuimhne air ag Arefort na Sionainne ag Rose Hynes, Cathaoirleach Ghrúpa na Sionainne. Ar na haíoanna oinigh bhí baill de theaghlach an Dr O'Regan.

Ba bhunaitheoir é an Dr O'Regan a thóg an dúshraith ar ar tógadh mórán de gheilleagair na Sionainne, réigiún an Iarthair Láir agus na hÉireann, agus tá toradh sa lá atá inniu ann ar mhórán dá thionscnaíocht. Ba dhuine físeach é, ó Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh, Co. an Chláir, agus is cuí go dtugtar creidiúint don Dr O'Regan as athrú ó bhonn a dhéanamh ar an Iarthar Láir ó bheith ina réigiún a bhí gafa le hainnise i ndiaidh an chogaidh sna 1940dí/'50dí chuig mol ghníomhaíochta eacnamaíochta a bhfuil rath air.

Is feiniméin dhomhanda ar fiú na billion euro mórán dá thionscadail dosháraithe tionsclaíochta agus turasóireachta. Ar na leagáidí is seasmhaí dá chuid ba é bunú an chéad siopa saor ó dhleacht ar domhan ag Aerfort na Sionainne a rinne ceiliúradh ar chomóradh 70 bliain i 2017.

Tháinig ann don choincheap saor ó dhleacht trí sheisiún tobsmaointeoireachta agus ceadaíodh é le faomhadh na Dála ar an Acht um Aerfort Saor ó Dhleacht 1947, le díolúine a thabhairt do phaisnéirí idirthurais agus a bheadh ag eitilt amach, earraí agus aerárthach, ó ghnáth nósanna imeachta custaim. Bhunaigh an reachtaíocht stairiúil seo an tSionainn mar lárionad tionsclaíochta agus dáileacháin idirnáisiúnta agus spreag sí méadú aerthráchta.

Bhí an Dr O'Regan sa riocht leis an smaoineamh a chur i bhfeidhm láithreach le spás curtha ar fáil i gcríochfort an aerfoirt. Fostaíodh Kitty Downes le cuimhneacháin, táirgí líneádaigh na hÉireann agus nithe eile a déanadh go háitiúil a bheadh áisiúil do phaisinéirí trasatlantacha a dhíol ó bhoth beag i gcríochfort an aerfoirt. Déanadh aithris ar choincheap na siopadóireachta saor ó dhleacht go tapaidh in aerfoirt ar fud an domhain.

Ag deireadh na 1950dí rinne sé forbairt ar Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, an chéad Limistéar Neamhchustaim ar domhan, atá ar cheann de na páirceanna gnó ilearnála is mó in Éirinn inniu agus is ann atá an dlús is mó de chuireachtaí ó Mheiriceá Thuaidh in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Úsáideadh Limistéar Neamhchustaim na Sionainne mar mhúnla do na chéad Criosanna Eacnamaíocha Speisialta (SEZ) sa tSín agus ar fud an domhain. Inniu tá timpeall 2,600 Saorlimistéar ar domhan ag fostú breais agus 60 milliún duine.

Chuir an Dr O'Regan go mór le turasóireacht na hÉireann agus bhí sé laistiar den athrú ó bhonn ar roinnt de na caisleáin mheánaoiseacha mar phríomháiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu, ina measc bhí Caisleáin Bhun Raite, na Cnapóige agus Dhún Guaire, ar bunaíodh Oidhreacht na Sionainne dá bharr i ndeireadh thiar – an tionscnóir tráchtála turasóireachta is mó in Éirinn. Rinne sé forbairt ar Choláiste na Sionainne do Bhainistíocht Óstán a bhfuil cáil dhomhanda anois air. Tá cuid de na hóstlannaithe is mó le rá ar domhan ar chéimithe an choláiste a bhfuil iomrá idirnáisiúnta air.

Bhí sé mar thiománaí go luath sna 1960dí ar fhorbairt an bhaile ba nuaí in Éirinn ag an am, Sionainn, a bhfuil daonra beagán faoi bhun 10,000 duine inniu ann.

B'fhear athbheochana é an Dr O'Regan, ceannródaí ar fhorbairt réigiúnach, é carasmatach agus gnaíúil – a thug díograis agus diongbháilteacht chuig gach ní a rinne sé. Tháinig an brí 'Bash on Regardless' lena inisealacha "BOR" sa tSionainn. Chonaic sé deiseanna seachas srianta agus bhí tionchar ollmhór ag a chumas a bheith uaillmhianach ar an saol in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

## OIDHREACHT AN DR BRENDAN O'REGAN





"MÁ LEANANN TÚ ORT AG CNAGADH AR AN DORAS, OSCLÓIDH AN DORAS. ÉIREOIDH LEAT DUL ANN, NÍ AR DO CHONLÁN FÉIN, ACH IN ÉINEACHT LEIS NA DAOINE EILE I DO THIMPEALL"

An Dr Brendan O'Regan





# An Domhan i mBéal an Dorais Agat

Is aerfort neamhspleách é Aerfort na Sionainne a oibríonn seirbhís 24 uair an chloig gan aon chuirfiú, sliotáin ná srianta ar thorann agus tá sé suite idir an tríú agus an ceathrú cathair is mó in Éirinn. Is í an tSionainn an t-aon aerfort in Éirinn a dhéanann saoráidí réamh-imréitigh SAM a thairiscint d'aerárthaí tráchtála agus príobháideacha araon.

PAISINÉIR

GNÓ

LASTAS

**www.shannonairport.ie**

## LE ROCHTAIN LAETHÚIL Á SHOLÁTHAR AG AERFORT NA SIONAINNE AR SAM, AN RA AGUS AR AN EORAIP, TÁ SÉ MAR PHRÍOMHTHIOMÁNAÍ EACNAMAÍOCH AG AN RÉIGIÚN A SHÍNEANN ÓN DEISCEART GO DTÍ IARTHUAISCEART NA HÉIREANN.

Is cuideachta aerfoirt idirnáisiúnta é Údarás Aerfort na Sionainne a sholáthraíonn nascacht ar fud an domhain dá chustaiméirí. Is tairseach dhomhanda é freisin ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar chósta thiar na hÉireann.

Le breis agus 270 fostaí ag buaic an tséasúir, is é príomhchúram na Cuideachta ná bainistiú a dhéanamh ar Aerfort na Sionainne ó lá go lá. Ina chroílár seo tá a thiomantas oibríocht aerfoirt slán, sábháilte a sholáthar a bhíonn dírithe ar chustaiméirí. Baintear seo amach tríd a thiomantas a sheirbhísí a sholáthar de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr agus dea-chleachtas a sholáthar.

Tá timpeall 855 heicteár talún i gcampas an aerfoirt a n-úsáidtear 493 heicteár acu d'fheidhmiú an aerfoirt. Tá a fheirm stórála breosla féin aige le córais soláthair hiodraint agus a háiseanna soláthair uisce féin.

Ag 3,199 méadar ar fhad, tá an rúidbhealach is fide in Éirinn ag an aerfort agus é in ann gach cineál aerárthaigh a láimhseáil. Tá seirbhís dóiteáin agus tarrthála á feidhmiú ag Aerfort na Sionainne chuig Catagóir 9. Feidhmíonn an t-aerfort seirbhís 24 uair an chloig gan aon chuirfiú, bearna ná sriantacht torainn.

Osclaíodh an tAerfort go hoifigiúil i 1945 agus dhá bhliain ina dhiaidh sin i 1947 seoladh an tSionainn Saor ó Dhleacht, an chéad siopa saor ó dhleacht ar domhan. Ceapadh an coincheap Saor ó Dhleacht sa tSionainn agus tá sé anois in thionscal na billion dollar ar fud an domhain, le hoibríochtaí saor ó dhleacht i mbeagnach gach cearn den domhan.

Bhí an tSionainn ar an gcéad aerfort san Eoraip a rinne saoráidí Réamh-imréitigh US CBP (custaim agus inimirce) a thairiscint do sheirbhísí sceidealaithe. Bhí sé ar an gcéad aerfort ar domhan freisin a rinne saoráidí réamh-imréitigh US CBP a thairiscint do scairdeitleáin ghnó, agus is é an t-aon aerfort san Eoraip agus sa Mheánoirthear a dhéanann a leithéid de sheirbhísí a thairiscint do scairdeitleáin ghnó.

Le rochtain laethúil á sholáthar ag Aerfort na Sionainne ar SAM, an RA agus ar an Eoraip, tá sé mar phríomhthiománaí eacnamaíoch ag an réigiún a shíneann ón deisceart go dtí iarthuaisceart na hÉireann. I 2017, rinne an t-aerfort déileáil le os cionn 1.75 milliún paisinéir, ar mhéadú 25% é ar líon na bpaisinéirí ó 2013. Bhí os cionn 19,296 gluaiseacht tráchtála chríochfoirt i 2017 agus is féidir leat eitilt ón tSionainn chuig os cionn 31 ceann scríbe i 12 tír.

Tá an t-aerfort tiomanta feabhas a chur ar áiseanna sa bhreis ar riachtanais na bpaisinéirí. Ó 2013, tá an t-aerfort tar éis os cionn €37 milliún a infheistiú i bhfeabhsú éagsúil. I 2017 lean sé lena mhórchlár infheistíochta laistigh de champas an aerfoirt le méadú €17 milliún ar ar áiríodh mór-uasghrádú athdhromchlaithe ar rúidbhealach an aerfoirt, ionaid nua díolacháin bia agus beár agus dreach nua ar an siopa Saor ó Dhleacht.

Tá fócas láidir ar chustaiméirí mar bhunluach ag Aerfort na Sionainne agus i 2017 d'oscail an t-aerfort an chéad seomra céadfaí in aon aerfort san Eoraip dá phaisinéirí le huathachas agus riachtanais speisialta. Ó shin i leith tá an tSionainn mórtasach as a bheith in ann a rá go bhfuil aerfoirt eile tar éis comhairle a lorg orthu maidir lena seomraí céadfaí féin a bhunú.

**Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.shannonairport.ie**

shannon COMMERCIAL PROPERTIES



# Fáilte chuig Limistéar Neamhchustaim na Sionainne

Is anseo atá an bhraisle is mó de chuideachtaí IDE in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

FORBAIRT RÉADMHAOINE

DÍOLACHÁIN & LÉASÚ

BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ

PÁIRCEANNA TEICNEOLAÍOCHTA

**www.shannonproperties.ie**



shannon COMMERCIAL PROPERTIES

## BEIDH MAOIN TRÁCHTÁLA NA SIONAINNE TAR ÉIS OS CIONN 500,000 TR. CR. DE SHAORÁIDÍ OIFIGE, INNEALTÓIREACHTA AGUS TRÁDSTÓRAIS NUA NÓ UASGHRÁDAITHE A SHOLÁTHAR I LIMISTÉAR NEAMHCHUSTAIM NA SIONAINNE FAOI DHEIREADH 2018.

Is cuideachta forbartha maoine atá dírithe ar bhonn tráchtála é Maoin Tráchtála na Sionainne, le bainistiú agus forbairt á dhéanamh ar phunann fhairsing réadmhaoine i réigiún níos leithne na Sionainne.

Is leis an gCuideachta, agus déanann sí bainistiú ar cheann de na punanna réadmhaoine is mó in Éirinn, le hocht bpáirc ghnó agus teicneolaíochta, os cionn 2 mhilliún tr. cr. de spás foirgnimh, os cionn 200 foirgneamh agus breis agus 1,500 acra de thalamh forbartha i 15 príomhláthair ar fud chontaetha an Chláir, Luimnigh, Thiobraid Árann agus Chiarraí.

Orthu seo tá Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, ceann de na páirceanna gnó ilearnála is mó in Éirinn, ina bhfuil an líon is mó de chuideachtaí ó Mheiriceá Thuaidh in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Is ann atá 160 cuideachta ag fostú os cionn 7,500 duine, le Limistéar Neamhchustaim na Sionainne ar cheann de shócmhainní lárnacha an réigiúin agus mórchlár infheistíochta €40 milliún ar siúl faoi láthair a thabharfaidh ard-déantúsaíocht suntasach, saoráidí stórála agus réitigh spáis oifige nua le tacú le feachtas faoi threoir an ÚFT agus Fiontraíocht Éireann maidir le hinfheistíocht isteach sa réigiún. Is i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne freisin atá braisle de 60 cuideachta eitlíochta agus earaspáis a bhfuil aitheantas domhanda acu. Ar na hearnálacha eile sa pháirc ghnó áirítear ICT, cógaisíocht, seirbhísí airgeadais, innealtóireacht, déantúsaíocht agus lóistíocht.

Baineann punann na Cuideachta le foirgnimh oifige den scoth agus páirceanna teicneolaíochta il-ligin, le hinnealtóireacht, déantúsaíocht, saoráidí stórála agus saoráidí lóistíochta. Ina theannta sin, tá punann ag Maoin Tráchtála na Sionainne de láithreáin atá seirbhísithe go hiomlán atá ar fáil le díol agus le forbairt. Oibríonn an Chuideachta leis an aerfort agus leis an Lárionad do Sheirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC) le pleanáil de riachtanais fhorbartha na heitlíochta sa todhchaí.

Is é atá i gceist le clár infheistíochta reatha na Cuideachta ná aonaid ard-déantúsaíochta de Ghrád A agus bloic oifige a thógáil chomh maith le huasghrádú a dhéanamh ar chuid de na sócmhainní lárnacha atá ann. Ar na tionscadail atá ar bun nó atá críochnaithe ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne áirítear:

- Athfhorbairt 80,000 tr cr roinnte i gceithre aonad oiriúnach d'oifigí, innealtóireacht agus saoráidí stórála
- Bloc oifige nua 56,000 tr cr de Ghrád A
- Aonad nua 33,000 tr cr Déantúsaíochta Ardteicneolaíochta
- Athchóiriú ar Theach Aerfort na Sionainne, ina bhfuil an Mol Táirsí, an oifig seirbhísithe is déanaí san Iarthar Láir agus tairiscint oibre comhionaid agus cothaithe fiontar do ghnólachtaí nuathionscanta
- Athchóiriú ar Universal House, bloc oifige 15,000 tr cr.
- Tógáil na bialainne carrsheirbhíse ag Starbucks.

D'fhonn seo a chur i gcomhthéacs, don tréimhse 2015 go dtí 2018, beidh Maoin Tráchtála na Sionainne tar éis os cionn 500,000 tr cr de shaoráidí oifige, innealtóireachta agus trádstórais nua nó uasghrádaithe a sholáthar i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.

Cuireann seo taca faoi fhostaíocht sa réigiún leis an gcineál áiseanna a bhíonn á n-éileamh inniu ag na mórchuideachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta agus a chabhróidh le ÚFT na hÉireann agus le Fiontraíocht Éireann gnó agus jabanna nua a mhealladh chuig an aerfort agus Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.

Tá roinnt mórbhuntáistí ag baint le réigiún na Sionainne mar cheantar gnó, ar a n-áirítear aerfort idirnáisiúnta le neart talún chun forbartha in aice láimhe. Is ionann cúlsoláthar talún Aerfort na Sionainne agus Limistéar Neamhchustaim na Sionainne agus 1,100 heicteár eatarthu agus i dteannta a chéile is sócmhainn iontach chun forbartha atá iontu.

In éineacht leis an timpeallacht an-iomaíoch agus inacmhainne seo, leis na hinstitiúidí tríú leibhéal atá an-láidir i mbéal an dorais i Gaillimh agus i Luimneach, láthair iontach ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin, le haerfort idirnáisiúnta ina chroílár, tá gach uile ní ann le bheith ina áit iontach le cónaí, le hoibriú agus le ham saor a chaitheamh ann.

**Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.shannonproperties.ie**



# Is anseo atá Eitlíocht & Aeraspás in Éirinn

## An Lárionad do Sheirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta

AG CABHRÚ LE COMHLACHTAÍ AERASPÁIS

FORBAIRT AR BHRAISLE EITLÍOCHTA

**www.iasc.aero**





## IS TIONSCAL DOMHANDA ATÁ SA TIONSCAL EITLÍOCHTA AGUS TÁ SÉ AG FÁS GO TAPAIDH. TÁ ÉIRE MAR MHÓRIONAD DOMHANDA CHEANA FÉIN MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ EITLÍOCHTA, GO HÁIRITHE LÉASÚ AERÁRTHAÍ.

Is aonad straitéiseach gnó atá sa Lárionad do Sheirbhísí Eitlíochta Idirnáisiúnta (IASC) laistigh de Ghrúpa na Sionainne a oibríonn le Maoin Tráchtála na Sionainne agus a bhfuil cúram air tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbraisle eitlíochta atá dea-bhunaithe sa tSionainn. Cabhraíonn IASC leis na cuideachtaí aeraspáis atá lonnaithe anseo a ngnó a fhorbairt, chomh maith le hoibriú le ÚFT na hÉireann agus Fiontraíocht Éireann agus iad ag obair le cuideachtaí nua a thabhairt chun na Sionainne.

Is tionscal domhanda atá sa tionscal eitlíochta agus tá sé ag fás go tapaidh. Tá Éire mar mhórionad domhanda cheana féin maidir le gníomhaíochtaí eitlíochta, go háirithe léasú aerárthaí. Is leagáid GPA atá anseo den chuid is mó, ar chuideachta léasaithe ceannródaíoch é a bunaíodh sa tSionainn sna 1970dí.

Tá IASC tiomanta an bhraisle eitlíochta sa tSionainn a fhás ag teacht leis an bPolasaí Náisiúnta Eitlíochta. Agus seo á dhéanamh táthar ag súil leis go mbeidh páirt aige i bhforbairt acmhainne aeraspáis na hÉireann agus lena chinntiú go bhfanann an tír i gcroílár an tionscail eitlíochta domhanda.

Inniu tá beagnach 60 comhlacht aeraspáis bunaithe sa tSionainn agus mórthimpeall, ag fostú timpeall 2,600 duine. Is é uaillmhian agus mandáid IASC tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo, le braisle eitlíochta a chruthú sa tSionainn a mbeadh aitheantas domhanda aige, le speisialtóireacht i réimsí mar léasú, cothabháil, athchúrsáil aerárthach, eitlíocht ghnó agus déantúsaíocht agus deisiú chomhpháirteanna.

Ar na cuideachtaí is déanaí a tháinig chuig an mbraisle eitlíochta ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne i 2017 bhí: Jetpower Aircraft Materials Limited ("Jetpower"), cuideachta ábhar aerárthach ó SAM, a bhunaigh bunáit san Eoraip; A-techSYN Ltd, cuideachta nuálach T&F atá bainteach le forbairt Aerfheithicil Gan Foireann (UAV) le sciatháin dhobhogtha, agus Camtronics MRO Europe, fochuideachta den chuideachta deisithe chomhpháirteanna aerárthach SAM Camtronics Aviation Group.

I ndiaidh do Mhaoin Tráchtála na Sionainne an Mol Tairsí a sheoladh ag Teach Aerfort na Sionainne i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne i mí na Samhna 2017, sheol IASC, i gcomhpháirt le hAcadamh Ryan d'Fhiontraithe DCU, Boeing, Datalex agus Fiontraíocht Éireann "Propeller Shannon", ar chlár luasghéaraithe do ghnólachtaí nuathionscanta eitlíochta agus aerspáis é. Ceapadh an clár le tiomáint a dhéanamh ar Éire nuálach agus cuideachtaí nuathionscanta idirnáisiúnta a fhorbairt san earnáil eitlíochta, le deiseanna a sholáthar dóibh leas a bhaint as an éiceachóras aerspáis ar leith as ar eascair braisle eitlíochta ag Limistéar Neamhchustaim na Sionainne.

**Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.iasc.aero**



# Scéalta ar Stair agus ar Mhiotas

Tá Oidhreacht na Sionainne ar cheann de na hoibreoirí is mó in Éirinn ar nithe oidhreachta is díol spéise do thurasóirí, mar a bhfuil sé chaisleán agus nithe éagsúla le daoine a mhealladh i rith an lae agus istoíche sa Chlár, i Luimneach, sa Ghaillimh agus i mBaile Átha Cliath.

| | |
|---|---|
| CAISLEÁN & DAONPHÁIRC BHUN RAITE | CAISLEÁN AN RÍ |
| CREAGÁN EOGHAIN – STAIR BHEO | CAISLEÁN DHÚN GUAIRE |
| CAISLEÁN CHNAPÓIGE | GPO WITNESS HISTORY |
| CAISLEÁN & GAIRDÍNÍ MHULLACH ÍDE | |





shannon HERITAGE

## TÁ CUMAS OIDHREACHT NA SIONAINN CUAIRTEOIRÍ A MHEALLADH CHUIG AN RÉIGIÚN MAR THIOMÁNAÍ TÁBHACHTACH D'EARNÁIL NA TURASÓIREACHTA.

Tá Oidhreacht na Sionainne ar cheann de na hoibreoirí is mó in Éirinn ar nithe oidhreachta is díol spéise do thurasóirí, mar a bhfuil sé chaisleán agus nithe éagsúla le daoine a mhealladh i rith an lae agus rogha maidir le siamsaíocht istoíche sa Chlár, i Luimneach, sa Ghaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Déanann an Chuideachta bainistiú ar eispéireas chuairteoirí atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda, agus méadú á dhéanamh ar a punann nithe a mheallann daoine agus ag cur le héiceachóras turasóireachta eacnamaíochta go háirithe in Iarthar na hÉireann.

Déanann an Chuideachta bainistiú ar sé ionad is díol spéise do chuairteoirí i gcaitheamh an lae ar a n-áirítear a tionscadal suaitheanta Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i cCo. an Chláir agus Caisleán an Rí i Luimneach ar léi iad agus a ndéanann sí bainistiú orthu. Tá leas aici freisin i mórán suíomhanna eile do thurasóirí mar Aillte an Mhothair agus Ionad Oidhreachta Áth Dara, mar a ndéanann an Chuideachta oibríochtaí miondíola a bhainistiú. Déanann sí bainistiú freisin ar dhá láthair i mBaile Átha Cliath: Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde, agus ionad cuairteoirí Witness History in Ard-Oifig an Phoist.

Bhí Oidhreacht na Sionainne ar cheann de na chéad chuideachtaí in Éirinn a rinne forbairt agus rith ar nithe oidhreachta is díol spéise agus ar shiamsaíocht istoíche. Ag tosú leis an gcéad fleá mheánaoiseach i gCaisleán Bhun Raite i 1963, tá punann na Cuideachta maidir le nithe is díol spéis tar éis fás thar na blianta le pleananna uaillmhianacha ann leanúint le suíomhanna nua a fháil i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara seachtracha.

Tá leagáid marthanach fágtha ag spiorad nuálach na laethanta tosaigh sin. Tá rath leanúnach Chaisleán Bhun Raite agus a fleánna meánaoiseacha tar éis feidhmiú mar eiseamláir, ar déanadh aithris uirthi, ach nár sáraíodh, in áiteanna eile ar fud an domhain. Tá Oidhreacht na Sionainne tiomanta eispéireas iontach a chruthú do chuairteoirí le seirbhís do chustaiméirí ó fhoireann tiomanta, agus oidhreacht na hÉireann á cur i láthair ar bhealach spreagúil agus uathúil.

Chuir Oidhreacht na Sionainne fáilte roimh os cionn 887,300 cuairteoir chuig a hionaid do thurasóirí i 2017.

Bíonn beagnach 350 duine fostaithe ag ionaid Oidhreacht na Sionainne ag buaic an tséasúir turasóireachta, a mbíonn dea-thionchar eacnamaíochta aige, chun leasa réimse de ghnólachtaí áitiúla, soláthróirí seirbhíse agus miondlíoltóirí.

Tá cumas Oidhreacht na Sionainn cuairteoirí a mhealladh chuig an réigiún mar thiománaí tábhachtach d'earnáil na turasóireachta, ar phríomhfhostaí i ngeilleagar na tuaithe. Chomh maith le bheith mar fhostaí díreach, spreagann an chuideachta leasa mar fhorthoradh do réimse ghólachtaí san earnáil seirbhíse ar fud an réigiúin.

Nithe is Díol Spéise do Thurasóirí agus Siamsaíocht Istoíche Oidhreacht na Sionainne:

- Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite
- Fleánna Meánaoiseacha Chaisleán Bhun Raite
- Oícheanta Traidisiúnta Gaelacha ag Daonpháirc Bhun Raite
- Caisleán an Rí
- Fleánna Meánaoiseacha Chnapóige
- Creagán Eoghain - Stair Bheo
- Caisleán Dhún Guaire
- Fleánna Chaisleán Dhún Guaire
- Caisleán & Gairdíní Mhullach Íde
- GPO Witness History

**Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.shannonheritage.com**

# CUIREANN GRÚPA NA SIONAINNE FÁILTE ROIMH....

Tá cáil ar Éirinn ar fud an domhain maidir le croíúlacht a fáilte, agus ní lú ná sin sa tSionainn é mar go bhfuil ballaí an aerfoirt clúdaithe le grianghrafanna de cheannairí domhanda, de laochra, reálta scannán agus daoine móra le rá ar cuireadh fáilte croíúil rompu i gcaitheamh na mblianta. I rith 2017, lean Grúpa na Sionainne leis an traidisiún seo agus chuir fáilte roimh slua daoine, ar a raibh:

**1** I mí na Samhna, tháinig an spásaire is cáiliúla ar domhan sa lá atá inniu ann, Chris Hadfield, isteach chuig Aerfort na Sionainne. Thug Hadfield an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta chuig an gcultúr choiteann i 2013 nuair a sheinn sé sáramhrán David Bowie Space Oddity agus é ag rothlú timpeall an domhain. Tá an-dúil ag an spásaire is iniúla i gCeanada in Éirinn agus chuir Rose Hynes, Cathaoirleach Ghrúpa na Sionainne agus gasóga ón 1ú Gasóga Sionainne an Chláir fáilte ó chroí roimhe sa tSionainn.

**2** Bhí spiorad na féile thar barr ag Aerfort na Sionainne i mí na Nollag nuair a d'fhill Joy Neville abhaile chuig mórfháilte lena duais mar Réiteoir Chorn Domhanda Rugbaí ina glaic. Chruthaigh Neville, a d'imir 70 uaire d'Éirinn, stair rugbaí ag searmanas ceiliúrtha Dhuaiseanna Chorn Domhanda Rugbaí i Monaco toisc gurbh í an chéad bhean a bhain an duais amach. Tá Joy sa phictiúr lena bean chéile Simona tar éis di teacht dá heitilt.

**3** Tá John Burke sa phictiúr lena bhean chéile Aoibhín ag Aerfort na Sionainne mar ar cuireadh fáilte an ghaiscígh roimhe nuair a d'fhill sé sa Bhealtaine tar éis dó a uaillmhian le bheith ar an gcéad fhear as Contae an Chláir ar éirigh leis dul chuig barr Everest a bhaint amach.

**4** I mí Meitheamh, cuireadh le dlúchaidreamh na Sionainne leis an tSín nuair a bhí cruinnithe ag duine de na polaiteoirí is tábhachtaí sa dara geilleagar is mó ar domhan an tUasal Hu Chunchua, le ceannairí tionsclaíocha an réigiúin le féachaint ar chomhdheiseanna gnó. Sa phictiúr leis an Uasal Hu tá Rose Hynes, Cathaoirleach, Grúpa na Sionainne.

**5** Cuireadh fáilte roimh imreoirí rugbaí na Mumhan chuig Aerfort na Sionainne i mí Lúnasa, nuair a d'aontaigh an t-aerfort a bheith mar 'Chomhpháirtí Aerfoirt Oifigiúil' ag Rugbaí na Mumhan, i socrú urraíochta trí bliana. Déanann an chomhpháirtíocht an caidreamh seanbhunaithe idir an cúige agus an tSionainn a chur ar bhonn foirmiúil, leis an aerfort a bheith tar éis óstáil a dhéanamh ar chuid de na turasanna abhaile ba mhó le rá i gcaitheamh na mblianta, agus go háirithe i ndiaidh dóibh an bua a fháil i gCraobhchomórtas na hEorpa i 2006 agus 2008. Sa phictiúr ag fáil roinnt traenála ar an toirt le linn an fhógra ag Aerfort na Sionainne tá imreoirí na Mumhan Keith Earls, Dan Goggin agus Conor Murray.

**6** Rinne Aerfort na Sionainne urraíocht arís ar Fhleadh Cheoil na hÉireann in Inis. Rinne réalt 'Lord of the Dance' Michael Flatley an imeacht a oscailt go hoifigiúil i mí Lunasa. Taispeáineann ár bpictiúr Mary Considine, Leas POF, Grúpa na Sionainne, ag cur fáilte na Sionainne roimh Michael nuair a chuaigh sé ar stáitse Fly Shannon i Sráid na Mainistreach, Inis roimh an oscailt oifigiúil.

**7** I mí Mheán Fhómhair chuir Andrew Murphy, Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort na Sionainne, le tacaíocht ó réalt iomána na Gaillimhe Joseph Cooney, fáilte roimh oscailt an mhótarbhealaigh M18 An Gort go Tuaim a thugann an tSionainn agus Gaillimh níos cóngraí dá chéile toisc go ndéantar leath den ama taistil ó áiteanna sa Ghaillimh chuig an aerfort. Gan ach puc liathróide eadarainn!

**8** Bhí grúpa blagálaithe taistil ó ar fud an domhain mar aíonna ag Oidhreacht na Sionainne ag Caisleán an Rí i Luimneach agus Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i gContae an Chláir i mí Dheireadh Fómhair. Sa phictiúr ag cur fáilte rompu chuig Caisleán an Rí tá (an dara duine ó chlé): Niall O'Callaghan, Stiúrthóir Bainistíochta, Oidhreacht an Sionainne, Fiona Kilderry, Oidhreacht na Sionainne, Bainisteoir Oibríochtaí, Caisleán an Rí, Luimneach agus (i bhfad ar dheis) Nandi O'Sullivan, Ceannasaí Cumarsáide, Grúpa na Sionainne.


1.


2.



3.



4.


5.


6.



7.


8.

# BORD STIÚRTHA GHRÚPA NA SIONAINNE CPT

**1. ROSE HYNES, CATHAOIRLEACH**
Ceapadh Rose Hynes mar Chathaoirleach ar Bhord Ghrúpa na Sionainne nuair a déanadh ionchorprú air ar an 29ú Lúnasa 2014. Tá sí mar chathaoirleach ar Fhochoiste Íocaíochta agus ar Fhochoiste Réadmhaoine agus Infheistíochta Ghrúpa na Sionainne. Ceapadh ar Bhord Údarás Aerfort na Sionainne í mar Chathaoirleach Ainmnithe i mí na Samhna 2012 agus mar Chathaoirleach i mí Eanáir 2013. Tá Rose ina Cathaoirleach freisin ar Origin Enterprises plc agus ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar chuideachtaí eile in earnálacha éagsúla ar a n-áirítear Total Produce plc agus IPL Plastics plc. Ceapadh Rose freisin ar Údarás Rialaithe OL i mí na Nollag 2017. Is dlíodóir í Rose agus í ina ball d'fhoireann ardbhainistíochta GPA le blianta fada. Bhí GPA ar cheann de na léasóirí agus de na hairgeadaithe aerárthach ba mhó ar domhan. Is iarChathaoirleach í freisin ar Bord Gais/Ervia agus iarstiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Bhanc na hÉireann, Fyffes plc agus Aer Lingus. Tá céim sa dlí aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is ó Cho. an Chláir í ó dhúchas.

**2. MATTHEW THOMAS, PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN**
Is é Matthew Thomas POF Ghrúpa na Sionainne agus ceapadh ar Bhord Ghrúpa na Sionainne é ar an 20 Meitheamh 2016. Roimh aistriú chun na Sionainne dó, bhí Matthew bunaithe i Manhattan, i gceannas ar phríobháidiú $4bn ar Aerfort La Guardia ina ról mar Phríomhoifigeach Tráchtála le Vantage Airport Group. Bhí baint aige le formhór na dtríocha tionscadal aerfoirt ag Vantage ar fud ceithre ilchríoch, chomh maith le bheith ina stiúrthóir ar roinnt aerfort i bpunann Vantage ar a n-áirítear Nassau, Bahamas, Montego Bay, Jamaica agus Santiago sa tSile. Bhí postanna ardbhainistíochta ag Matthew feisin ag Aerfort Vancouver (ar vótáladh é mar an t-aerfort ab fhearr i NA sé bliana as a chéile), Aerfort John Lennon Learpholl (mar a raibh sé ina POF), Larnaca agus Paphos sa Chipir, aerfoirt Sydney, Copenhagen agus Newcastle.

**3. JOE BUCKLEY**
Ceapadh Joe Buckley chuig Bord Ghrúpa na Sionainne nuair a déanadh ionchorprú air ar an 29 Lúnasa 2014 mar Ionadaí na bhFostaithe. Tá sé ar an bhFochoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus ar an bhFochoiste Maoine agus Infheistíochta. Tá sé mar Bhainisteoir Caidrimh Ghnó faoi láthair, ag Aerfort na Sionainne.

**4. TOM COUGHLAN**
Ceapadh Tom Coughlan chuig Bord Ghrúpa na Sionainne nuair a déanadh ionchorprú air ar an 29 Lúnasa 2014. Tá sé ar an bhFochoiste um Iniúchóireacht agus Riosca Ghrúpa na Sionainne agus ar an bhFochoiste Luach Saothair. Tá Tom mar Chathaoirleach freisin ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Is iar-Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir é.

**5. TOM KELLY**
Ceapadh Tom Kelly chuig Grúpa na Sionainne ar an 25 Deireadh Fómhair 2017. Tá sé mar chathaoirleach ar Fhochoiste Iniúchóireachta agus Riosca Ghrúpa na Sionainne. Tá sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar AerCap Ireland Limited. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais le hoibríochtaí Éireannacha AerCap agus tá cúlra fairsing aige i deirbhísí léasaithe agus airgeadais. Roimhe sin, chaith Tom deich mbliana le GECAS agus ba é an ról deireanach a bhí aige ann ná mar Phríomhoifigeach Airgeadais agus mar stiúrthóir ar GECAS Limited, oibríocht Éireannach GECAS. D'fhreastal sé freisin mar rialtóir domhanda do GECAS ina ról mar Leasuachtarán Sinsearach agus Rialtóir. Sula ndeachaidh sé le GECAS i 1997, chaith sé os cionn hocht mbliana le KPMG ina n-oifig i Londain, ag feidhmiú mar Bhainisteoir Sinsearach ina gcleachtas seirbhísí airgeadais. Is Cuntasóir Cairte é Tom a bhfuil céim Baitsiléir Tráchtála aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

**6. KEVIN McCARTHY**
Ceapadh Kevin McCarthy chuig Bord Ghrúpa na Sionainne nuair a déanadh ionchorprú air ar an 29 Lúnasa 2014 mar Ionadaí na bhFostaithe. Tá sé ar an bhFochoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Tá 38 bliain caite ag Kevin ag obair le Seirbhís Póilíneachta agsu Dóiteáin Aerfort na Sionainne.

**7. KATHRYN O'LEARY HIGGINS**
Ceapadh Kathryn O'Leary Higgins chuig Bord Ghrúpa na Sionainne nuair a déanadh ionchorprú air ar an 29ú Lúnasa 2014. Tá sí ar an bhFochoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil Ghrúpa na Sionainne. Tá sí mar chomhairleach beartais phoiblí agus ina saineolaí iompair bunaithe sna Stáit Aontaithe agus ina hUachtarán ar an Higgins Company, ar chuideachta caidrimh rialtais í.

**8. LIAM O'SHEA**
Cepadh Liam O'Shea chuig Bord Ghrúpa na Sionainne nuair a déanadh ionchorprú air ar an 29ú Lúnasa 2014. Tá sé ar na Fochoistí Iniúchóireachta agus Riosca agus Luach Saothair. Tá Liam mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Clare FM agus Tipp FM araon agus mar Stiúrthóir agus Leaschathaoirleach ar Independent Radio Sales i mBaile Átha Cliath. Tá Liam ar Bhord Tipperaty Invests freisin. Bhí sé ar bhaill bhunaigh agus ina iarChathaoirleach ar Spin South West, agus ina bhall bunaidh agus ina iarStiúrthóir ar Bhord Newstalk. Insealbhaíodh Liam i Radio Hall of Fame PPI i 2013.


1. ROSE HYNES


2. MATTHEW THOMAS


3. JOE BUCKLEY


4. TOM COUGHLAN


5. TOM KELLY


6. KEVIN McCARTHY


7. KATHRYN O'LEARY HIGGINS


8. LIAM O'SHEA

*Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais* I 2017

# FOIREANN FHEIDHMIÚCHÁIN GHRÚPA NA SIONAINNE



**CLÉ GO DEAS**

PATRICK EDMOND
*Stiúrthóir Bainistíochta IASC*
*Stiúrthóir Straitéise an Ghrúpa*
**Grúpa na Sionainne cpt**

CAROLINE KELLEHER
*Stiúrthóir Gnóthaí Pobail*
**Grúpa na Sionainne cpt**

MATTHEW THOMAS
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
**Grúpa na Sionainne cpt**

MARY CONSIDINE
*Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Airgeadas & Seirbhísí Corparáideacha*
**Grúpa na Sionainne cpt**

ANDREW MURPHY
*Stiúrthóir Bainistíochta*
**Aerfort na Sionainne**

NIALL O'CALLAGHAN
*Stiúrthóir Bainistíochta*
**Oidhreacht na Sionainne**

RAY O'DRISCOLL
*Stiúrthóir Bainistíochta*
*Maoin Tráchtála*
**Grúpa na Sionainne cpt**




shannon GROUP

# FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

# FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

Dar linn níl i gceist le Freagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) ach an rud ceart a dhéanamh agus tá an t-éiteas sin préamhaithe inár mbunluachanna. Is tábhachtach linn go mbeadh dea-thionchar againn ar na pobail ar a bhfuilimid ag freastal, ar na margaí ina mbíonn gnó á dhéanamh againn agus ar an timpeallacht ina bhfuilimid ag feidhmiú.

Tá ár gclár FSC Ghrúpa na Sionainne lárnach dá mbíonn á dhéanamh again agus tá dúil láidir rud éigin a thabhairt ar ais neadaithe inár gcultúr corparáideach. Lean Grúpa na Sionainne le cur go suntasach leis an bpobal níos leithne i rith 2017. Chuireamar ar chumas ár bhfostaithe cur go dearfach lenár sochaí le spreagadh a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i dtionscnaimh chomhshaoil, phobail agus tiomsaithe airgid.

**SRACFHÉACHAINT AR AN GCLÁR UM FHREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH:**

### 1. COSAINT ÁR GCOMHSHAOIL

Tacaíonn ár straitéis inbhuanaitheachta lenár straitéis chorparáideach agus léiríonn sí ár gcinneadh maidir le gnó rathúil a thógáil sa bhfadtéarma agus sinn ag gluaiseacht le feabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin.

I rith na bliana rinneamar infheistíocht i dtionscadail dírithe ár n-ídiú fuinnimh a laghdú. Mar shampla, mar chuid den athdhromchlú ar rúidbhealach an aerfoirt, cuireadh teicneolaíocht LED i bhfad níos éifeachtaí in ionad an 300 solas halaigin aerpháirce, ag laghdú aschur vatachta gach solas indibhidiúil a cuireadh isteach ó 105 bhata go 22 bhata.

Lean Aerfort na Sionainne le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh. Tá an t-aerfort tar éis coigilt fhuinnimh 19.1% a bhaint amach ón mbliain bhonnlíne 2009. Ag Oidhreacht na Sionainne thosaíomar tionscadal ag deireadh 2017 le soilsiú coigilte fuinnimh LED a chur isteach ag gach ceann dár n-ionaid, a bheidh críochnaithe i 2018. Bhí clár substaintiúil ag Maoin Tráchtála na Sionainne maidir le soilsiú poiblí, ag cur soilse nua tíosach ar fhuinneamh in ionad na seanchinn ar fud Limistéar Neamhchustaim na Sionainne le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh go foriomlán.

Táimid ag leanúint le bainistiú agus le feidhmiú an aeradróim i gcomhar leis na comhlachtaí reachtúla ábhartha maidir le bainistíocht a dhéanamh ar an Limistéar faoi Chosaint Speisialta san inbhear agus freisin ar an Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta atá suite ar thailte an aerfoirt agus an inbhir in aice láimhe.

Leanann Grúpa na Sionainne le maorseacht a dhéanamh ar chlár bainistíochta inbhuanaithe dramhaíola. I rith 2017 rinne CGA Údarás Aerfort na Sionainne athchúrsáil ar timpeall 38.28 tona cartchláir agus dramhaíola ó phacáistiú agus 3.79 tona de WEEE ar a n-áirítear aonaid fhorimeallacha TF, scáileáin, cuisneoirí/reoiteoirí tráchtála agus meascán de dhramhail ghuaiseach. Thug Oidhreacht na Sionainne córas gan uisce isteach sna leithris ag Caisleán & Daonpháirc Bhun Raite mar chuid dá feachtas comhshaoil.

### 2. RANNPHÁIRTÍOCHT SA PHOBAL

Tá ár gclár rannpháirtíochta sa phobal dírithe ar chur lenár bpobal thar réimse éagsúil gníomhaíochtaí. Seo a leanas samplaí de na tionscadail ar tugadh futhu i 2017:

- I mí an Mhárta 2017, thógamar ar á dtionscnamh forbairt agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chlár cúram custaiméirí do dhaoine le fadhbanna néarfhorbartha, ar a n-áirítear uathachas, nuair a d'osclaíomar an chéad seomra na gcéadfaí in aerfort san Eoraip. I rith na bliana rinneamar turais a eagrú chuig seomra na gcéadfaí do theaghlaigh, grúpaí scoile agus eagraíochtaí. Cuireann seomra na gcéadfaí leis na tionscnaimh a bhí curtha ar siúl cheana againn, ar a n-áirítear oiliúint na foirne le cabhrú le daoine le riachtanais speisialta agus a dtaithí ar an aerfort a bheith chomh héasca agus saor ó strus agus ab fhéidir é. Soláthraítear rostbhandaí agus caipíní daorchluiche a cheadaíonn don fhoireann daoine a mbeadh cúnamh uathu a aithint. Ina theannta sin, is féidir físeán teagaisc agus bróisiúr a aimsiú ar ár suíomh gréasáin aerfoirt.



1.

**TÁ COSAINT ÁR GCOMHSHAOIL TÁBHACHTACH DÚINN AGUS AG AERFORT NA SIONAINNE GHLACAMAR CÉIMEANNA MÓRA LE LAGHDÚ A DHÉANAMH AR ÁR NÍDIÚ FUINNIMH**



2.

**SA PHICTIÚR AG OSCAILT OIFIGIÚIL AN CHÉAD SEOMRA NA GCÉADFAÍ AG AERFORT SAN EORAIP TÁ, (SA TSRAITH CHÚIL) PEARSA MÓR LE RÁ RTÉ MARTY MORRISSEY IN ÉINEACHT LE MITCHELL SLATTERY, AOIS 7, AGUS (SA TSRAITH TOSAIGH) ROSE HYNES, CATHAOIRLEACH GHRÚPA NA SIONAINNE, CATHAL COMMANE, AOIS 5, JOE STANFORD, AOIS 10, AGUS MATTHEW THOMAS, POF, GRÚPA NA SIONAINNE.**

- Leanamar le tacaíocht a thabhairt do Limerick Suicide Watch i 2017 le bunáit oibriúcháin á sholáthar ag Maoin Tráchtála na Sionainne ag an Tait Centre i gCathair Luimnigh do ghrúpa breis agus 50 oibrí deonach. Déanann na hoibrithe obair sárluachmhar le patrólú na ndroichead i gCathair Luimnigh istoíche le cabhrú le daoine atá i gcruachás agus tá an-áthas orainn a ndéanann siad a aithint agus tacú leo ar bhealach ceart agus follasach.
- D'éirigh thar barr arís i mbliana lenár nEitiltí San Nioclás, ar thionscnamh tiomsaithe airgid é do charthanachtaí atá roghnaithe againn. Ba í seo an cúigiú bliain againn ag cur an imeachta seo ar siúl le cúnamh ár bhfoirne. Le linn an imeachta, fuair os cionn 2,000 páiste deis bualadh le San Nioclás sa spéir, 15,000 os cionn leibhéal na farraige.
- I mí Dheireadh Fómhair, rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar sheoladh imeachta don tSeachtain Feasachta Meabhairshláinte. Bhí an imeacht ar siúl ag Caisleán an Rí le dea-mheabhairshláinte a chur chun cinn sa phobal.
- I rith na bliana rinne Maoin Tráchtála na Sionainne foirgneamh trádstórais a sholáthar d'Ionad Cúraim Áth an Mhuilinn i Luimneach le stóráil shealadach a dhéanamh le linn síneadh nua a bheith á chur lena bhfoirgneamh.
- Bhunaigh Aerfort na Sionainne foireann tacaíochta speisialta le cabhrú le grúpaí Oilithreachta Deoiseach ó Chontaetha Luimnigh, an Chláir, na Gaillimhe agus Thiobraid Árann.

### 3. TACÚ LENÁR LUCHT GNÓ

Tá Grúpa na Sionainne tiomanta tacú le lucht gnó agus bhí sé rannpháirteach i roinnt tionscnamh i rith na bliana:

- I mí an Mheithimh, rinne Cathaoirleach an Ghrúpa Rose Hynes, óstáil ar chruinniú ardleibhéil ag Aerfort na Sionainne le deis a thabhairt d'ionadaithe mhórghnólachtaí an réigiúin, ó réimse éagsúil earnálacha, féachaint ar dheiseanna gnó le toscaireacht iomráiteach Síneach faoi cheannas an tUasal Hu Chunchua. Is ball é an tUasal Hu de Politburo Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne (CPC) agus Rúnaí an Pháirtí ar Choiste Guangdong CPC.
- D'fhonn ár dtiomantas do lucht gnó na Gaillimhe a léiriú, rinne Aerfort na Sionainne urraíocht arís ar Dhámhachtainí Gnó Chomhlachas na Gaillimhe 2017 a thug aitheantas agus a chuir i láthair réimse de na fiontraithe gnó ab fhearr ón gcontae.
- Is moil iontu féin iad aerfoirt do ghnó agus do ghníomhaíocht turasóireachta agus bhí an-áthas orainn óstáil a dhéanamh i rith na bliana ar roinnt imeachtaí le tacú lená lucht gnó ar a raibh: imeacht do Chumann Onnmhaireoirí na hÉireann agus cruinniú ag Comhairle Contae an Chláir.
- Sholáthair Dámhachtainí na mBan i nGnó Ghreasán Thiobraid Árann Thuaidh 2017 i mí an Mheithimh deis le haitheantas a thabhairt do scileanna fiontraíochta na mban i mbun gnó i dTiobraid Árann agus bhí an-áthas ar Ghrúpa na Sionainne tacú leis an imeacht seo.
- Thug Aerfort na Sionainne tacaíocht arís do ghradam gnó an Chláir ag tabhairt urraíochta do Ghradam Sármhaitheasa Seirbhíse do Chustaiméirí an Chláir.

**RINNE AERFORT NA SIONAINNE ÓSTÁIL AR IMEACHT MAR AR TUGADH DEIS DO CHEANNAIRÍ GNÓ Ó RÉIGIÚN NA SIONAINNE CAINTEANNA TRÁDÁLA A BHEITH ACU LE TOSCAIREACHT SINSEARACH SÍNEACH FAOI CHEANNAS AN TUASAL HU CHUNHUA.**

3.



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | 2017

## FREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH *(ar lean)*

### 4. TIOMSÚ AIRGID AGUS TACÚ LE CARTHANACHTAÍ ÁITIÚLA

Gach bliain roghnaíonn fostaithe Ghrúpa na Sionainne carthanachtaí agus téann siad i mbun tionscnamh le hairgead a bhailiú dóibh. I 2017, bhí fostaithe Ghrúpa na Sionainne mar chrann taca ag dhá charthanacht fhiúntach, Ospidéal agus Ospís Phobail Chathair Cheallaigh agus Home Share Clare. Seo thíos cuid dár dtionscnamh le tacú leo seo agus le carthanachtaí eile:

- Bhailigh ár bhfostaithe os cionn €72,000 do na carthanachtaí a bhí roghnaithe againn i rith nab liana. Ó bunaíodh an Grúpa i 2014, tá níos mó ná €232,000 bailithe ag na fostaithe do charthanachtaí ar fud an réigiúin.
- Chuaigh foireann Ghrúpa na Sionainne agus a gcairde ar an mbóthar i mí Mheán Fómhair don gceathrú rothaíocht charthanachta bliantúil 110km ag Aerfort na Sionainne, ar ghlac os cionn 150 rothaí páirt inti. Tá an rothaíocht seo ar cheann de na himeachtaí tiomsaithe airgid ó chlár Carthanachtaí na Bliana Ghrúpa na Sionainne.
- Bhí sé de phribhléid ag foireann Aerfort na Sionainne cabhrú le fáilte ó chroí a chur roimh ghrúpa de 145 leanbh an-speisialta ó Belarus a thuirling ag Aerfort na Sionainne i mí Iúil mar chuid de Chlár Scíthe agus Téarnaimh ag Chernobyl Children International (CCI) Adi Roche, a thógann leanaí ó na réigiúin i Chernobyl atá buailte le cúram faoisimh a bhfuil an-ghá leis a fháil in Éirinn le líonra fairsing aoi-theaghlach.
- I rith na bliana thug Aerfort na Sionainne cúnamh do na Clare Crusaders agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann le turais eolais ar an aerfort. Ar gach ócáid acu seo thug 12 úsáideoir cathaoir rothaí cuairt ar iliomad áiteanna taobh istigh den aerfort agus tugadh ionduchtú iomlán dóibh maidir le nósanna imeachta PRM an aerfoirt.

4.



TÁ FOSTAITHE GHRÚPA NA SIONAINNE SA PHICTIÚR AG BRONNADH €72,000 AR ROGHA CHARTHANACHTAÍ NA FOIRNE DO 2017, OSPIDÉAL AGUS OSPÍS PHOBAIL CHATHAIR CHEALLAIGH AGUS HOME SHARE CLARE.

### 5.COTHÚ OIDEACHAIS AGUS NUÁLAÍOCHTA

Tá Grúpa na Sionainne tiomanta oideachas agus nuálaíocht a chothú agus thug faoi na nithe seo a leanas i 2017:

- Bhí an-áthas orainn urraíocht a dhéanamh arís ar Dhámhachtainí Ógra an Chláir an Gharda a ceapadh le haitheantas a thabhairt d'fheasacht shibhialta sármhaith agus cúnamh na ndaoine óga sa phobal.
- Tá Grúpa na Sionainne tar éis dul i gcomhpháirtíocht le Coláiste Pobail Inse mar chuid de thionscnamh gnó sa phobal ó 2015 i leith. Ar gach ócáid thug 12 úsáideoir cathaoireacha rothaí cuairt ar roinnt mhaith réimsí san aerfort agus tugadh ionduchtú iomlán dóibh maidir le nósanna imeachta PRM an aerfoirt. Thug foireann Ghrúpa na Sionainne cúnamh le clár de cheardlanna praiticiúla le daltaí, ar a n-áirítear teicnící agallaimh agus neartú foirne, agus le cuairt a thabhairt ar shuíomh Aerfort na Sionainne agus ionaid chuairteoirí Oidhreacht na Sionainne.
- I mí na Samhna, bhí an-áthas ar Ghrúpa na Sionainne tacú le StudentLife Summit (SLS) in Ollscoil Luimnigh. Ceapadh an imeacht seo le mic léinn a spreagadh le fanacht ar scoil agus a bheith gafa leis an ngairmréim a roghnaigh siad. Chuir grúpa iontach de cheannairí spreagúla agus nuálaithe a roinn a scéalta agus a saineolas.
- Ó Feabhra go Meitheamh, d'eagraigh Aerfort na Sionainne turais oideachais ar an aerfort do roinnt bunscoileanna.
- Déanadh freastal ar os cionn 90 dalta Ghairmchlár na hArdteistiméireachta ó Choláistí Pobail Chaladh an Treoigh agus na Scairbhe agus ar a múinteoirí gairmthreorach le turas eolais ar an aerfort thar dhá lá le bainistíocht agus foireann Aerfort na Sionainne i rith na bliana.
- I mí Dheireadh Fómhair, rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar chuairt speisialta agus flea do mhúinteoirí ó thíortha éagsúla mar chuid de thionscadal an AE dírithe ar fheabhas a chur ar acmhainn mhúinteoirí neamhspeisialtóra TFC, múineadh agus foghlaim idirghníomhach mac léinn-árnach a sholáthar.
- Rinne Oidhreacht na Sionainne óstáil ar Chlár Forbartha Pobail Luimnigh (CDP) ag Caisleán an Rí i mí an Mheithimh, d'eagraigh an Chuideachta lá gníomhaíochta agus oidhreachta don Chlub Sóisearach Pobail um Cháisc agus arís i mí an Mheithimh.




5.

BA MHÓR AG AERFORT NA SIONAINNE ARÍS URRAÍOCHT A DHÉANAMH AR GHRADAIM AN GHARDA SÍOCHÁNA D'ÉACHTAÍ ÓIGE, A AITHNÍONN CEANNAIRÍ ÓGA SPREAGÚLA TRÍD A GCUID OIBRE DEONACH AGUS A N-ÉACHTAÍ PEARSANTA. SA PHICTIÚR AG AN SEOLADH I MÍ MHEÁN FÓMHAIR TÁ: SLÉIBHTEOIR EVEREST JOHN BURKE, EMER KENNEDY, POBALSCOIL ST CAIMIN, SIONAINN, AN TARD-CHEANNFORT JOHN KERIN, ROSE HYNES, CATHAOIRLEACH GHRÚPA NA SIONAINNE, AN CEANNFORT BRENDAN MCDONAGH AGUS GEAROID BURKE, DALTA IDIRBHLIANA Ó PHOBALSCOIL ST CAIMIN, SIONAINN.

### 6. TACÚ LE HEALAÍN PHOIBLÍ AGUS LE CULTÚR

Rinne Grúpa na Sionainne bainistiú ar chlár Ealaíne agus Cultúir Phoiblí i 2017:

- Rinne Aerfort na Sionainne óstáil ar sheó bliantúil Mórthaibhseach na mBannaí Scoile mar aar thug 120 dalta ó Scoil Náisiúnta Inse agus Scoil Náisiúnta Chnoc an Éin ó Chontae an Chláir agus Scoil Náisiúnta Áth an Mhuilinn, Co. Luimnigh léiriú dhá uair an chloig ag an ionad seiceála isteach a bhain buaicphointe amach le hómós do Anthony Foley nach maireann agus do rugbaí na Mumhan.
- Bhí bród ar Aerfort na Sionainne urraíocht a thabhairt do Fhleadh Cheoil na hÉireann in Inis, an féile cheoil thraidisiúnta na hÉireann is mó ar domhan don dara bliain i 2017. Rinne an imeacht, a bhí ar siúl i mí Lúnasa, os cionnn 400,000 cuairteoir a mhealladh agus féachadh air ar fud an domhain. B'uirlis iontach í le Contae an Chláir agus a cultúr saibhir ceoil traidisiúnta Gaelach a chur chun cinn do lucht éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- I mí Dheireadh Fómhair, mar chuid den tSeachtain Sláinte Mheabhrach, chuir Scoil Ealaíne & Deartha Luimnigh taispeántas ealaíne ar siúl ar feadh seachtaine ag Caisleán an Rí. Thaispeáin mic léinn a saothar ealaíne le Feasacht Mheabhairshláinte a chur chun cinn. Bhí sraith léiriú agus taispeántas i gceist san imeacht.
- Sa Bhealtaine, bhuaigh buaiteoirí chomórtas ealaíne Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh agus Ionad Oideachais Luimnigh ó Scoil Náisiúnta Bhaile Mháirtín, Cill Mocheallóg, turas treoraithe ar Chaisleán an Rí. Chríochnaigh an grúpa "A Norman's Life" freisin, ar acmhainn digiteach uathúil í ar Éire na Normannach, mar chuid dá nduais.
- Fuair grúpa amhránaíochta traidisiúnta Gaelach ó Scoil Náisiúnta Mhuire deis ar leith le canadh ar an túr de Chaisleán an Rí i Luimneach. Rinne Oidhreacht na Sionainne agus an bailitheoir amhrán mór le rá, Róisín Ní Ghallóglaigh, eáscú ar an imeacht agus rinne Acadamh Ceoil agus Rince na hÉireann taifead de na daltaí ag canadh amhrán áitiúla dá gcartlann amhrán traidisiúnta agus YouTube.

### 7. URRAÍOCHT SPÓIRT

Ag Grúpa na Sionainne aithnimid a thábhachtaí atá spórt maidir le sláinte agus folláine coirp agus thugamar futhu seo a leanas i 2017:

- Bhí an-áthas ar Aerfort na Sionainne urraíocht a dhéanamh ar Chumann CLG Iósaif Dhúire Ghort Lomán i rith na bliana.
- I mí Lúnasa, d'fhógair Aerfort na Sionainne urraíocht trí bliana ar Rugbaí na Mumhan. Bhí an tSionainn mar 'Chomhpháirtí Oifigiúil Aerfoirt' ag an bhfoireann i dtiomantas trí bliana mar a mbeidh lógó an aerfoirt ar bhrístí rugbaí na n-imreoirí. Cuireann an urraíocht bonn foirmiúil faoin gcaidreamh seanbhunaithe idir an cúige agus an tSionainn, leis an aerfort a bheith tar éis óstáil a dhéanamh ar chuid de na turasanna abhaile ba mhó le rá i gcaitheamh na mblianta, agus go háirithe i ndiaidh dóibh an bua a fháil i gCraobhchomórtas na hEorpa i 2006 agus 2008.
- I rith na bliana bhí an-áthas ar Aerfort na Sionainne tacú le foirne peile na mban Choláiste St Flannan Inis le hurraíocht dá ngeansaithe peile.
- I mí Dheireadh Fómhair, ba mhór ag Grúpa na Sionainne urraíocht a dhéanamh ar Chomhdháil Náisiútna Turasóireachta Gailf & Duaiseanna Gailf Chomórtas na hÉireann IGTOA, imeacht dhá lá a bhí ar siúl i gCo. an Chláir. Aithníonn an imeacht agus tugann sé aitheantas don chuid is fearr de Thionscal Turasóireachta Gailf na hÉireann.
- I mí na Nollag, thug Aerfort na Sionainne tacaíocht do CLG Chill Fhionnúrach ina n-iarrachtaí airgead a thiomsú agus athchóiriú a dhéanamh ar a saoráidí traenála agus ar a seomra gleacaíochta ag Tailte Deanery do chlub.
- Thug an ceathrú Rith Rúidbhealaigh ag Meán Oíche ag Banc na hÉireann, a bhí ar siúl sa Mheitheamh, deis ar leith do rannpháirtithe rith ar rúidbhealach Aerfort na Sionainne. Chuaigh fáltais an imeachta go dtí na carthanachtaí a roghnaigh Grúpa na Sionainne do 2017.

6.



RINNE AERFORT NA SIONAINNE ÓSTÁIL AR AN SCHOOL BANDS SPECTACULAR BLIANTÚIL. SA PHICTIÚR AG AN IMEACHT TÁ NIALL MALONEY, STIÚRTHÓIR OIBRÍOCHTAÍ AERFORT NA SIONAINNE LE ERICA MURPHY, SCOIL NÁISIÚNTA ÁTH AN MHUILINN, LUIMNEACH.

7.



BHÍ AN-ÁTHAS AR AERFORT NA SIONAINNE URRAÍOCHT A DHÉANAMH AR CHLUB CLG IÓSAIF DÚIRE GORT LOMÁN I RITH NA BLIANA AGUS TÁ MARY CONSIDINE, LEAS POF, GRÚPA NA SIONAINNE SA PHICTIÚR LE BAILL DEN DÁ FHOIREANN ÓN GCLUB A FUAIR AN BUA, TAR ÉIS DÓIBH FILLEADH Ó FHÉILE PEILE NA HÉIREANN I MÍ AN MHEITHIMH.




# CLÁR ÁBHAIR

## Tuarascáil an Stiúrthóra agus Airgeadais


42 Tuarascáil Stiúrthóra

51 Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais

52 Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh do Bhaill Ghrúpa na Sionainne cpt

53 Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais

54 Ráiteas Comhdhlúite le hIoncam Cuimsitheach Eile

55 Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais

56 Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais

57 Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe Cothromais

58 Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Cothromais

59 Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite

60 Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Cuideachta

61 Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

# TUARASCÁIL STIÚRTHÓRA

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis chomhdhlúite airgeadais iniúchta Ghrúpa na Sionainne cpt agus na bhfochuideachtaí ("an Grúpa") i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne ("an Chuideachta") ar an 29 Lúnasa 2014 agus tar éis achtú a dhéanamh ar Acht na nAerfort Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 ("Acht Ghrúpa na Sionainne") ar an 5 Meán Fómhair 2014 bunaíodh an Grúpa.

Is fochuideachtaí de chuid an Ghrúpa iad CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") agus CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne (ag trádáil mar "Mhaoin Tráchtála na Sionainne"). Is fochuideachta de Mhaoin Tráchtála na Sionainne é CGA Oidhreacht na Sionainne ("Oidhreacht na Sionainne"). Is fochuideachtaí do CGA Údarás Aerfort na Sionainne iad CGA Iontaobhas Corparáideach Pinsin SAA agus CGA Seirbhísí Airgeadais Údarás Aerfort na Sionainne.

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa ná oibriú, bainistiú agus forbairt Aerfort na Sionainne ("an tAerfort"), bainistiú agus forbairt na punainne fairsing maoine tráchtála atá ag Maoin Tráchtála na Sionainne, ar a n-áirítear Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, agus oibriú na láithreán turasóireachta, fóillíochta agus siamsaíochta a bhíonn á mbainistiú ag Oidhreacht na Sionainne.

Níor tharla aon athrú suntasach ar phríomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa i rith na bliana.

## ATHBHREITHNIÚ AR AN NGNÓ AGUS AR FHORBAIRTÍ SA TODHCHAÍ

Is cuideachta leathstáit é Grúpa na Sionainne cpt a bhfuil sainordú soiléir tráchtála aige. Is í aidhm Ghrúpa na Sionainne cur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar sheirbhísí aeriompair agus eitlíochta in Aerfort na Sionainne agus ina thimpeall, agus barrfheabhsú a dhéanamh ar an mbrabús ar a shócmhainní talún, maoine agus Oidhreachta.

In éineacht leis an eolas a áirítear go díreach sa tuarascáil seo, tá miontráchtaireachtaí ar fheidhmíocht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 ar a n-áirítear eolas ar imeachtaí a tharla le déanaí, forbairtí ar dócha iad a bheith i ndán don ghnó agus príomhtháscairí feidhmíochta, a bhfuil gá leo de réir Acht na gCuideachtaí 2014, i Rátieas an Chathaoirleach agus in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin.

## TORTHAÍ DON BHLIAIN

Tá na stiúrthóirí sásta le feidhmíocht an Ghrúpa don bhliain. Tá torthaí an Ghrúpa don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 leagtha síos sa Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais ar leathanach 53 agus sna nótaí a bhaineann leis.

Agus monatóireacht á dhéanamh ar fheidhmíocht an Ghrúpa, tógann na stiúrthóirí agus lucht bainistíochta ceann de réimse de tháscairí feidhmíochta ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- Líon na bpaisinéirí ag an Aerfort
- Líon na gcuairteoirí ag Oidhreacht na Sionainne
- Láimhdeachas
- EBITDA (tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh)
- Brabús roimh cháin
- Brabhús tar éis cánach
- Glan-staid airgid
- Caiteachas caipitiúil
- Fáltais ó dhíolacháin chaipitil

1 Ríomhtar an Grúpa EBITDA mar seo a leanas (roimh míreanna eisceachtúla) - €'000

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin roimh ioncam / (costais) eile | 3,954 | 3,661 |
| Dímheas agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 5,725 | 4,271 |
| Amúchadh deontais chaipitil | (350) | (355) |
| **EBITDA** | **9,329** | **7,577** |

Chláraigh an Grúpa brabús comhdhlúite de €9.2 milliún (iarchánach) (2016: €6.6 milliún) agus ba é an láimhdeachas comhdhlúite don bhliain ná €72.2 milliún (2016: €67.2 milliún). Ba é 1.75 milliún (2016: 1.75 milliún) líon na bpaisinéirí san Aerfort don bhliain agus chuir na láithreáin Oidhreachta fáilte foimh os cionn 887,000 cuairteoir i rith na bliana (2016: 904,000).

Is é EBITDA[1] don Ghrúpa ná €9.3 milliún, roimh mhíreanna eisceachtúla (2016: €7.6 milliún). Ceaptar go bhfuil an toradh seo sásúil agus ag teacht le fócas leanúnach ar ioncam a ghiniúint agus ar rialú costas i ngach cuideachta de chuid an Ghrúpa.

I rith 2017 thaobhaigh an Grúpa muirear eisceachtúil de €0.6 milluín maidir leis an scéim scarúna deonach ar fud an ghrúpa, in éineacht le €1.3 milliún taifeadta i 2016, a bhfuil cur síos air i Nóta 3 leis na ráitis airgeadais.

Tá cúlchistí airgid ag an nGrúpa le freastal ar a riachtanais oibriúcháin agus ar chaiteachas athfhillteach caipitil ghearrthéarmach, le taisce iomlán de €18.8 milliún (2016: €25.7 milliún). I rith na bliana fuair an Grúpa cistiú seachtrach de €14.3 milliún le maoiniú a dhéanamh ar chostas athshlánaithe rúidbhealach An aerfoirt (Nóta 24).

Feictear go bhfuil infheistíocht i dtionscadail infheistíochta caipitiúla riachtanach le hinbhuanaitheacht Aerfort na Sionainne, Maoin Tráchtála na Sionainne agus Oidhreacht na Sionainne a chinntiú. Faoi mar atá le feiceáil sa Ráiteas Comhdhlúite Sreabhaidh Airgid chaith an Grúpa €34.2 milliún ar thionscadail chaipitil sa bhliain (2016: €14.8 milliún), ar a n-áirítear tionscadal rúidbhealaigh an Aerfoirt agus forbairt Mhaoin Tráchtála na Sionainne ar bhloc oifige na Tairsí Thiar agus ardaonaid déantúsaíochta i Limistéar Neamhchustaim na Sionainne. Ina theannta sin réadaigh an Grúpa fáltais de €5.4 milliún i ndiúscairt chaipitil i rith na bliana (2016: €1.5 milliún).

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

Ní thugann an Grúpa faoi ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha.

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Glacann na Stiúrthóirí lena bhfreagracht as nádúr agus méid rioscaí suntasacha an Ghrúpa a shocrú agus tá sé sásta a chuspóirí straitéiseacha a áireamh. Tá an Bord tiomanta do bhainistíocht réamhghníomhach ar riosca agus tá próisis ann a ceapadh le coinne a bheith le agus aghaidh a thabhairt, chomh fada agus is féidir é, ar athruithe i dtimpeallacht ghnó agus riosca an Ghrúpa. Déanann an próiseas bainistíochta riosca a chinntiú go n-aithníonn an Grúpa rioscaí chriticiúla a mbeadh sé neamhchosanta orthu a aithint agus a chinntíonn go nglactar céimeanna iomchuí le riosca a mhaolú. Tá éifeachtacht na bainistíochta riosca faoi réir athbhreithnithe ag an bhFochoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca.

Tá an bhainistíocht freagrach as na rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú in éineacht le rialuithe oiriúnacha inmheánacha a dhearadh agus a oibriú. Coimeádtar cláir rioscaí agus déantar iad a nuashonrú uair sa ráite lena chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a thaifead agus a thuairisciú go leanúnach i ngach feidhm den ghnó. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maoirseacht ar an bpróiseas maidir le rioscaí straitéiseacha/tráchtála, airgeadais agus comhlíontachta agus maoirseacht á dhéanamh ag an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil maidir le rioscaí oibriúcháin agus comhlíontachta i réimsí sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil.

Tá córas bainistíochta riosca an Ghrúpa faoi réir athbhreithnithe agus feabhsúcháin go leanúnach d'fhonn fanacht éifeachtach i dtimpeallachtaí gnó atá ag athrú. Ag teacht le tiomanta maidir le feabhsú leanúnach, is mian leis an nGrúpa feabhas a chur go leanúnach ar phróisis ar fud an heagraíochta.



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | 2017

## RIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ BUNAIRGID

Mar chuid den phróiseas le riosca a aithint, tá na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta a bhféadfadh tionchar ábhartha agus drochthionchar a bheith acu ar bhrabús oibriúcháin nó staid airgeadais an Ghrúpa aitheanta. Tá achoimre ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí in éineacht leis na straitéisí atá á nglacadh le laghdú a dhéanamh ar na rioscaí sin leagtha amach thíos. Níl na rioscaí agus na héiginnteachtaí in aon ord ar leith agus níl sé i gceist go mbeadh an liosta ina anailíse iomlán ar gach riosca agus éiginnteacht a éireodh i ngnáthchúrsaí gnó. Déantar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a mheas ar bhonn leanúnach agus tugann an bhainistíocht tuairisc don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, don Choiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus don Bhord maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus eachtrach, a mbíonn tionchar acu ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a aithnítear.

## I. RIOSCAÍ STRAITÉISEACHA/TRÁCHTÁLA

### Iomaíocht

Tá an Grúpa ag feidhmiú i dtimpeallacht atá an-iomaíoch, go háirithe maidir le hoibriú aerfoirt idirnáisiúnta.

*Tionchar*

D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag infheistíocht in acmhainn bhreise infreastruchtúir, nuálaíocht agus polasaí praghsála ár gcuideachtaí ar sciar den mhargadh agus torthaí an Ghrúpa.

*Maolú*

- Fanann bainistíocht an Ghrúpa ar an eolas go leanúnach maidir le tionchar iomaíochta ó aerfoirt, ó réigiúin agus ó thíortha eile ar fheidhmíocht Aerfort na Sionainne.
- Déanann an bhainistíocht athbhreithniú leanúnach ar luach tairisceana an Ghrúpa agus larthar na hÉireann.
- Bíonn fócas leanúnach ar bhonn costais an Aerforit, lena chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus inoiriúnaithe d'éilimh an ghnó.
- Tá Grúpa na Sionainne ag brath ar thiomantas an rialtais maidir leis na príomhchéimeanna a dtugtar imlíne orthu sa Pholasaí Náisiúnta Eitlíochta agus ag brath ar thiomantas an rialtais maidir le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom faoi mar atá leagtha síos sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus tá sé ag obair lena scairshealbhóir agus le scairshealbhóirí éagsúla ina thaobh seo.

### Feidhmiú gnóthais

Tá ioncam an Ghrúpa íogair ó thaobh dálaí iomaíochta agus eacnamaíochta de sna margaí agus sna hearnálacha ina mbíonn sé ag feidhmiú. Eochairthoisc a mbíonn tionchar aici ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa is ea líon na bpaisinéirí agus líon na ngluaiseachtaí aerárthach ag Aerfort na Sionainne, cumas Mhaoin Tráchtála na Sionainne idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le léasanna nua agus léasanna críochta a athnuachan agus líon na gcuairteoirí chuig láithreáin atá á mbainistiú ag Oidhreacht na Sionainne.

Tá an Grúpa nochta freisin maidir le harduithe costais ag éirí as nádúr a bhonn costais oibríochta agus é nochta do chostais bhreise ag freagairt d'athruithe rialála.

*Tionchar*

D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag méadú ar iomaíocht, laghdú ar éileamh tomhaltais agus imeachtaí eacnamaíochta ar fud an domhain, ar leibhéal foriomlán an ioncaim a ghineann an Grúpa. In éineacht leis seo, tá drochimpleachtaí maidir le sreabhadh airgid ag baint leis an easpa cumais aghaidh a thabhairt ar nádúr seasta agus leath-sheasta bhonn costais oibriúcháin an Ghrúpa agus struchtúr costais solúbtha a thógáil, a bheadh in ann freagairt d'athruithe rialála.

*Maolú*

- Feidhmíonn an Grúpa córais láidre rialuithe gnó agus airgeadais (ar a n-áirítear breitmheas caipitil) le tuairisciú rialta ar fheidhmíocht airgeadais, comharthaíocht luath ar imeacht ábhartha ón bplean agus an aonad bainistíochta gnó freagrach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- Tá an Grúpa dírithe ar phróisis a fheabhsú go leanúnach le héifeachtúlacht a thiomáint, solúbthacht a fheabhsú agus a bhonn costais a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Tá an Grúpa dírithe ar chéimeanna réamhghníomhacha bainistíochta a ghlacadh agus straitéisí maithe tráchtála a chur i bhfeidhm le líon na bpaisinéirí a thagann trí Aerfort na Sionainne agus líon na gcuairteoirí ar shuíomhanna Oidhreacht na Sionainne a mhéadú, as a dtiocfaidh méadú ar ioncam, agus ioncam cíosa ó Mhaoin Tráchtála na Sionainne a choimeád agus a mhéadú.
- Tá próisis ag an nGrúpa lena chinntiú go bhfanann sé suas chun dáta le treochtaí an mhargaidh réadmhaoine agus tá sé dírithe ar chothabháil agus uasghrádú a réadmhaoine trí chlár infheistíochta le freastal ar ionchais a chustaiméirí.
- Déanann an Grúpa athbhreithniú rialta ar na táirgí a bhíonn á dtairiscint aige do chustaiméirí lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha, tarraingteach agus go mbíonn luach ar airgead ag baint leo

### Brexit

Tá rioscaí agus deiseanna don Ghrúpa ag baint leis an Ríocht Aontaithe ("RA") a bheith ag fágáil an Aontais Eorpaigh.

*Tionchar*

Is iad na príomhnithe a mbeadh tionchar acu ar Ghrúpa na Sionainne maidir le Brexit ná an tionchar a fhéadfadh a bheith aige ar líon na bpaisinéirí, go háirithe ar bhealaí na hÉireann/RA, an tionchar a fhéadfadh a bheith ar líon na gcuairteoirí ón RA, na himpleachtaí a bhaineann le rialú teorann agus oibriú an Comhlimistéar Taistil agus éagsúlacht rialála, go háirithe maidir leis an tionchar ar an margadh eitlíochta Eorpach aonair. Is féidir go mbeadh tionchar eacnamaíochta níos ginearálta fós ann trí dhímheas steirling, maolú ar an ngeilleagar nó laghdú ar mhuinín an tomhaltóra.

*Maolú*

- Tá measúnú gníomhach á dhéanamh ar impleachtaí Brexit mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca an Ghrúpa.
- Tá Grúpa na Sionainne mar bhall de roinnt fóram náisiúnta a dhéanann measúnú ar thionchar Brexit agus chomh fada agus is féidir é, tionchar a bheith acu ar fhreagraí earnála tionsclaíochta poiblí agus príobháideach agus ar fhreagraí náisiúnta le linn an phróisis idirbheartaíochta.
- Tá measúnú á dhéanamh freisin ar na deiseanna a fhéadfadh a bheith ann, agus nuair is ann do dheiseanna tá pleananna á gceapadh le huasmhéadú a dhéanamh ar na deiseanna sin.

### Infheistíochtaí agus acmhainn

Tá bainistíocht agus oibriú aerfoirt, punann réadmhaoine agus suíomhanna turasóireachta stairiúla dian ar chaipiteal de réir a nádúr.

*Tionchar*

Agus aitheantas á thabhairt don dualgas atá orainn maidir le páirtithe leasmhara, tá an baol ann go ndéanfaí infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus gníomhaíochtaí rialáilte eile, in uasghrádú agus forbairt réadmhaoine infheistíochta agus caomhbnú suíomhanna stairiúla, nach mbainfeadh amach na rátaí brabúis ná sreabhaidh airgid a bheadh riachtanach nó a mbeadh bearnúchán ag baint leo.

# TUARASCÁIL STIÚRTHÓRA *(Ar lean)*

## RIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ BUNAIRGID *(Ar lean)*

### Infheistíochtaí agus acmhainn *(Ar lean)*

*Maolú*

- Tá an Grúpa tar éis a dhúil maidir le riosca a a shocrú i leith infheistíochtaí tráchtála agus leibhéil lamháltais airgeadais socraithe dá réir.
- Bíonn cinntí maidir le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus i ngníomhaíochtaí rialáilte eile, in uasghrádú ar réadmhaoin infheistíochta nó i gcaomhnú suíomhanna stairiúla bunaithe ar ionchur proifisiúnta ar bhonn fianaise agus faoi réir faofa an Bhoird.
- Tá clár cothabhála agus athshlánaithe ann maidir leis na príomh-shócmhainní, ar a n-áirítear struchtúr pábhála aerpháirce, maoin tráchtála agus sócmhainní eile atá criticiúil ó thaobh oibríochta de.

### Spleáchas ar phríomh chustaiméirí

Tá an dóchúlacht a bhaineann le gluaiseachtaí aerthráchta ag Aerfort na Sionainne sa todhchaí agus líon na gcuairteoirí ag suíomhanna Oidhreacht na Sionainne sa todhchaí ag brath go mór ar straitéisí an todhchaí agus neart airgeadais chustaiméirí na bpríomh-aerlínte agus custaiméirí na bpríomhchomhlachtaí taistil faoi seach.

*Tionchar*

Sa chás go gcaillfí ceann amháin nó níos mó de na custaiméirí seo, go dtarlódh laghdú suntasach ar théarmaí nó ar tháillí tráchtála nó athruithe ar threo straitéiseach phríomhchustaiméirí mar athstruchtúrú líonraí na mbealach, comhdhlúthú thionscal na n-aerlínte nó athrú úinéireachta nó rialaithe chustaiméirí aerlíne suntasach nó chomhlachta taistil, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa.

*Maolú*

- Tá an Grúpa tar éis caidreamh láidir a fhorbairt le príomhchustaiméirí trí dhíriú ar sheirbhís níos fearr do chustaiméirí agus iomaíochas costais.
- Tá an Grúpa dírithe ar choinneáil suas le forbairtí sna tionscail aerlíne agus turasóireachta agus le hiomaíochas a thairisceana agus oiriúnacht a áiseanna do riachtanais a chustaiméirí reatha agus ionchasacha.
- Tá éagsúlú tairisceana tháirge an Ghrúpa, ag díriú ar chustaiméirí nua agus ar shruthanna ioncaim nua a fhorbairt mar phríomhchuspóirí ag an nGrúpa le teorainn a chur leis an spleáchas ar chroí-chustaiméirí.

## II. RIOSCAÍ AIRGEADAIS

### Leachtacht agus ciste

Tá an Grúpa gan chosaint ar rioscaí áirithe airgeadais agus ciste, ar a n-áirítear athrú ar rátaí úis, rioscaí creidmheasa agus rioscaí leachtachta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil i Nóta 26 ar na rioscaí a bhaineann le hairgeadas agus ciste.

*Tionchar*

D'fhéadfadh drochthionchar airgeadais a bheith ag athruithe suntasacha ar rátaí úis nó ag contrapháirtithe ag teip nó ag loiceadh ar a ndualgas, ar an nGrúpa.

*Maolú*

- Oibríonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar staid an iarmhéid airgid, le comharthaíocht luath ar athrú ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithniú lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht sa ghearr agus sa bhfadtéarma.
- Leag plean straitéiseach an Ghrúpa agus an straitéis mhaoinithe a bhain leis príomhchóimheasa agus lamháltais fheidhmíochta mar a ndéanann an Grúpa a leachtacht, a bhrabúsacht agus a ghiaráil a bhainistiú.
- Glactar cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú ar a n-áirítear cistiú ar riachtanais suntasacha infheistíochta.
- Déanann an bhainistíocht monatóireacht rialta ar neamhchosaint chontrapháirtithe agus tugtar tuairisc don Bhord de réir mar a bhíonn gá leis.

### Maoiniú

Tá pleananna ag an nGrúpa le tuilleadh infheistíochta suntasach caipitil a dhéanamh ag teacht lena Phlean Gnó 5 bliana. Tá an cumas an plean infheistíochta seo a chur i bhfeidhm ag brath ar chistiú a bheith ar fáil ó fhoinsí éagsúla, is iad sin breis fiachais bhainc, réadmhaoin neamhlárnach a lhiúscairt, brabús oibriúcháin athfhillteach agus agus acmhainní airgid an Ghrúpa. Ní féidir a bheith cinnte de go mbeidh gach ceann de na foinsí maoinithe se oar fáil le freastal ar na riachtanais infheistíochta atá beartaithe.

*Tionchar*

Sa chás nach bhféadfaí teach tar na foinsí maoinithe pleanáilte bheadh drochthionchar suntasach airgeadais aige sin ar phleananna infheistíochta caipitil an Ghrúpa a thabhairt i gcrích.

*Maolú*

- Coimeádann an Grúpa comhchaidreamh éifeachtach le hinstitiúidí airgeadais.
- Coimeádann an Grúpa rótharraingt bhainc le maoiniú a dhéanamh ar riachtanais chaipitil oibre a Aerfoirt agus íosmhéid airgid ar láimh ar fud an Ghrúpa lena chinntiú gur féidir leis maoiniú a dhéanamh ar riachtanais oibriúcháin agus chaipitil.
- Déanann an Grúpa rianú agus tuairisciú ar phríomhthionscnaimh le cistí a ghiniúint m.sh. diúscairt réadmhaoine, pleananna bailithe fiachais, saorsreabhadh airgid agus iarmhéid airgid.
- Oibríonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar staid an iarmhéid airgid, le comharthaíocht luath ar athrú ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithniú lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht sa ghearr agus sa bhfadtéarma.
- Déanann an Grúpa deimhin de go gcomhlíontar a chúnaint fhiachais.

## III. RIOSCAÍ OIBRIÚCHÁIN

### Leanúnachas gnó

Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir rioscaí oibriúcháin agus imeachtaí eile nach mbíonn coinne leo mar drochaimsir, dóiteán, tuillte, cliseadh córas meicniúil, cliseadh teicniúil agus sceimhlitheoireacht. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar oibríochtaí freisin de bharr gníomhaíochta tionsclaíoch inmheánach nó tríú páirtí.

*Tionchar*

D'fhéadfadh cur isteach ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tráchtála tionchar suntasach airgeadais agus/nó clú a bheith acu ar an nGrúpa.

*Maolú*

- Déanann an Grúpa iarracht ar dheireadh a chur le riosca neamhleanúnachais seirbhíse trí chórais láidre agus pleananna dea-fhorbartha leanúnachais a bheith aige. Sa chás go gcuireann imeachtaí isteach ar sheirbhísí, cuireann an Grúpa a phleananna leanúnachais gnó i bhfeidhm d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar an chur isteach.

### Bainistiú riosca tallainne

Tá an Grúpa ag brath ar cháilíocht, ar chumas agus ar thiomantas an phríomhphearsanra bainistíochta d'fhonn an gnó a choimeád, a fhorbairt agus a fhás ag teacht lena phríomhchuspóirí.

*Tionchar*

Is féidir go mbeadh spriocanna fáis i mbaol de bharr teip príomhphearsanra le taithí agus scilleanna iomchuí a mhealladh, a choimeád agus a bhainistiú.

*Maolú*

- Tá próisis láidre earcaíochta agus polasaithe éifeachtacha bainistíochta acmhainní daonna ag an nGrúpa in éineacht le pleanáil straitéiseach don fhórsa oibre lena chinntiú go mbíonn acmhainní oiriúnacha ann le freastal ar riachtanais ghnó an Ghrúpa.





### Caighdeáin oibríochta

Tá sé de dhualgas ar an nGrúpa caighdeáin oibriúcháin agus cáilíochta éagsúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear na caighdeáin sin atá leagtha síos ag Údarás Eitlíochta na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Shábháilteacht Eitlíochta na hEorpa mar chuid dá riachtanais cheadúnaithe aeradróim

*Tionchar*

Sa chás nach mbaintear ceann ar bith de na caighdeáin seo amach is féidir go gcuirfí smachtbhannaí i bhfeidhm, suas le, agus ag áireamh ceadúnas oibriúcháin an Aerfoirt a tharraingt siar nó go gcuirfí pionós airgeadais ar an nGrúpa.

*Maolú*

- Tá córais ag an nGrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta a bunaíodh go seachtrach. Áirítear sna córais seo bailiú sonraí, monatóireacht leanúnach agus próisis oiriúnacha géaraithe.

### Córais teicneolaíochta faisnéise

Tá córais teicneolaíochta faisnéise a bhíonn éifeachtach agus sábháilte riachtanach do bhainistíocht éifeachtach an ghnó agus na ngníomhaíochtaí tacaíochta oibríochta.

*Tionchar*

Sa chás go dtarlódh teip suntasach i gcórais teicneolaíochta faisnéise an Ghrúpa d'fhéadfadh cur isteach suntasach a bheith ar oibríochtaí, le caillteanas airgeadais nó dochar déanta do chlú an Ghrúpa.

*Maolú*

- Feidhmíonn an Grúpa córais teicneolaíochta faisnéise láraithe le sainchúram orthu don ghrúpa uile. Feidhmíonn teicneolaíocht faisnéise le hardleibhéal seasmhachta sna córais agus sna próisis.
- Tá pleananna leanúnachais ghnó ann le bainistiú a dhéanamh ar riosca go dtarlódh aon chur isteach suntasach ó theip na gcóras faisnéise teicneolaíochta.
- Tá daoine gairmiúla atá cáilithe agus oilte i gceart fostaithe ag an nGrúpa d'fhonn an fheidhm seo a bhainistiú.
- Tá clár feabhsúcháin leanúnach agus ath-infheistíocht i gcórais teicneolaíochta faisnéise ann.

### Sláinte, sábháilteacht, slándáil agus comhshaol

Tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse de dhlíthe, rialacháin agus caighdeáin déine sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil.

*Tionchar*

Sa chás go sárófaí aon dlí nó rialachán acu is féidir go ngearrfaí pionós ábhartha ar an nGrúpa agus go mbeadh drochthionchar ábhartha aige ar ghnó an Ghrúpa.

*Maolú*

- Tá oiliúint na foirne i réimsí sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil, chomh maith le béim láidir ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh mar chuid lárnach de straitéisí maolaithe an Ghrúpa. Ceapadh iad seo le cosc a chur ar shárú tromchúiseach oibleagáide reachtúil nó rialála eile.
- Leanann an Grúpa le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfearas, i gcórais agus in acmhainní sábháilteachta agus slándála le freastal ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála d'fhonn na caighdeáin gnó is fearr a bhaint amach ar fud gach aonad gnó.
- Tá an Grúpa rannpháirteach go gníomhach le comhlachtaí éagsúla Stáit agus le páirtithe leasmhara eile le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil a bhaineann le hibriú aerfoirt idirnáisiúnta.

### Rialachas agus comhlíonadh

Tá an Grúpa faoi réir réimse leathan riachtanas reachtaíochta agus rialachais, ar a n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, na cinn sin atá leagtha síos i ndlí cuideachtaí na hÉireann agus na hEorpa.

*Tionchar*

Sa chás go dtarlódh aon sárú ar na riachtanais seo d'fhéadfadh caillteanas tromchúiseach airgeadais nó dochar do chlú an Ghrúpa a bheith i gceist.

*Maolú*

- Tá struchtúir agus próisis ag an nGrúpa le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh maidir le riachtanais rialála, reachtaíochta agus rialachais.
- Tá dearcadh réamhghníomhach, réamhbhreathnaitheach ag an nGrúpa maidir le monatóireacht a dhéanamh ar athruithe rialála agus reachtaíochta agus chuige sin tá sé rannpháirteach go gníomhach lena scairshealbhóir, an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt.
- Bíonn an Grúpa rannpháirteach freisin le heagraíochtaí seachtracha eile a sholáthraíonn comhairle agus oiliúint ar na ceisteanna seo don bhainistíocht.

## TUARASCÁIL RIALACHÁIS CHORPARÁIDIGH

Tá an Bord tiomanta ardchaighdeáin Rialachais Chorparáidigh a choimeád. Tá céimeanna oiriúnacha curtha ann ag Grúpa na Sionainne cpt agus a fhochuideachtaí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (an "Cód") a chomhlíonadh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017. Leagann an Cód síos na prionsabail maidir le Rialachas Corparáideach, a bhfuil ar bhoird na gcomhlachtaí Stáit déanamh dá réir. Tá Cód Iompraíochta do Ghnó curtha ann ag an nGrúpa do stiúrthóirí agus ardbhainistíocht Ghrúpa na Sionainne agus na bhfochuideachtaí. Déanann an Grúpa athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar a pholasaithe agus a nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód agus dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach.

## AN BORD STIÚRTHA

Tugtar liosta sa tábla thíos den ochtar stiúrthóir atá ag freastal ar an mBord ó dháta faofa na ráiteas airgeadais. Mura ndeirtear a mhalairt thíos d'fhreastal siad mar stiúrthóirí don bhliain iomlán dar críoch 31 Nollaig 2017.

## STIÚRTHÓIR

Rose Hynes *(Cathaoirleach)*
Matthew Thomas *(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)*
Joe Buckley
Tom Coughlan
Tom Kelly
Kevin McCarthy
Kathryn O'Leary Higgins
Liam O'Shea

Mary Considine *(Rúnaí Cuideachta)*

Ceapadh Tom Kelly ar an mBord le feidhm ón 25 Deireadh Fómhair 2017. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Tony Brazil agus Michael Leydon mar stiúrthóirí ar an mBord le feidhm ón 28 Lúnasa 2017.

Tá an Bord freagrach as bainistíocht cheart agus rath fadtréimhseach an Ghrúpa. Déanann sé gach cinneadh suntasach straitéiseach agus coimeádann sé smacht iomlán agus éifeachtach agus solúbthacht imleor á cheadú don bhainistíocht an gnó a rith go héifeachtach laistigh d'údarás tarmligthe oiriúnach a bhíonn faofa ag an mBord. Tá an Bord tar éis sceideal foirmeálta imeachtaí a choinneáil dá chinneadh agus dá fhaomhadh. Áirítear sna nithe seo glacadh le pleananna straitéiseacha agus gnó, faomhadh na ráiteas airgeadais bhliantúla agus buiséad bhliantúil, polasaí cistíochta, éadálacha, diúscairtí, caiteachas caipitiúil agus idirbhearta réadmhaoine (os cionn tairseacha áirithe) agus conarthaí ábhartha. Ar na nithe eile atá forchoimeádta don Bhord áirítear maoirseacht ar an gcóras bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánach agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh.

Tugann an Cathaoirleach treoir don Bhord maidir le cinneadh a dhéanamh ar a straitéis agus a chuspóirí a bhaint amach agus tá sé/sí freagrach as gnó an Bhoird a eagrú, á chinntiú go mbíonn sé éifeachtach agus an clár oibre á shocrú aige/aici. Déanann an Cathaoirleach éascú ar ionchur éifeachtach na stiúrthóirí, á chinntiú go bhfaigheann na stiúrthóirí eolas cruinn, go tráthúil agus go soiléir, agus déanann sé cumarsáid éifeachtach a cheadú leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

# TUARASCÁIL STIÚRTHÓRA *(ar lean)*

**AN BORD STIÚRTHA** *(ar lean)*
Tugtar eolas don Bhord go rialta, ar a n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta maidir le gach gné de ghnó an Ghrúpa. Déantar tuarascálacha agus páipéir a scaipeadh ar an stiúrthóirí go tráthúil, mar ullmhúchán do chruinnithe an Bhoird agus fhochoiste an Bhoird. Cuirtear leis na páipéir seo le heolas a loirgíonn na stiúrthóirí go sonrach ó am go chéile. Soláthraítear tuarascálacha airgeadais bhainistíochta agus faisnéis rialta do gach stiúrthóir, a chuireann ar a gcumas an Grúpa agus feidhmíocht na bainistíochta a iniúchadh de réir na gcuspóirí a bhíonn aontaithe.

Tá struchtúr an Bhoird leagtha síos de réir reachta trína ndéantar líon na stiúrthóirí ar an mBord, agus an bealach ina ndéantar na stiúrthóirí sin, ar a n-áirítear an Cathaoirleach, a cheapadh (agus a chur as oifig) leagtha amach in Acht Ghrúpa na Sionainne. Tá soláthar sa reachtaíocht mar a leanas:

- Nach mbíonn níos mó ná 10 stiúrthóir ar Bhord an Ghrúpa.
- Is féidir leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ("an tAire"), le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndiaidh dul i gcomhairle le cibé ionadaithe ceardchumainn a chreideann sé nó sí a bheith oiriúnach, beirt a cheapadh le hionadaíocht a thabhairt d'fhostaithe an Ghrúpa agus a fhochuideachtaí, mar stiúrthóirí ar an nGrúpa.
- Déanfaidh an tAire stiúrthóirí an Ghrúpa a cheapadh (seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), le comhthoil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Beidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar feadh tréimhse a c(h)eapacháin, mar stiúrthóir *ex officio* ar an nGrúpa.
- Beidh gach stiúrthóir den Ghrúpa in oifig de réir cibé téarmaí (seachas íocaíocht luach saothair agus liúntais chaiteachais) a shocraíonn an tAire ag am a c(h)eapacháin. Déanfaidh an tAire, agus stiúrthóir á cheapadh ar an nGrúpa, fad ama an stiúrthóra sin in oifig a shocrú, nach mbeidh níos faide ná 5 bliana.
- Ní dhéanfaidh stiúrthóir ar an nGrúpa (seachas an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) freastal do thréimhse níos faide ná 10 mbliana ar fad.

Tá meascán de scileanna agus taithí ag na stiúrthóirí i réimsí eitlíochta, tráchtála, airgeadais, dlí, forbartha gnó, oibríochtaí, sábháilteacht agus slándáil, bainistíocht athruithe agus caidreamh tionsclaíoch. Tugann na scileanna seo an inniúlacht atá de dhíth chuig an mBord le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhíonn i ndán don Ghrúpa. Baineann stiúrthóirí úsáid as a dtaithí agus a gcuid eolais maidir le straitéis a fhorbairt agus úsáideann siad a réimse scileanna éagsúla le dúshlán tairbheach a thabhairt do cheisteanna a mbíonn tábhacht straitéiseach leo don Ghrúpa. Tá an Bord sásta go bhfuil an meascán iomchuí scileanna agus taithí ag a bhaill atá oiriúnach do riachtanais an Ghrúpa.

Tá an Bord sásta go bhfuil a mhéid agus a struchtúr, faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, oiriúnach do riachtanais an Ghrúpa agus go bhfuil cothromaíocht bainte amach maidir le hionadaíocht ar an mBord.

Tá na stiúrthóirí tar éis próiseas foirmeálta ionduchtaithe a chur díobh agus soláthraíodh freisin iad le mionchláipéisí faisnéisithe, rialachais, airgeadais agus faisnéis oibríochta le bheith curtha ar an eolas ag feidhmeannaigh ar ghnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa. Déantar turais eagraithe taithíochta ar shaoráidí an Ghrúpa a sholáthar feisin ar a n-áirítear campas an Aerfoirt, agus maoin tráchtála agus láithreáin oidhreachta an Ghrúpa. Déantar riachtanais leanúnacha forbartha na stiúrthóirí a choinneáil faoi athbhreithniú. Aithníonn an Bord an gá atá lena chinntiú go mbíonn baill an Bhoird ar an eolas maidir leana bhfreagrachtaí reachtúla agus muiníne agus go gcoimeádtar suas chun dáta agus ar an eolas iad maidir le forbairtí tionsclaíochta, eacnamaíochta agus Rialachais Chorparáidigh agus ar athruithe ar dhea-chleachtas. Déantar riachtanais oiliúna agus forbartha a athbhreithniú agus a aontú leis an gCathaoirleach.

Tá rochtain ag baill ag Bhoird ar Rúnaí na Cuideachta atá freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcloítear le rialacha agus rialacháin infheidhme.

Tá roinnt fochoistí curtha le chéile ag an mBord mar seo a leanas:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca
- Coiste Luach Saothair
- Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil
- Coiste Maoine agus Infheistíochta

**NEAMHSPLEÁCHAS NA STIÚRTHÓIRÍ**
Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí in oifig ar 31 Nollaig 2017 i scaireanna Ghrúpa na Sionainne cpt nó a fhochuideachtaí ag tús na bliana nó ar dháta a gceapacháin, má ba dhéanaí, nó ag deireadh na bliana.

Tá stiúrthóireachtaí nó postanna feidhmiúcháin in eagraíochtaí atá faoi rialú Rialtais na hÉireann ag baill áirithe den Bhord, a dtugtar imlíne bhreise thíos orthu. Ceapadh Rose Hynes ar Údarás Rialaithe Ollscoil Luimnigh i 2017. Tá Tom Coughlan mar Chathaoirleach ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Is fostaithe de chuid Aerfort na Sionainne iad Joe Buckley agus Kevin McCarthy.

Tá an Bord sásta go bhfuil stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar bhainistíocht, neamhspleách maidir le carachtar agus breithiúnas agus saor ó chaidreamh nó ó chúinsí ar dhóichí go mbeadh tionchar acu, nó a mbeadh cuma air go mbeadh tionchar acu, ar bhreithiúnas bhaill an Bhoird. Bíonn breithiúnas neamhspleách ag baint le gach ball den Bhord. Tá ar bhaill neamhfheidhmiúcháin den Bhord aon leas nó ceangal a fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú á mbreithiúnas neamhspleách a chur in iúl.

Tá nósanna imeachta curtha ann ag an mBord le déileáil le coinbhleacht leasa a fhéadfadh a bheith ann. De réir fhorálacha an Chóid agus Acht Ghrúpa na Sionainne, is gá do gach stiúrthóir aon leasa a nochtadh agus fanacht glan ar phlé an Bhoird nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu sa cheist.

**RÚNAÍ CUIDEACHTA AGUS ROCHTAIN AR CHOMHAIRLE GHAIRMIÚIL**
Ceapann an Bord Rúnaí na Cuideachta. D'fheastal Mary Considine mar Rúnaí Cuideachta don bhliain iomlán agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais. D'fhreastal Patricia Culligan mar Rúnaí Cuideachta Cúnta don bhliain iomlán agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Tá rochtain ag gach stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí Cuideachta, atá freagrach don Bhord maidir lena chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Tá fáil ag an mBord ar chomhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa le dul i gcomhairle leo de réir mar is gá é. Is féidir le stiúrthóirí indibhidiúla comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, ag teacht le nósanna imeachta an Ghrúpa, ar chostas an Ghrúpa.





**CRUINNITHE**
Tionóladh cruinnithe rialta den Bhord i gcaitheamh na bliana. Tháinig an Bord le chéile go foirmeálta naoi n-uaire i rith na bliana. Ina theannta sin, bhí roinnt cruinnithe coiste ann.

Tá freastal ar chruinnithe sceidealta den Bhord leagtha amach thíos:

| Stiúrthóir | Freastal ar chruinnithe Boird | Uasmhéid cruinnithe |
|---|---|---|
| Rose Hynes (Cathaoirleach) | 9 | 9 |
| Matthew Thomas (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) | 9 | 9 |
| Joe Buckley | 9 | 9 |
| Tony Brazil | 5 | 5 |
| Tom Coughlan | 9 | 9 |
| Tom Kelly | 1 | 1 |
| Michael Leydon | 5 | 5 |
| Kevin McCarthy | 8 | 9 |
| Kathryn O'Leary Higgins | 9 | 9 |
| Liam O'Shea | 9 | 9 |

**COISTÍ AN BHOIRD**
Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord le cabhrú leis a fhreagrachtaí a chomhlíonadh.

Tá mionsonraí ar obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca, an Choiste Luach Saothair, an Choiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus an Choiste Maoine agus Infheistíochta, ar a n-áirítear a mballraíocht reatha, leagtha amach thíos.

**AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS MEASÚNÚ RIOSCA**
Tá ar an gcuideachta Coiste Iniúchóireachta a bhunú faoi alt 167 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá triúr ball neamhfheidhmiúcháin den Bhord ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca. Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste mar a ndéanann an Bord údarás a tharmligean chuige.

Ceapadh Tom Kelly ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca i rith na bliana agus tá sé ag freastal mar chathaoirleach air, in ionad Tom Coughlan a d'fhreastal mar chathaoirleach go dtí 5 Nollaig 2017. Ceapadh Kathryn O'Leary Higgins ar an bhfochoiste seo i rith na bliana, tar éis deireadh a theacht le tréimhse Tony Brazil in oifig mar stiúrthóir ar an mBord, agus go dtí go gceapfaí Tom Kelly ar an gCoiste. Tháinig an Coiste le chéile ceithre uaire i rith na bliana agus tugtar an freastal ar chruinnithe an Choiste sa tábla thíos:

| Ball | Freastal ar chruinnithe fhochoiste | Uasmhéid cruinnithe |
|---|---|---|
| Tom Kelly | 1 | 1 |
| Tom Coughlan | 4 | 4 |
| Tony Brazil | 2 | 2 |
| Liam O'Shea | 4 | 4 |
| Kathryn O'Leary Higgins | 1 | 1 |

Ar na daoine a d'fhreastal go rialta ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca áirítear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Leas POF – Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, an tIniúchóir Inmheánach seachfhoinsithe – Deloitte, ardbhainistíocht ón rannóg airgeadais agus KPMG, an t-iniúchóir reachtúil neamhspleách.

Is iad seo a leanas príomhréimsí freagrachta an Choiste:

- athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus moladh a chur faoi bhráid an Bhoird, ag díriú ach go háirithe ar athruithe ar pholasaithe agus ar chleachtais chuntasaíochta, príomhréimsí breithiúnais, difríochtaí suntasacha coigeartaithe agus neamhchoigeartaithe, caighdeáin chuntasaíochta a chomhlíonadh, a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais dhlíthiúla agus leanúnachas eolais eile curtha i láthair le hais na ráiteas airgeadais;
- plé agus moladh a dhéanamh maidir le ceapadh, athcheapadh agus cur as oifig an iniúchóira reachtúil agus an táille iniúchóireachta;
- forbairt agus forfheidhmiú ar pholasaí maidir le fostú nó bronnadh chonarthaí ar iniúchóir reachtúil nó cleamhnaí d'obair neamhiniúchóireachta, ag cur na dtreoirlínte eiticiúla ábhartha maidir le dea-chleachtas san áireamh;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar cháilíochtaí, ar shaineolas, ar acmhainní ar neamhspleáchas an iniúchóra reachtúil agus measúnú á dhéanamh ar éifeachtúlacht an phróisis iniúchóireachta seachtrach go bliantúil ar a laghad;
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht rialuithe imheánacha airgidis, rialuithe inmheánacha agus córais bhainistíochta riosca an Ghrúpa;
- cabhrú leis an mBord a dhualgais a chomhlíonadh le hoiriúnacht agus iomláine an chórais rialaithe inmheánach a chinntiú, athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach agus ar an gcreat mar a ndéanann an bhainistíocht cinntiú agus monatóireacht ar leordhóthanacht nádúir, fairsinge agus éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánach, ar a n-áirítear córais rialaithe cuntasaíochta agus córas éifeachtach rialaithe inmheánach á choimeád dá réir;
- athbhreithniú agus moladh a dhéanamh ar Ráiteas an Ghrúpa ar rialú imheánach airgeadais agus ar na córais bhainistíochta riosca roimh fhaofa an Bhoird;
- maoirseacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt don Bhord ar neamhchosaint reatha an Ghrúpa ar riosca agus straitéis riosca sa todhchaí;
- athbhreithniú ar éifeachtúlacht na feidhme Iniúchóireachta Immheánaí a dhéanamh go bliantúil;
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chláir Iniúchóireachta Inmheánaí, le comhordú á chinntiú idir na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus á chinntiú go mbíonn go leor acmhainne ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus go dtugar aird chuí ar iniúchóireacht ar luach ar airgead;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí mar ar féidir leis an bhfoireann ceisteanna a ardú, faoi rún, maidir le hiompar míchuí a fhéadfadh a bheith i gceist i ngnó, airgeadais nó eile agus a chinntiú go mbíonn socruithe ann lena leithéid de cheisteanna a imscrúdú.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na ráitis bhliantúla airgeadais sular moladh don Bhord iad a fhaomhadh. Rinne an Coiste machnamh, agus plé leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Leas POF – Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, leis an ardbhainistíocht airgeadais agus leis nan a hiniúchóirí reachtúla, ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta suntasacha, na meastacháin agus na breithiúnais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, in éineacht le ceisteanna maidir le cur i láthair agus faisnéisiú.

Tá creat bainistíochta riosca bunaithe ag an gCoiste le féachaint ar na próisis leis na rioscaí atá ann agus atá ag teacht chun cinn a aithint, a thuairisciú agus a bhainistiú. Fuair an Coiste tuairiscí bainistíochta tréimhsiúla ar an gcreat bainistíochta riosca a cuireadh i bhfeidhm, ar a n-áirítear gníomhaíochtaí bainistíochta le haghaidh a thabhairt ar, le maolú agus le bainistiú a dhéanamh ar rioscaí ar bhonn leanúnach. Bhí seo ag teacht le tuairiscí bainistíochta a fuair an Bord ar rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus ar athruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus seachtrach le tionchar acu ar na cláir rioscaí.

# TUARASCÁIL STIÚRTHÓRA *(ar lean)*

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS MEASÚNÚ RIOSCA *(ar lean)*

Rinne an Coiste athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar éifeachtúlacht chórais bhainistíochta riosca agus rialaithe imheanaí an Ghrúpa. Chlúdaigh monatóireacht na rialuithe uile, ar a n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíontachta agus na próisis bhainistíochta riosca.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchóireachta bliantúil inmheánach bunaithe ar riosca, ar a n-áirítear na hacmhainní de dhíth, agus féachadh ar ailíniú ar fhócas na hiniúchóireachta inmheánaí maidir leis na réimsí is mó riosca don Ghrúpa. I rith na bliana, d'fhéach an Coiste ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach mar a raibh achoimre ar an obair a bhí beartaithe agus a déanadh, le feabhas á mholadh agus cur síos ar ghníomhaíochtaí na bainistíochta. Chuir an tIniúchóir Inmheánach an Coiste ar an eolas maidir le torthaí na n-athbhreithnuithe iniúchóireacha inmheánaí. D'fhéach an Coiste freisin ar dhul chun cinn na bainistíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna ábhartha, ar a n-áirítear nádúr, fairsinge agus luas fhreagra.

Rinne an Coiste faomhadh ar luach saothair agus téarmaí rannpháirtíochta KPMG, an t-iniúchóir reachtúil neamhspleách. Rinne an Coiste athbhreithniú agus faomhadh ar phlean iniúchóireachta seachtrach agus ar thorthaí KPMG óna n-iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ghlac an Coiste céimeanna iomchuí lena chinntiú go gcoimeádfaí comhchaidreamh oibiachtúil agus gairmiúil le KPMG.

D'fhéach an Coiste ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht KPMG. Áiríodh ar seo measúnú a dhéanamh ar a) nádúr agus fairsinge na seirbhísí a soláthraíodh, agus na táillí a tuilleadh, ar obair iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta seachtrach a rinne KPMG agus b) a chinntiú nach raibh coinbhleacht leasa i gceist le soláthar seirbhísí neamhiniúchóireachta an Ghrúpa.

Tá na táillí a íocadh le KPMG as seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí a bhain le hiniúchóireacht agus seirbhísí eile neamhiniúchóireachta leagtha síos i Nóta 5 de na ráitis airgeadais. Ní raibh aon chás inar fostaíodh KPMG le seirbhísí a sholáthar a ceapadh a chruthódh coinbhleacht leasa.

Rinne an Coiste monatóireacht freisin ar chomhlíontacht KPMG i dtaca le treoir rialála, eiticiúla agus gairmiúla maidir le huainíocht na gcomhpháirtithe, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar go bliantúil ar cháilíochtaí, saineolas, acmhainní agus éifeachtúlacht a bpróiseas iniúchóireachta.

Tugann cathaoirleach an Choiste tuarascáil tráthúil don Bhord ar cheisteanna suntasacha ar fhéach an Coiste orthu agus a bhféachann an Bord ansin orthu.

## COISTE LUACH SAOTHAIR

Tá triúr ball neamhfheidhmiúcháin ar an gCoiste Luach Saothair. Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste mar a ndéanann an Bord údarás a tharmligean chuige. Tá Rose Hynes ag freastal mar chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana agus tugtar an freastal ar chruinnithe an Choiste sa tábla thíos:

| Ball | Freastal ar chruinnithe fhochoiste | Uasmhéid cruinnithe |
|---|---|---|
| Rose Hynes | 2 | 2 |
| Liam O'Shea | 2 | 2 |
| Tom Coughlan | 2 | 2 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste Luach Saothair i rith na bliana ná luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus struchtúir phá na hardbhainistíochta a shocrú agus athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ábharthacht leanúnach pholasaithe luach saothair agus scéimeanna pinsin an Ghrúpa agus aon mhórathruithe struchtúracha ar a leithéid de pholasaithe nó scéimeanna.

Tá sonraí ar tháillí agus díolaíochtaí stiúrthóra ar a n-áitear a mbaineall leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin leagtha amach i Nóta 6 leis an ráitis airgeadais, de réir riachtanais an Chóid. Tugtar achoimre ar luach saothair na príomhbhainistíochta i Nóta 28 (b) leis na ráitis airgeadais.

## COISTE SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHTA, SLÁNDÁLA AGUS COMHSHAOIL

Tá ceathrar ball ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil, ar a n-áirítear ball neamhfheidhmiúcháin amháin. Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste mar a ndéanann an Bord údarás a tharmligean chuige.

Tá Kathryn O'Leary Higgins mar chathaoirleach ar an gCoiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil. Ceapadh Matthew Thomas ar an bhfochoiste seo i rith na bliana. D'fhreastal Michael Leydon mar bhall den fhochoiste seo go dtí gur tháinig deireadh lena théimhse oifige mar stiúrthóir ar an mBord.

Tháinig an Coiste le chéile ceithre uaire i rith na bliana agus tugtar an freastal ar chruinnithe an Choiste sa tábla thíos:

| Ball | Freastal ar chruinnithe fhochoiste | Uasmhéid cruinnithe |
|---|---|---|
| Kathryn O'Leary Higgins | 4 | 4 |
| Joe Buckley | 4 | 4 |
| Matthew Thomas | 1 | 1 |
| Michael Leydon | 2 | 3 |
| Kevin McCarthy | 4 | 4 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste i rith na bliana ná bainistiú a dhéanamh ar cheisteanna a bhain le sláinte, sábháilteacht agus comhshaol i ngach cuideachta ag an nGrúpa agus bainistíocht ar cheisteanna sábháilteachta agus slándála aeradróim ag ag Aerfort na Sionainne.

Tuairiscíonn sé don Bhord ar aon chomhlíontacht suntasach nó ar cheisteanna ábhartha eile, faigheann sé tuairiscí teagmhais, déanann sé athbhreithniú ar thuarascálacha ar cheisteanna sábháilteachta, slándála, sláinte agus comhshaoil taobh an aeir, déanann sé monatóireacht ar na próisis oiliúna agus déanann athbhreithniú ar chumarsáid ghaolmhar leis an nGrúpa. Déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú ar na cláir rioscaí atá faoina chúram.

## COISTE MAOINE AGUS INFHEISTÍOCHTA

Tá triúr ball ar an gCoiste Maoine agus Infheistíochta, ar a n-áirítear ball neamhfheidhmiúcháin amháin. Tá téarmaí tagartha sainithe ag an gCoiste mar a ndéanann an Bord údarás a tharmligean chuige. Ceapadh Joe Buckley ar an bhfochoiste seo i rith na bliana. D'fhreastal Michael Leydon mar bhall den fhochoiste seo go dtí gur tháinig deireadh lena théimhse oifige mar stiúrthóir ar an mBord.

Tá Rose Hynes mar chathaoirleach ar an gCoiste Maoine agus Infheistíochta. Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó i rith na bliana agus tugtar an freastal ar chruinnithe an Choiste sa tábla thíos:

| Ball | Freastal ar chruinnithe fhochoiste | Uasmhéid cruinnithe |
|---|---|---|
| Rose Hynes | 2 | 2 |
| Pat Dalton | - | - |
| Michael Leydon | 2 | 2 |
| Matthew Thomas | 2 | 2 |

Ba iad príomhfhreagrachtaí an Choiste i rith na bliana ná athbhreithniú a dhéanamh ar gach cinneadh straitéiseach maoine agus caipitil, measúnú a dhéanamh ar dheiseanna nua forbartha agus athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíocht réadmhaoine, éadálacha, diúscairtí agus comhaontuithe tráchtála.

Tuairiscíonn sé don Bhord agus déanann sé deimhin de go ndéanann forbairtí, deiseanna agus éadálacha sócmhainne agus diúscairtí nua barrfheabhsú ar bhrabús don Ghrúpa ar a thalamh agus a mhaoin agus ar a scairsheilbh in aon fhochuideachta.

## RIALÚ INMHEÁNACH AGUS BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tá freagracht ar an mBord maidir le córas rialaithe inmheánaí an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Ceapadh an córas le bainistiú a dhéanamh, seachas le deireadh a chur le, riosca maidir le gan cuspóirí gnó a bhaint amach agus ní sholáthraíonn sé ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, maidir le míthuairisc nó caillteanas ábhartha.

Tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an mBord le nósanna imeachta oibríochta agus tuairiscithe atá soiléir, le seirbhísí phearsanra cuícháilithe faighte aige, le línte freagrachta oiriúnacha ceaptha, teorainneacha oiriúnacha údaraithe leagtha síos, socruithe déanta maidir le dualgais a leithscaradh agus tarmligean déanta ar an údarás atá riachtanach le cinneadh a dhéanamh.

Tá próiseas leanúnach curtha ann ag an mBord d'fhonn na rioscaí suntasacha atá i ndán don Ghrúpa a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Níl an bhainistíocht freagrach as na rioscaí suntasacha a bhaineann le gnó a aithint agus a mheasúnú ná as rialuithe oiriúnacha inmheánacha a dhearadh agus a oibriú. Tá an Bord tar éis Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí a cheapadh. Faigheann an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil agus an Bord tuarascálacha rialto ón bPríomhoifigeach Riosca agus ón mbainistíocht ar na príomhrioscaí agus conas a dhéantar déileáil leo.

Áirítear iad seo a leanas sa chóras rialuithe inmheánacha:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir, le teorainneacha údaráis atá sainithe agus bealaí tuairiscithe chuig leibhéil níos airde den bhainistíocht agus chuig an mBord;
- Córais chuimsitheacha bhuiséadaithe le buiséad bliantúil atá faoi réir fhaofa an Bhoird;
- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais ar a n-áirítear fíorthorthaí carnach le hais an buiséad. Cuirtear na torthaí seo faoi bhráid an Bhoird d'fhonn iad a phlé ag gach cruinniú den Bhord. Ceistíonn an Bord athruithe suntasacha nó éagsúlachtaí diúltacha agus glactar céimeanna ceartaitheacha nuair is cuí;
- Tacar cuimsitheach de pholasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le rialú oibríochtúil agus airgeadais, ar a n-áirítear caiteachas caipitiúil. Éilíonn mórthionscadail chaipitil faomhadh an Bhoird, agus déanann fochoiste Maoine agus Infheistíochta an Bhoird dlúthmhonatóireacht orthu go leanúnach;
- Próiseas bainistíochta riosca a cheadaíonn rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na cuspóirí aontaithe gnó a bhaint amach agus a chinntíonn gur ann do chéimeanna agus rialuithe oiriúnacha maolaithe, a aithint agus a mheasúnú. Tá an Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí i gceannas ar an bpróiseas seo le tuairiscí rialta á gcur chuig fochoistí Iniúchóireachta agus Riosca agus Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil an Bhoird;
- Cód eitice a éilíonn ar an ardbhainistíocht agus ar fhostaithe na caighdeáin eitice is aired a bheith acu agus iad i mbun gnó;
- Freagrach na bainistíochta as gach leibhéal rialaithe inmheánaí a bhaineann a bhfeidhmeanna gnó faoi seach;
- Déanann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí athbhreithniú córasach ar an rialuithe inmheánacha airgeadais. Cuirtear béim san athbhreithniú ar na réimsí is mó riosca, faoi mar a bhíonn aitheanta ag anailís riosca.

Coimeádann an Grúpa cláir rioscaí a ndearna an Bord athbhreithniú orthu agus a ndearna An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Comhshaoil athbhreithniú orthu, de réir mar ba chuí. Déanann na cláir rioscaí aithint, measúnú agus aghaidh a thabhairt ar mhaolú na bpríomhrioscaí a bhíonn i ndán don Ghrúpa, ag clúdach rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla, comhlíontachta, airgeadais, sábháilteachta agus slándála.

Tugann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Riosca tuairisc don Bhord ar athruithe suntasacha sa ghnó agus ina thimpeallacht seachtrach agus ar thionchar na n-athruithe seo ar phróifíl riosca an Ghrúpa.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánach suas chuig dáta faofa na ráiteas airgeadais. Rinne fochoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca an Bhoird mion-athbhreithniú, ar cuireadh a thorthaí ar ais faoi bhráid an Bhoird. Déanadh athbhreithniú ar na príomhréimsí rialaithe airgeadais, oibríochta agus comhlíontachta agus bainistíochta riosca. Ar an bpróiseas a úsáideadh le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánach áirítear:

- Athbhreithniú agus breithniú an chláir Iniúchóireachta Inmheánaí agus breithniú a thuairiscí agus a thorthaí;
- Athbhreithniú ar stádas na gceisteanna a ardaíodh roimhe seo in Iniúchóireacht Inmheánach;
- Athbhreithniú ar ghníomhaíocht bainistíochta riosca ar a n-áirítear cláir rioscaí;
- Athbhreithniú ar thuairiscí ó na hiniúchóirí reachtúla ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna ábhartha rialaithe airgeadais inmheánach a d'aithin said ina gcuid oibre mar iniúchóirí.

Tugann Cathaoirleach an Bhoird tuairisc don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar chomhlíontacht maidir leis an gCód Cleachais a bhaineann le Rialachas Chomhlachtaí Stáit i gcaitheamh na tréimhse airgeadais a bhíonn faoi athbhreithniú.

Tá an Bord sásta go bhfuil córas rialaithe inmheánach airgeadais an Ghrúpa oiriúnach le cinnteacht réasúnta a sholáthar maidir le sócmhainní a chosaint in aghaidh úsáide neamhúdaraithe nó diúscartha agus cúntasaíocht cheart agus faisnéis iontaofa airgeadais a choimeád.

# TUARASCÁIL STIÚRTHÓRA *(ar lean)*

**RÁITEAS COMHLÍONTACHTA**

Deimhníonn na stiúrthóirí go ndearna an Chuideachta de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, ach amháin do nochtadh áirithe atá de dhíth sa tuarascáil bhliantúil agus sna ráitis airgeadais a bhaineann le costais na foirne, le comhairliúchán agus le dlí, a sholáthrófar astu féin i litir an Chathaoirligh chuig an Aire.

**GNÓTHAS LEANTACH**

Tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí, tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséad agus réamh-mheastacháin an Ghrúpa agus na saoráidí bainc reatha, go bhfuil acmhainní sásúla ag an nGrúpa le leanúint ag feidhmiú go ceann i bhfad. Ar an gcúis sin, leanann said leis an mbonn mar ghnóthas leantach a ghlacadh agus na ráitis airgidis á n-ullmhú.

**TAIFEAD CUNTASAÍOCHTA**

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis tar éis déanamh de réir riachtanais ailt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifead cuntasaíochta imleor a choimeád trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú le saineolas iomchuí agus trí go leor acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifead ar chuntais na Cuideachta ag Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir.

**DUALGAIS BHREISE CHOMHLÍONTACHTA**

Comhlíonann an Grúpa an Rialachas Corparáideach agus na dualgais eile atá leagtha síos ag Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Déanann an Grúpa freastal ar a dhualgais freisin faoi reachtaíocht eile ar a n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do, Acht um Brústócaireacht a Rialáil 2015 agus an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tá an Grúpa tar éis Polasaí Nochtuithe Cosanta a chur i bhfeidhm de réir riachtanais Acht um Nochtuithe Cosanta 2014. Tugtar imlíne ar an mheicníocht mar ar féidir le fostuithe an Ghrúpa a n-imní a chur in iúl nach féidir a réiteach mar is cóir trí na ngnáthbhealaí nó le nochtuithe a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail de réir Acht um Nochtuithe Cosanta 2014, laistigh den Pholasaí Nochtuithe Cosanta. Is féidir gach nochtadh eolais ag fostaithe a ardú chuig bainisteoir líne an fhostaí nó Acmhainní Daonna de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos sa pholasaí.

Tá an Grúpa tiomanta feisin cearta agus príobháideacht na ndaoine indibhidiúla a chosaint de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus gach reachtaíocht a bhaineann leo.

**SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT, SLÁNDÁIL AGUS COMHSHAOL**

Déantar folláine fhostaithe an Ghrúpa a chosaint trí chloí go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Leagann An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 dualgais áirithe ar fhostóirí agus ar gach cuideachta ábhartha laistigh den Ghrúpa gach céim a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht seo.

Tá ceisteanna sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil thar a bheith tábhachtach laistigh d'Aerfort na Sionainne. Tá oibríochtaí an Aerfoirt faoi réir réimse de dhlíthe, rialacháin agus caighdeáin déine sláinte, sábháilteachta, slándála agus comhshaoil. Sa chás go sárófaí aon dlí nó rialachán acu is féidir go ngearrfaí pionós ábhartha ar an Aerfort agus go mbeadh drochthionchar ábhartha aige ar ghnó an Ghrúpa.

**ACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS**

Is é polasaí an Ghrúpa déanamh de réir fhorálacha Acht um Íocaíocht Pras na gCuntas 1997 mar a leasaíodh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012. Is iad na téarmaí caighdeánacha creidmheasa, mura sonraítear a mhalairt i gcomhaontú sonrach chonartha, ná 30 lá. Tá rialuithe oiriúnach airgeadais inmheánach ann, ar a n-áirítear róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe go soiléir agus déantar athbhreithniú rialto ar chleachtais íocaíochta. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo cinnteacht, cé nach cinnteacht iomlán é, in aghaidh neamhchomhlíontacht ábhartha na rialachán.

**DEONACHÁIN PHOLAITIÚLA**

Ní dhearna an Grúpa agus an Cuideachta aon deonachán polaitiúil ná aon chaiteachas polaitiúil i rith na bliana.

**EOLAS ÁBHARTHA INIÚCHÓIREACHTA**

Creideann na stiúrthóirí gur ghlach siad gach céim riachtanach d'fhonn iad féin a chur ar an eolas maidir le haon eolas ábhartha iniúchóireachta agus é dearbhaithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas sin. Chomh fada agus is eol dóibh, níl aon eolas ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúp ar an eolas in thaobh.

**RÁITEAS COMHLÍONTACHTA NA STIÚRTHÓIRÍ**

Aithníonn na stiúrthóirí, de réir Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil freagracht orthu as comhlíontacht na Cuideachta a chinntiú maidir le dualgais áirithe atá sonraithe sa rannóg sin a éiríonn as Acht na gCuideachtaí 2014, agus faoi na dlíthe Cánach ('dualgais ábhartha'). Deimhníonn na stiúrthóirí:

- gur cuireadh ráiteas ar pholasaí comhlíontachta Ghrúpa na Sionainne le chéile ina leagtar síos na polasaithe maidir lena leithéid de chomhlíontacht;
- gur ann do shocruithe agus struchtúir iomchuí a ceapadh, dar leo, le comhlíontacht ábhartha a bhaint amach maidir le dualgais ábhartha na Cuideachta, agus
- gur déanadh athbhreithniú, le linn na bliana airgeadais, ar shocruithe agus struchtúir a cuireadh ann le comhlíontacht na Cuideachta ar a dhualgais ábhartha a bhaint amach.


**IMEACHTAÍ INA DHIAIDH SIN**

Níor tharla aon imeachtaí suntasach a raibh tionchar acu ar an nGrúpa i ndiaidh dheireadh na bliana.

**INIÚCHÓIR**

De bhun Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, le bheith in oifig.

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Matthew Thomas**
*Stiúrthóir*

28 Márta 2018





# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá freagracht ar na stiúrthóirí maidir leis an tuarascáil stiúrthóra agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán ábhartha.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí go n-ullmhódh na stiúrthóirí ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin tá roghnaithe acu ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha ag an AE agsu sa dlí infheidhme.

Faoi dhlí na gcuideachtaí ní féidir le Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh mura mbíonn siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus macánta ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas don bhliain sin. Agus gach ráiteas airgeadais don Ghrúpa agus don Chuideachta á ullmhú, tá ar na stiúrthóirí:


- polasaithe oiriúnacha cuntasachta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- a rá cibé ar ullmhaíodh iad de réir IFRS faoi mar atá glachta ag an AE; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura mbíonn sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta i mbun gnó.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí maidir le taifid chuntasaíochta a bhíonn imleor a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha ag an AE agus ag teacht le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu maidir le cibé céimeanna a bhíonn réasúnta dóibh a ghlacadh le sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta a chosaint agus le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Tá freagracht ar na stiúrthóirí freisin as tuarascáil stiúrthóra a ullmhú a chomhlíonann riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí freisin as a chinntiú go léiríonn faisnéisiú an Rialachais Chorparáidigh sa tuarascáil Stiúrthóra go bhfuil an grúpa ag déanamh de réir an Chóid Chleachtais chum Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Tá freagracht ar na stiúrthóirí as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidigh agus airgeadais atá áirithe ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Is féidir go mbeadh an reachtaíocht a bhaineann le hullmhú agus leithdháileadh ráiteas airgeadais i bPoblacht na hÉireann éagsúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird



**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*



**Matthew Thomas**
*Stiúrthóir*

28 Márta 2018

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL GHRÚPA NA SIONAINNE CPT

## 1 TUARASCÁIL AR INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

***Tuairim***

Tá iniúchóireacht déanta againn ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ("ráitis airgeadais) Ghrúpa na Sionainne don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 a thiomsaíonn an Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais, Ráiteas Comhdhlúite maidir le hIoncam Cuimsitheach Eile, an Ráiteas Comhdhlúite ar an Staid Airgeadais, Ráiteas na Cuideachta ar an Staid Airgeadais, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Cothromais, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Cothromais, Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite, Ráiteas Sreabhaidh Airgid na Cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, ar a n-áirítear achoimre ar na polasaithe cuntasaíochta suntasacha atá leagtha síos i nóta 1. Tá an creat tuarascála airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúchán de réir dlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach, agus, maidir le ráitis airgeadais na Cuideachta, faoi mar atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíor agus macánta ar shócmhainní, dliteanais agus riocht airgeadais an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2017 agus ar a bhrabús don bhliain a chríochnaigh ansin;
- go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíor agus macánta ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2017;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa i gceart de réir IFRS faoi mar atá glactha ag an Aontas Eorpach;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais na Cuideachta i gceart de réir IFRS faoi mar atá glachta ag an Aontas Eorpa, a cuireadh i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014; agus
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gceart de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

*An bonn atá le tuairim*

Rinneamar ár n-iniúchóireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) (CIlanna na hÉireann) agus an dlí is infheidhme. Tá tuilleadh cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin seo sa rannán ar *Fhreagrachtaí an Iniúchóra maidir le hIniúchóireacht na Ráiteas Airgeadais* inár dtuarascáil. Is Cuideachta neamhspleách sinn de réir na ndualgas eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchóireacht ar ráitis airgidis in Éirinn, ar a n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás na hÉireann um Maoirseacht Iniúchóireachta agus Chuntasaíochta (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla comhlíonta againn de reír na ndualgas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn imleor agus oiriúnach le bonn a sholáthar dár dtuairim.

*Níl aon ní le tuairisciú againn ar ghnóthas leantach*

Tá orainn tuairisc a thabhairt duit má bhímid den tuairim go bhfuil an úsáid atá á bhaint as bonn ghnóthais leantaigh mí-oiriúnach nó más ann do neamhchinnteacht ábhartha nár nochtadh a chruthódh amhras suntasach maidir le húsáid an bhoinn sin do thréimhse dhá mhí déag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn ina dtaobh seo.

*Eolas eile*

Tá freagracht ar na stiúrthóirí as an eolas eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Is é atá san eolas eile an t-eolas atá áitithe sa tuarascáil stiúrthóra lasmuigh de na ráitis airgeadais agus inár dtuarascáil iniúchóra faoi sin. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, dá réir sin, níl tuairim iniúchóireachta á chur in iúl againn, ach faoi mar atá ráite go follasach thíos, ná conclúid de chineál chinnteachta ar bith ina thaobh.

Tá freagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, dá réir sin, féachaint ar cibé, bunaithe ar ár saothar iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, an ndéanann an t-eolas a bhíonn ann míshonrú ábhartha nó an mbíonn sé ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó lenár bhfaisnéis iniúchóireachta. Bunaithe ar an obair sin amháin níl aon mhíshonrú ábhaertha aitheanta againn san eolas eile.

Bunaithe ar ár gcuid oibre amháin ar an eolas eile:

- níl aon mhíshonrú ábhartha aitheanta againn sa tuarascáil stiúrthóra;
- is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh sa tuarascáil stiúrthóra ag réiteach leis na ráitis airgeadais;
- is é ár dtuairim gur ullmhaíodh an tuarascáil stiúrthóra de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

*Tuairimí ar cheisteanna eile atá forordaithe ag Acht na gCuideachtaí 2014*

Tá gach faisnéis agus míniú a cheapaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchóireacht faighte againn.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta an Ghrúpa imleor le hiniúchóireacht cheart a cheadú ar na ráitis airgeadais agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

*Ceisteanna ar a bhfuil orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir eisceachta*

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 go bhfuil orainn tuairisc a thabhairt duit, más amhlaidh atáimid den tuairim nach bhfuil faisnéisiú á dhéanamh ar luach saothair agus idrbhearta na stiúrthóirí faoi mar a éilíonn Ailt 305 agus 312 den Acht. Níl aon ní le tuairisciú againn ina thaobh seo.

Faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ("an Cód") tá orainn tuairisc a thabhairt duit mura dtagann an ráiteas maidir leis an gcótas rialaithe inmheánach a éilítear faoin gCód, faoi mar a áirítear sa tuarascáil stiúrthóra, ag réiteach le comhlíonadh an Ghrúpa ar alt 1.9 (iv) den Chód nó mura mbíonn sé ag réiteach leis an eolas a bhíonn faighte againn ón ár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tugaimid tuairisc air mura mbíonn.

## 2 FREAGRACHTAÍ AGUS SRIANTA FAOI SEACH AR ÚSÁID

*Freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le ráitis airgeadais*

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 51, tá freagracht ar na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus macánta, agus ar cibé rialú inmheánach a cheapann siad a bheith riachtanach le hullmhú na ráiteas airgeadais a cheadú a bhíonn saor ó mhíshonrú ábhartha, de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá freagracht ar na stiúrthóirí maidir le measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, faoi mar is cuí, ceisteanna a bhaineann le gnóthas leantach ag le gnóthas leantach á úsáid mar bhonn cuntasaíochta mura mbíonn sé ar intinn ag na stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó éirí as oibríochtaí, no gan an tarna rogha acu ach sin a dhéanamh.

*Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúchóireacht na ráiteas airgeadais*

Is iad ár gcuspóirí cinnteacht réasúnta a fháil ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Tá ardleibhéal cinnteachta i gceist le cinnteacht réasúnta, ach ní dearbhú atá ann go ndéanfaidh an iniúchóireacht a déanadh de réir ISAs gach míshonrú ábhartha a aimsiú nuair is ann dá leithéid. Is féidir go dtarlódh míshonrú de bharr calaoise nó earráide agus ceaptar a leithéid a bheith ábhartha sa chás go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh tionchar acu, go hindibhidiúil nó i dteannta a chéile, ar chinntí eacnamaíochta na n-úsáideoirí a dhéanfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tugtar cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtgaí ar shuíomh gréasáin IAASA ag https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsiblities_for_audit.pdf

*Aidhm ár gcuid oibre iniúchóireachta agus cé dóibh atáimid freagrach*

Is do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, a thugtar ár dtuarascáil de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Déanadh ár gcuid oibre iniúchóireachta i dtreo is go mbeadh ar ár gcumas na nithe sin is gá dúinn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid agus a cheadaítear sa dlí é, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith seachas don Chuideachta agus do bhaill na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá againn.

*Caroline Flynn*
**do agus thar ceann**
**KPMG**
**Cuntasóirí Cairte,**
**Gnólacht Reachtúil Iniúchóireachta**

1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

28 Márta 2018





# *RÁITEAS COMHDHLÚITE BRABÚIS NÓ CAILLTEANAIS*
## *don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017*

| | *Nóta* | **Iomlán roimh mhíreanna eisceachtúla 2017 €'000** | **Míreanna eisceachtúla (Nóta 3) 2017 €'000** | **Iomlán 2017 €'000** | Iomlán roimh mhíreanna eisceachtúla 2016 €'000 | Míreanna eisceachtúla (Note 3) 2016 €'000 | Iomlán 2016 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | *2* | **72,239** | - | **72,239** | 67,231 | - | 67,231 |
| Costas díolachán | | **(12,255)** | - | **(12,255)** | (10,741) | - | (10,741) |
| **Brabús comhlán** | | **59,984** | - | **59,984** | 56,490 | - | 56,490 |
| Costais riaracháin | | **(56,030)** | **(636)** | **(56,666)** | (52,829) | (1,334) | (54,163) |
| | | **3,954** | **(636)** | **3,318** | 3,661 | (1,334) | 2,327 |
| Ioncam eile | *4* | **5,769** | - | **5,769** | 4,766 | - | 4,766 |
| Costas eile | *4* | **(6)** | - | **(6)** | - | - | - |
| **Brabús oibriúcháin** | *5* | **9,717** | **(636)** | **9,081** | 8,427 | (1,334) | 7,093 |
| Ioncam airgeadais | *7* | **34** | - | **34** | 205 | - | 205 |
| Costas airgeadais | *7* | **(220)** | - | **(220)** | (37) | - | (37) |
| **Brabús roimh cháin** | | **9,531** | **(636)** | **8,895** | 8,595 | (1,334) | 7,261 |
| Costas cánach ioncaim | *8* | **333** | - | **333** | (636) | - | (636) |
| **Brabús don bhliain** | | **9,864** | **(636)** | **9,228** | 7,959 | (1,334) | 6,625 |

Táthar ag leanúint le gach oibriúchán.

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 98.

# RÁITEAS COMHDHLÚITE MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH EILE
## *don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017*

| | Nóta | Iomlán 2017 €'000 | Iomlán 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain** | | **9,228** | 6,625 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| *Míreanna nach ndéanfar athaicmiú orthu chuig brabús nó caillteanas* | | | |
| Atomhas ar ghnóthachain/(caillteanais) ar dhliteanas pinsin le sochar sainithe | 25 | **218** | (212) |
| (Muirear)/creidmheas cánach gaolmhar iarchurtha | 13 | **(28)** | 27 |
| **Ioncam cuimsitheach eile, glan ar cháin** | | **190** | (185) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán iarthurtha i leith an tsealbhóra caipitil** | | **9,418** | 6,440 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 98.





# *RÁITEAS COMHDHLÚITE AR AN STAID AIRGEADAIS*
## *mar a bhí ar 31 Nollaig 2017*

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 9 | **1,208** | 721 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 10 | **63,022** | 51,346 |
| Maoin infheistíochta | 11 | **82,020** | 66,155 |
| Léas airgeadais infhaighte | 12 | **301** | 308 |
| Sócmhainní cánach iarchurtha | 13 | **101** | 136 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | **146,652** | 118,666 |
| Sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol | 16 | - | 68 |
| Léas airgeadais infhaighte | 12 | **32** | 32 |
| Fardail | 14 | **2,526** | 2,441 |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | **7,296** | 4,859 |
| Infheistíochtaí eile | 18 | **9,036** | 21,032 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 19 | **9,789** | 4,710 |
| **Sócmhainní reatha** | | **28,679** | 33,142 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **175,331** | 151,808 |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | 20 | **38** | 38 |
| Ranníocaíocht chúlchiste caipitil | 20 | **112,275** | 112,275 |
| Tuilleamh coimeádta | | **23,757** | 14,339 |
| **Cothromas iomlán** | | **136,070** | 126,652 |
| **Dliteanais** | | | |
| Iasachtaí agus fiachais | 24 | **13,725** | - |
| Ioncam iarchurtha | 22 | **3,163** | 3,513 |
| Soláthairtí | 23 | **1,099** | 1,592 |
| Sochar fostaí | 25 | **809** | 1,084 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | **18,796** | 6,189 |
| Trádáil agus suimeanna eile iníochta | 21 | **18,331** | 15,824 |
| Iasachtaí agus fiachais | 24 | **700** | 80 |
| Ioncam iarchurtha | 22 | **354** | 474 |
| Soláthairtí | 23 | **1,027** | 1,943 |
| Dliteanais chánach reatha | | **53** | 646 |
| **Dliteanais reatha** | | **20,465** | 18,967 |
| **Dliteanais iomlána** | | **39,261** | 25,156 |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **175,331** | 151,808 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 98.

Thar ceann an Bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Matthew Thomas**
*Stiúrthóir*

28 Márta 2018

# RÁITEAS NA CUIDEACHTA AR AN STAID AIRGEADAIS
*mar a bhí ar 31 Nollaig 2017*

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Sócmhainní airgeadais | 17 | **112,275** | 112,275 |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | **112,275** | 112,275 |
| Trádáil agus infháltais eile | 15 | **28** | 28 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 19 | **10** | 10 |
| **Sócmhainní reatha** | | **38** | 38 |
| **Sócmhainní iomlána** | | **112,313** | 112,313 |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | 20 | **38** | 38 |
| Ranníocaíocht chúlchiste caipitil | 20 | **112,275** | 112,275 |
| Tuilleamh coimeádta | | - | - |
| **Cothromas iomlán** | | **112,313** | 112,313 |
| **Dliteanais** | | | |
| Trádáil agus suimeanna eile iníoctha | | - | - |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | - | - |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **112,313** | 112,313 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 98.

Thar ceann an Bhoird

**Rose Hynes**
*Cathaoirleach*

**Matthew Thomas**
*Stiúrthóir*

28 Márta 2018



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | 2017

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE COTHROMAIS
*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017*

| | Scairchaipiteal €'000 | Cúlchiste ranníocaíochta caipitil €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 38 | 112,275 | 7,899 | 120,212 |
| Brabús | - | - | 6,625 | 6,625 |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | (185) | (185) |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | - | - | 6,440 | 6,440 |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 38 | 112,275 | 14,339 | 126,652 |
| **Ar an 1 Eanáir 2017** | **38** | **112,275** | **14,339** | **126,652** |
| Brabús | - | - | **9,228** | **9,228** |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | **190** | **190** |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | - | - | **9,418** | **9,418** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **38** | **112,275** | **23,757** | **136,070** |

Tá gach suim iarchurtha i leith sealbhóir/úinéir chothromais na Cuideachta.

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais comhdhlúite seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 98.

# RÁITEAS NA CUIDEACHTA AR ATHRUITHE COTHROMAIS
*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017*

| | Scairchaipiteal €'000 | Cúlchiste ranníocaíochta caipitil €'000 | Tuilleamh coimeádta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 38 | 112,275 | - | 112,313 |
| Brabús | - | - | - | - |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | - | - |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | - | - | - | - |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 38 | 112,275 | - | 112,313 |
| **Ar an 1 Eanáir 2017** | **38** | **112,275** | - | **112,313** |
| Brabús | - | - | - | - |
| Ioncam cuimsitheach eile | - | - | - | - |
| *Ioncam cuimsitheach iomlán* | - | - | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **38** | **112,275** | - | **112,313** |

Tá gach suim iarchurtha i leith sealbhóir/úinéir chothromais na Cuideachta.

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí ar leathanaigh 61 go 98.



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | 2017

# RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID COMHDHLÚITE
*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017*

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | **9,228** | 6,625 |
| *Coigeartuithe maidir le:* | | | |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | | **(350)** | (355) |
| Amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe | | **508** | 37 |
| Dímheas ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh | | **5,217** | 4,234 |
| Athrú ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta | | **(4,604)** | (4,513) |
| Gnóthú ar dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta | | **(1,165)** | (67) |
| Aisiompú ar bhearnú iasachta infhaighte | | - | (96) |
| Gnóthú ar dhiúscairt sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol | | - | (90) |
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, ghléasra agus trealaimh | | **6** | - |
| Ioncam airgeadais | | **(34)** | (205) |
| Costas airgeadais | | **220** | 37 |
| Muirear cánach | | **(333)** | 636 |
| | | **8,693** | 6,243 |
| *Athruithe ar:* | | | |
| - Trádáil agus infháltais eile | | **(2,437)** | 3,216 |
| - Fardail | | **(85)** | (563) |
| - Trádáil agus suimeanna eile iníochta | | **3,401** | (1,286) |
| - Ioncam iarchurtha | | **(120)** | (284) |
| - Soláthairtí | | **(1,409)** | 207 |
| - Sochar fostaí | | **(77)** | 111 |
| - Iasacht infhaighte | | - | 430 |
| - Léas airgeadais iníoctha | | **(80)** | (93) |
| - Léas airgeadais infhaighte | | **7** | 8 |
| **Airgead ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **7,893** | 7,989 |
| Ús faighte agus ioncam cosúil leis | | **54** | 205 |
| Ús íoctha | | **(95)** | (14) |
| Cáin íoctha | | **(253)** | (53) |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **7,599** | 8,127 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaícohtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe | | **(19,575)** | (8,597) |
| Ceannach réadmhaoine infheistíochta | | **(14,641)** | (6,167) |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | | **72** | 44 |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine infheistíochta | | **5,328** | 1,503 |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní airgeadais ar fáil le díol | | - | 490 |
| Fáltais ó dhiúscairt infheistíochtaí eile | *18* | **11,996** | - |
| Ceannach infheistíochtaí eile | *18* | - | (11,016) |
| **Airgead glan úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(16,820)** | (23,743) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaícohtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí agus fiachais | | **14,300** | - |
| **Airgead glan ó ghníomhaícohtaí maoinithe** | | **14,300** | - |
| **Laghdú glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | **5,079** | (15,616) |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid ag tús na bliana | | **4,710** | 20,326 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | *19* | **9,789** | 4,710 |

# RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID NA CUIDEACHTA
*don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017*

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús | | - | - |
| **Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | - | - |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaícohtaí maoinithe** | | - | - |
| **Glanghluaiseacht ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | | - | - |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid ag tús na bliana | | **10** | 10 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 19 | **10** | 10 |





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
*mar chuid de na ráitis airgeadais*

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

### 1.1 Eintiteas tuairiscthe
Is cuideachta é Grúpa na Sionainne cpt (an "Chuideachta") a bhfuil sainchónaí air in Éirinn. Is é atá i ráitis chomhdhlúite airgeadais na Cuideachta ná an Chuideachta agus a fochuideachtaí (a dtugtar an "Grúpa" orthu in éineacht agus a dtugtar "eintitis Ghrúpa" go hindibhidiúil orthu).

I ndiaidh achtaithe an tAcht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 ("Acht Ghrúpa na Sionainne"), déanadh corprú ar Ghrúpa na Sionainne cpt ar an 29 Lúnasa 2014. Tá iomlán an scairchaipitil a eisíodh don Chuideachta coimeádta go fóinteach ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ar an 5 Meán Fómhair 2014, aistríodh úinéireacht na scaireanna go léir ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in Údarás Aerfort na Sionainne cpt agus Fiontair Tráchtála na Sionainne Teoranta (a raibh Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne roimhe seo air) chuig Grúpa na Sionainne cpt ("Grúpa na Sionainne"). Bhí foráil in Acht Ghrúpa na Sionainne nach mbeadh aon chomaoin iníoctha ag Grúpa na Sionainne maidir le scaireanna dílsithe i nGrúpa na Sionainne.

Deánadh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a fhaomhadh le heisiúint ar an 28 Márta 2018.

Tugtar sonraí anseo a leanas ar na polasaithe cuntasaíochta a chuirtear i bhfeidhm go leanúnach sa déileáil le nithe a cheaptar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus cuireann gach eintiteas de chuid an Ghrúpa i bhfeidhm go leanúnach iad.

### 1.2 Bonn le hullmhúchán
Ullmhaíodh na ráitis chomhdhlúite airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSs) agus a mbrí eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB) mar atá glactha ag an AE ("EU IFRS").

Ullmhaíodh ráitis airgeadais indibhidiúla na Cuideachta ("ráitis airgeadais na Cuideachta") de réir EU IFRS a cuireadh i bhfeidhm de réir Acht na gCuideachtaí 2014, a cheadaíonn do chuideachta a fhoilsíonn ráitis airgeadais a Cuideachta agus a Grúpa in éineacht leas a bhaint as an díolúine in Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le Ráiteas na Cuideachta ar Bhrabús nó Caillteanas agus na nótaí a bhaineann leis ar chuid de ráitis airgidis fhaofa na Cuideachta iad, a chur i láthair na mball.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta, a chuirtear i láthair sa Euro, airgeadra feidhmeach na Cuideachta agus gach ceann dá fochuideachtaí, ar bhonn chostais stairiúil, ach amháin na nithe ábhartha seo a leanas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais:
- déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas de réir luacha chóir; agus
- aithnítear dliteanas ar phlean sochair sainithe mar luach cóir sócmhainní de chuid an phlean lúide luach reatha oibleagáidí an phlean sochair sainithe.

Déantar tuilleadh plé sna nótaí ábhartha ar na modhanna a úsáideadh le luachanna córa a thomhas.

### 1.3 Bunús le comhdhlúthú
Déanann ráitis airgeadais an Ghrúpa comhdhlúthú ar ráitis airgeadais Ghrúpa na Sionainne agus gach ceann dá fhochuideachtaí mar atá sonraithe i Nóta 17. Dá bhrí sin, is torthaí comhdhlúite iad na ráitis airgeadais seo do Ghrúpa na Sionainne cpt, CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Aerfort na Sionainne") agus CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne (a bhíonn ag trádáil mar "Mhaoin Tráchtála na Sionainne"), in éineacht leis na torthaí d'fhochuideachta CGA Fhiontair Thráchtála na Sionainne, CGA Oidhreacht na Sionainne ("Oidhreacht na Sionainne"), agus fochuideachtaí CGA Údarás Aerfort na Sionainne, CGA Iontaobhas Corparáideach Pinsin SAA agus CGA Seirbhísí Aigeadais Údaráis an Aerfoirt SAA, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017.

Áitítear torthaí ghníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí ceannaithe nó diúscartha i rith na bliana sa Ráiteas Comhdhlúite Brabúis nó Caillteanais ón dáta ceannaithe nó suas go dtí an dáta diúscartha. Bíonn rialú i gceist nuair a bhíonn an Chuideachta neamhchosanta nó ceart aici ar shochar athraitheach agus é a bheith ar a cumas na torthaí seo a thabhairt i gcrích trína cumhacht ar institiúid infheistiúcháin.

Cuirtear as an áireamh comhorduithe agus ioncam agus speansáis idirghrúpa a éiríonn as idirbheartaíocht idir-Ghrúpa agus na ráitis chomhdhlúite airgeadais á n-ullmhú.

### 1.4 Gnóthas leantach
Creideann na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní airgeadais imleor ar fáil le ceadú don Ghrúpa freastal ar a oibleagáidí de réir mar a bhíonn siad dlite, ag clúdach tréimhse nach lú ná 12 mí ó dháta faofa na ráiteas airgeadais. Agus iad ag teacht ar a dtuairim, chuir na stiúrthóirí riachtanais airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta sa todhchaí agus na saoráidí reatha bainc san áireamh. Ar an gcúis sin, leanann na Stiúrthóirí leis an mbonn mar ghnóthas leantach a ghlacadh agus na ráitis airgidis seo á n-ullmhú.

### 1.5 Airgeadraí eachtracha
Déantar idirbheartaíocht in airgeadra eachtrach a aistriú chuig an Euro, ar é airgeadra feidhmeach na Cuideachta agus gach forchuideachta é, de réir an ráta margaidh airgeadraí a bhíonn ann ag dáta an idirbhearta.

Ansin déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach a ath-aistriú ag an ráta malairte a bhíonn ann ag an dáta tuairisce. Déantar ath-aistriú ar shócmhainní agus dliteanais neamhairgeadaíochta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach a thugtar ag luach cóir chuig an airgeadra feidhmeach ag na rátaí malairte a bhíonn ag na dátaí ar ar socraíodh an luach cóir. Ní dhéantar ath-aistriú ar shócmhainní neamhairgeadaíochta.

Aithnítear difríochtaí i malairt eachtrach ar aistriú sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas.

### 1.6 Comhcheangail ghnó
Úsáidtear bonn éadála na cuntasaíochta le cuntas a thabhairt ar éadáil fhochuideachtaí ag an nGrúpa. Úsáidtear an modh seo ag an dáta éadála, ar é an dáta é ar a n-aistrítear an rialú chuig an nGrúpa.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA *(Ar lean)*

**1.6 Comhcheangail ghnó** *(Ar lean)*
Fuair Grúpa na Sionainne cpt scairchaipiteal eisithe iomlán Údarás Aerfort na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne, trí ranníocaíocht chaipitil, le feidhm ón 5 Meán Fómhair 2014. Tugadh cuntas ar seo mar idirbheart coitianta rialaithe de réir "Chumraíochtaí Gnó" IFRS 3, le cuntas á thabhairt ar ghlansócmhainní ag glanluach na leabhar. Dá bhrí sin ní raibh aon deathoil i gceist leis an éadáil chun críche chomhdhlúite. Toisc gur aistríodh na scaireanna sa dá aonán, a thóg Grúpa na Sionainne ar láimh, gan aon chomaoin, caitheadh leis an aistriú ar na scaireanna mar ranníocaíocht chaipitiúil.

**1.7 Míreanna eisceachtúla**
Tá an Grúpa tar éis glacadh le leagan amach Ráitis ar Bhrabús nó Caillteanas ina ndéantar iarracht ar bhéim a chur ar nithe suntasacha i dtorthaí an Ghrúpa don bhliain. Creideann an Grúpa go bhfuil níos mó céile leis an gcur i láthair seo agus gur anailís níos cuidiúla atá ann toisc go gcuirtear béim ar nithe neamhthrádála. Is féidir go n-áireofaí ar nithe dá leithéid costais athstruchtúraithe nó éadála, brabús nó caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní nó oibríochtaí, in éineacht le nithe neamhthrádála de réir a nádúir. Tugann an Grúpa breith agus measúnú á dhéanamh aige ar nithe ar leith ar chóir go ndéanfaí iad a nochtadh sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas, toisc iad a bheith suntasach nó minicíocht a bheith ag baint leo, maraon le nótaí ábhartha mar mhíreanna eisceachtúla.

**1.8 Ioncam**
Is ionann ioncam agus luach cóir ar earraí agus seirbhísí, glan ar lascainí agus lacáistí, a soláthraíodh do chustaiméirí seachtracha sa tréimhse cuntasaíochta gan chain bhreisluacha a áireamh.

Aithnítear ioncam ó dhíol earraí nuair a bhíonn na coinníollacha go léir seo a leanas comhlíonta: go mbíonn rioscaí agus luaíochtaí suntasacha úinéireachta na n-earraí aistrithe chuig an gceannaitheoir, is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaofa, is é is dóichí go rachaidh na tairbhí eacnamaíochta a bhaineann leis an idirbheart chuig an aonán agus is féidir na costais a tabhaíodh nó a bheidh le tabhú maidir leis an idirbheart a thomhas go hiontaofa.

Aithnítear ioncam ó sheirbhísí nuair a sholáthraítear na seirbhísí sin. Nuair a sholáthraítear seirbhís thar thréimhse ama, aithnítear láimhdeachas i gcomhréir leis an am a bhíonn caite.

Baineann na critéir aitheantais ioncaim seo a leanas le príomhshruthanna ioncaim an Ghrúpa:

*Ioncam aerloingseoireachta*
Aithnítear ioncam aerloingseoireachta glan ar lacáistí agus lascainí agus cuimsíonn sé táillí ar phaisinéirí a aithnítear ar a bhfágáil, táillí gluaiseachta rúidbhealaigh (tuirlingt agus éirí) a ghearrtar de réir uasmheáchan éirithe aerárthaigh aitheanta ar fhágáil, táillí páirceála aerárthach bunaithe ar mhéid ama páirceálá agus an t-achar úsáidte, agus táillí eile a aithnítear nuair a chuirtear seirbhísí ar fáil.

*Ioncam díreach miondíola agus táille lamhháltais*
Is é atá i gceist le miondíol díreach agus lamháltais mhiondíola/lónadóireachta ná ioncam díreach miondíola, a aithnítear nuair a fhaigheann an custaiméir na hearraí, agus is féidir go mbeadh ioncam táille lamhháltais, go ginearálta, mar chéatadán den láimhdeachas a fhéadfadh a bheith faoi réir íosmhéideanna áirithe ar conradh agus aithnítear sin don tréimhse lena mbaineann sé.

*Ioncam cíosa*
Aithnítear ioncam ó réadmhaoin infheistíochta agus ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar bhonn líne dhíreach thar théarma na tréimhse cíosa.

*Gníomhaíochtaí eile tráchtála*
Ar na gníomhaíochtaí eile tráchtála áirítear táillí úsáide maidir le córais oibríochtúla an Aerfoirt (m.sh. deascanna seiceála isteach), a aithnítear de réir mar a sholáthraítear gach seirbhís, táille tréchurtha maidir le breosla a sholáthar, a aithnítear nuair a sholáthraítear breosla chuig aerárthach, agu ioncam carrchlóis, a aithnítear ag an am a mbítear ag fágáil an charrchlóis.

*Ioncam iontrála agus cóisire*
Aithnítear ioncam iontrála agus cóisire ar sheirbhís a sholáthar don chustaiméir.

*Ioncam ó tháille bainistíochta*
Déanann an Grúpa bainistiú agus oibriú ar roinnt áiteanna a mbíonn tóir ag turasóirí orthu mar a mbíonn táille bainistíochta ar fáil ó úinéir deiridh na háite a mbíonn tóir uirthi. Toisc go bhfeidhmíonn an Grúpa mar ghníomhaire seachas mar phríomhaí maidir leis na socruithe seo déantar an táille bainistíochta a thaifead mar ioncam thar an tréimhse lena mbaineann sé.

Íoctar an méid a bhailítear thar ceann an phríomhaí (m.sh. táillí iontrála) leis an bpríomhaí agus ní dhéantar é a thaifead mar ioncam. Tá na costais a bhaineann le feidhmiú na n-áiteanna seo inaisíoctha go hiomlán, ar a n-áirítear costais fhostaithe áirithe a bhíonn fostaithe ag an nGrúpa.

*Ioncam eile*
Aithnítear ioncam eile de réir na bhforálacha ginearálta thuas, is é sin nuair a sholáthraítear seirbhís agus gur dóichí go dtiocfaidh ioncam chuig an nGrúpa dá bharr.

**1.9 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh**
Tugtar réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir costais, lúide dímheasa carntha agus aon chaillteanais lagaithe.

Nuair a bhíonn saolré ionchais éagsúil ag baint le páirteanna de réadmhaoin, gléasra agus trealamh, tugtar cuntas orthu mar mhíreanna ar leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh.

Tugtar obair thógála a bhíonn ar siúl ar chostas agus baineann sé le caiteachas caipitiúil ar thionscadail tógála nach mbíonn críochnaithe ag deireadh na bliana. Déantar sócmhainní atá á dtógáil a aistriú chuig sócmhainní atá críochnaithe nuair a bhíonn formhór na ngníomhaíochtaí a bheadh riachtanach leis an sócmhainn a bheith ullamh le húsáid críochnaithe. Ní chuirtear dímheas i bhfeidh ar shócmhainní a bhíonn á dtógáil. Áirítear i gcostas talún agus foirgneamh tionsclaíoch agus obair thógála a bhíonn ar siúl cionroinnt de chostais na foirne a bhaineann go díreach le gnóthú nó le forbairt na sócmhainní.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA *(Ar lean)*

**1.9 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh** *(Ar lean)*
Aithnítear aon ghnóthachan nó caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealamh, ríofa mar an difríocht idir glanfháltais na diúscartha agus suim ghlanluacha na míre, mar bhrabús oibriúcháin ar chríochnú an díolacháin. Nuair a mheastar gnóthachán nó caillteanas a bheith suntasach déantar sin a nochtadh mar mhír Eisceachtúil de réir 1.1.7..

Ní bhíonn caiteachas ina dhiaidh sin caipitlithe ach más dóichí go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an gcaiteachas chuig an nGrúpa.

Déantar dímheas a chur sa Ráiteas Brabúis nó Caillteanais ar bhonn líne dhíreach thar shaolré ionchais measta gach páirt den réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Ní dhéantar dímheas ar thalamh. Seo a leanas saolré ionchais measta:

| | |
|---|---|
| Coimpléacsanna chríochfoirt, aerpháirceanna agus maoin eile aerfoirt | 10 – 50 bliana |
| Foirgnimh agus infreastruchtúr tionsclaíoch agus turasóireachta | 5– 33.3 bliana |
| Mionathrú foirgneamh | 20 bliain |
| Gléasra, daingneáin agus feistis | 2 – 20 bliana |
| Mótarfheithiclí | 4 – 5 bliana |
| Trealamh TF | 3 – 5 bliana |

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna dímheasa, saolré ionchais agus luachanna iarmharacha ag gach dáta tuairiscthe. Déantar soláthar freisin d'aon bhearnú ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh.

Tuilleann an Grúpa ioncam cíosa ó roinnt sócmhainní de chuid an Aerfoirt a choimeádtar mar réadmhaoin, gléasra agus trealamh. Bíonn na sócmhainní seo ag teastáil d'fheidhmiú an Aerfoirt agus le sruthanna ioncaim aerloingseoireachta agus eile a ghiniúint. Níl ar chumas an Ghrúpa a leithéid de shócmhainní a dhíol toisc a chóngraí atá siad don aerpháirc agus don rúidbhealach agus toisc nach ngineann na sócmhainní seo sreabhadh airgid neamhspleách ar na sócmhainní eile atá ag an nGrúpa ní shásaíonn siad na riachtanais a bhaineann le bheith rangaithe mar Réadmhaoin Infheistíochta de réir IAS 40.

**1.10 Sócmhainní doláimhsithe**
Tugtar na sócmhainní doláimhsithe a bhíonn faighte ag an nGrúpa de réir a gcostas lúide amúchadh carntha agus lúide aon chaillteanas lagaithe.

Déantar amúchadh a chur sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas ar bhonn líne dhíreach thar shaolré ionchais measta na sócmhainní doláimhsithe mura mbíonn a leithéid de shaolré éiginnte. Déantar tástáil chórasach ar shócmhainní doláimhsithe maidir le lagú ag dáta deiridh gach bliain. Déantar amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe eile ón dáta ar a mbíonn said ar fáil le húsáid. Seo a leanas saolré ionchais measta:

| | |
|---|---|
| Bogearraí ríomhaireachta | 3 – 6 bliana |

**1.11 Bearnú sócmhainní neamhairgeadaíochta**
Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní neamhairgeadaíochta an Ghrúpa, seachas fardail (ag costas agus glanluach inréadaithe níos ísle), réadmhaoin infheistíochta (á tomhas ag luach cóir), agus sócmhainní cánach iarchurtha (aitheanta ar bhonn in-aisghabhála) ag gach dáta tuairiscthe le cinneadh a dhéanamh an ann d'aon chomhartha bearnaithe. Más ann d'aon chomhartha dá leithéid, déantar tástáil bhearnaithe agus déantar an sócmhainn a leagadh anuas chuig a méid in-aisghabhálta de réir mar is cuí.

Bíonn méid in-aisghabhála na sócmhainne nó an aonaid ginte airgid níos mó ná a luach in úsáid agus a luach cóir lúide costais le díol. Agus luach in úsáid á mheas, déantar sreabhadh airgid measta don todhchaí a lascainiú go dtí a luach reatha ag úsáid rátaí lascainithe roimh chain a léiríonn measúnachtaí reatha an mhargaidh ar luach ar airgead ag an am agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an sócmhainn. Chun críche na tástála bearnaithe, déantar sócmhainní nach féidir iad a thástáil go hindibhidiúil a ghrúpáil le chéile sna grúpaí is lú de shócmhainní a ghineann insreabhadh airgid ó úsáid leanúnach atá neamhspleách den chuid is mó ar insreabhadh airgid ó shócmhainní eile nó grúpa sócmhainní (an "t-aonad ginte airgid").

Aithnítear caillteanas lagaithe má bhíonn suim ghlanluacha na sócmhainne nó a aonad ginte airgid ("CGU") níos mó ná an suim in-aisghabhála measta. Aithnítear caillteanais lagaithe i mbrabús nó caillteanas.

Déantar measúnú ar chaillteanais lagaithe i dtréimhsí roimhe seo ag gach dáta tuairiscthe maidir le haon chomhartha go mbíonn an caillteanas laghdaithe nó nach ann dó níos mó. Déantar caillteanas lagaithe a fhreaschur má bhíonn athrú ar na meastacháin a úsáideadh leis an suim in-aisghabhála a shocrú. Ní dhéantar caillteanas lagaithe a fhraschur ach sa mhéid is nach mbíonn suim ghlanluacha na sócmhainne níos mó ná an suim ghlanluacha a bheadh socraithe, glan ar dhímheas nó amúchadh, mura raibh aon chaillteanas lagaithe aitheanta.

**1.12 Maoin infheistíochta**
Is é atá i réadmhaoin infheistíochta ná réadmhaoin a bhíonn coimeádta le hioncam cíosa a thuilleamh nó chun críche luachmhéadaithe caipitil nó don dá cheann, agus nach bhfuil in úsáid ag an nGrúpa.

Tugtar cuntas ar ioncam cíosa ó réadmhaoin infheistíochta faoi mar atá sa chur síos sa pholasaí cuntasaíochta ar ioncam.

Déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas de réir luacha choir. Is é atá sa luach cóir ná an praghas a bheadh le fáil dá ndéanfaí an réadmhaoin a dhíol in idirbheartaíocht eagraithe idir rannpháirtithe sa mhargadh bunaithe ar úsáid is aired agus is fear na sócmhainne. Aithnítear aon bhrabús nó caillteanas a éiríonn as athruithe ar an luach cóir i mbrabús nó caillteanas sa tréimhse ina dtarlódh sin. Ar dhiúscairt réadmhaoine infheistíochta, ceaptar gurb í an suim ghlanluacha an luach cóir ag dáta foilsithe an Ráiteas ar Staid an Airgeadais roimhe sin.

Cuireann an bhainistíocht luach ar an bpunann gach bliain. Éilíonn luacháil réadmhaoine infheistíochta ardleibhéal breithiúnais ón mbainistíocht. Socraítear na luachálacha, le tacaíocht ó fhianaise an mhargaidh agus luacháil neamhspleách seachtrach ar sciar den phunann, trí thagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh idirbhearta inchomparáide le réadmhaoin den chineál céanna sna láithreacha céanna le cinn an Ghrúpa nó trí mhodhanna luachála a úsáid ar a n-áirítear toradh an mhargaidh ar réadmhaoin inchomparáide a úsáid. Tá eolas ar an mbonn ar a ndéantar a leithéid de luachálacha i rith na bliana leagtha síos i Nóta 11.

**1.13 Fardail**
Déantar fardail a thomhas ag an gcostas is ísle agus ag an nglanluach inréadaithe.

Bíonn costas bunaithe ar phraghas sonraisc ar bhonn an mheáin. Is é atá sa ghlanluach inréadaithe ná fíorchostas nó costas measta díolta (glan ar thrádáil ach roimh lascainí socraíochta), lúide gach costas breise a bheadh i gceist le margaíocht agus díolachán.

Déantar soláthar nuair is cuí, do nithe atá dulta as feidhm, a ghluaiseann go mall nó atá lochtach.

Ní bhaineann stoc cothabhála ach le fardel a mbeidh costas air nuair a úsáidtear é. Is é atá ann ná páirteanna spártha a úsáidtear chun críche chothabhála agus soláthairtí oifige.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA *(Ar lean)*

### 1.14 Soláthairtí

Tugtar sainmhíniú ar sholáthar mar dhliteanas uainithe nó suime éiginnte. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ag an nGrúpa de bharr rud a tharla san am atá caite, ar féidir é a thomhas go hiontaofa agus gur dóichí go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní a chorpraíonn leasa eacnamaíocha d'fhonn an oibleagáid a réiteach.

Déantar soláthairtí a thomhas de réir an mheastacháin is fearr ar an gcaiteachas a bheadh ag teastaíl d'fhonn an oibleagáid a réiteach ag an dáta tuairisce. Má bhíonn tionchar ábhartha i gceist, déantar soláthairtí a thomhas trí lascainiú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid a bhfuiltear ag súil leis sa todhchaí ag ráta roimh cháin a léiríonn measúnachtaí reatha an mhargaidh ar luach ar airgead ag an am agus, nuair is cuí, na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas.

Aithnítear soláthairtí do chonarthaí drochraideacha mar a dtéann na costais dosheachanta a bhaineann le freastal ar na hoibleagáidí faoin socrú os cionn na leasa eacnamaíochta a mbeifí ag súil leo ina thaobh. Léiríonn na costais dosheachanta faoi chonradh an glanchostas is lú a bhaineann leis an conradh a fhágáil, .i. an costas is ísle a bhaineann len é a chomhlíonadh agus aon chúiteamh nó pionós a éireodh as teip ar é a chomhlíonadh.

### 1.15 Cáin

Is é atá sa cháin ar bhrabús nó caillteanas don bhliain ná cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas ach amháin nuair a bhaineann sé le nithe a bhíonn aitheanta go díreach i gcothramas nó in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear é go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile.

*Cáin reatha*

Is í an cháin reatha an chain iníochta nó infhála a bhfuiltear ag súil leis ar an ioncam inchánaithe nó ar chaillteanas don bhliain, ag úsáid na rátaí cánach atá achtaithe nó arna ghlacadh sa tsubstaint ag an dáta tuairiscthe, agus aon cheartú ar cháin iníoctha nó infhála maidir le blianta roimhe sin.

*Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le héagsúlachtaí sealadacha idir shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas chun críche tuairiscthe airgeadais agus na suimeanna a úsáideadh chun críche cánach.

Níl soláthar déanta do na héagsúlachtaí sealadacha seo a leanas: an t-aitheantas tosaigh ar dhea-thoil más ann dó; an t-aitheantas tosaigh ar shócmhainní nó dliteanais nach mbíonn tionchar acur ar chuntasaíocht ná ar bhrabús incháinithe seachas i gcomhcheangal gnó, agus éagsúlachtaí a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, comhlaigh agus comhshocruithe sa mhéid gur dóichí nach n-aisiompóidh said go ceann i bhfad.

Tá méid na cánach iarchurtha a sholáthraítear bunaithe ar an mbealach réadaithe nó socraithe a bhfuiltear ag súil leis maidir le suim ghlanluacha sócmhainní agus dliteanais, ag úsáid rátaí cánach atá achtaithe nó arna ghlacadh sa tsubstaint ag an dáta tuairiscthe. Maidir le réadmhaoin infheistíochta a dhéantar a thomhas ag luach cóir, déantar cáin iarchurtha a sholáthar ag an ráta a bhaineann le díol na réadmhaoine. Déantar cáin iarchurtha a thomhas ar bhonn neamh-lascainithe. Ní dhéantar fritháireamh ar cháin iarchurtha shócmhainní agus dliteanais ach má shásaítear critéir áirithe.

Ní aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha ach sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabús incháinithe ar fáil sa todhchaí mar ar féidir difríocht shealadach a úsáid ina choinnne. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ag gach dáta tuairiscthe agus aitheanta sa mhéid gur dócha go mbeidh brabús incháinithe ar fáil mar ar féidir iad a úsáid ina gcoinne.

Maidir le 2017, faoi Alt 229A (3) d'Acht Comhdhlúite Cánach 1997, mar a bhfuil fochuideachta an Ghrúpa, CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne, inmhuirir i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D maidir le brabúis nó gnóthacháin ábhartha, déanfar an brabús nó na gnóthacháin ábartha a laghdú de réir suime ar ionann í agus aon thrian den bhrabús nó de na gnóthacháin ábhartha sin (maidir le 2016: laghdú dhá thrian de bhrabús ar ghnóthacháin).

Tá cáin chorparáide dlite ar ioncam ó fhoinsí eile. Tá Cáin Ghnóthachan Caipitiúil dlite ar CGA Fhiontair Thráchtána na Sionainne de réir Alt 36, d'Acht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014.

### 1.16 Sochar fostaí

*Sochar fostaí gearrthéarma*

Aithnítear sochair fostaí fearrthéarma mar chostas toisc go mbíonn seirbhísí an fhostaí a bhaineann leis tugtha.

Déantar oibleagáidí sochair fostaí gearrthéarma a thomhas ar bhonn neamhlascainithe agus déantar iad a chlárú mar chaiteachas toisc go soláthraítear an tseirbhís a bhaineann leo. Aithnítear dliteanas don mhéid a bhfuiltear ag súil leis a íocfar faoi bhónas airgid ghearrthéarma nó pleanna roinnte brabúis má bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann an suim seo a íoc mar thoradh ar sheirbhís a sholáthair an fostaí san am atá caite agus gur féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

*Sochair foirceanta*

Aithnítear sochair foirceanta mar chostas nuair a bhíonn an Grúpa tiomanta go soiléir, gan deis réalaíoch tarraingt siar as, do mhionphlean foirmeálta le deireadh a chur le fostaíocht roimh an ngnáthdháta scoir, nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a dhéanamh iomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair foirceanta d'iomarcaíocht dheonach mar chostas má bhíonn tairiscint déanta ag an nGrúpa maidir le hiomarcaíocht dheonach, gur dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir líon na ndaoine a ghlacann leis a mheas go hiontaofa. Má bhíonn sochair iníoctha níos mó ná 12 mí i ndiaidh an dáta tuairiscthe, bíonn siad lascainithe go dtí a luach reatha.

*Oibleagáidí maidir le sochar scoir*

Feidhmíonn cuideachtaí an Ghrúpa nó bíonn siad rannpháirtech i roinnt scéimeanna pinsin, faoi mar atá thíos.

**1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA** *(Ar lean)*





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

### 1.16 Sochar fostaí *(Ar lean)*

<u>Scéimeanna ranníocaíochta sainithe</u>

Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe. Is é atá i scéim ranníocaíochta sainithe ná plean sochair iarfhostaíochta mar a n-íocann an Grúpa ranníocaíocht sheasta le haonán scartha agus gan aon oibleagáid dhlíthiúil ná inchiallaithe air suimeanna breise a íoc. Coimeádtar sócmhainní na scéimeanna seo scartha ó shócmhainní an Ghrupa i gcistí atá riartha go neamhspleách. Aithnítear oibleagáidí maidir le ranníocaíochtaí chuig pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe mar chostas sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas sna tréimhsí ina dtugann na fostaithe seirbhís.

Bhí Maoin Tráchtála na Sionainne ag feidhmiú scéime pinsin le sochar sainithe a bhí neamhchistithe suas go dtí dáta an aistrithe chuig Grúpa na Sionainne. De réir an Acht um Ghrúpa na Sionainne, aistríodh gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) ag éirí as feidhmiú na scéime, chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Dá bhrí sin tá Grúpa na Sionainne agus Maoin Tráchtála na Sionainne tar éis cuntas a thabhairt ar an scéim mar scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe.

Íocann an Grúpa ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta dá fhostaithe ar bhaill den scéim seo le sochar sainithe iad. Is ionann an suim a ghearrtar sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas agus ranníocaíochtaí an fhostora iníochta leis an scéim seo maidir leis an tréimhse cuntasaíochta.

<u>Pleananna le sochar sainithe</u>

Is plean sochair iarfhostaíochta atá i gceist le plean le sochar sainithe seachas plean le ranníocaíocht shainithe.

Is baill de scéim phinsin le sochar sainithe atá riartha go scartha iad fostaithe áirithe de chuid CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta"). Is é daa cpt ("daa") príomhfhostaí urraithe na scéime. Tá an scéim dúnta anois do bhaill nua.

Déantar oibleagáid ghlan an Ghrúpa maidir le pleananna pinsin le sochar sainithe a ríomh trí mheastachán a dhéanamh ar mhéid an tsochair a bheadh tuillte ag na fostaithe sa todhchaí as ucht a gcuid seirbhíse sa tréimhse reatha agus i dtréimhsí roimhe sin; cuirtear an sochar sin as an áireamh lena luach reatha a shocrú, agus déantar luach cóir aon sócmhainní de chuid an phlean a dhéanamh amach (ag an bpraghas laistigh de raon an phraghais iarrtha is mó a léiríonn luach cóir). Socraíonn an Grúpa an t-ús glan ar an nglandliteanas sochair sainithe don tréimhse tríd an ráta lascaine a úsáidtear d'fhonn an oibleagáid maidir le sochar sainithe a thomhas ag tús na tréimhse bliantúla maidir leis an nglandliteanais sochair saintithe.

Is é atá sa ráta lascaine ná an toradh ag an dáta tuairiscthe ar bhannaí a bhfuil rátáil chreidmheasa AA ar a laghad ag baint leo le dátaí aibíochta cóngrach do théarmaí oibleagáide an Ghrúpa agus a bhíonn ainmnithe san airgeadas ina bhfuiltear ag súil leis go n-íocfar na sochair.

Is é atá i gceist le hatomhas ag éirí ó phleananna le sochar sainithe ná gnóthacháin agus caillteanais achtúireacha, an toradh ar shócmhainní de chuid an phlean (seachas ús) agus an toradh ar shíleáil na sócmhainne (más ann dó, seachas ús). Aithníonn an Grúpa láithreach iad in ioncam cuimsitheach eile agus gach costas eile a bhaineann le pleananna sochair sainithe i gcostais shochair an fhostaí i mbrabús nó caillteanas.

Nuair a athraítear na sochair a bhaineann le plean, nó nuair a dhéantar plean a laghdú, aithnítear an sciar den sochar athraithe a bhain le seirbhís fhostaithe san am atá caite, nó gnóthachán nó caillteanas ar laghdú, láithreach i mbrabús nó caillteanas nuair a tharlaíonn an leasú nó an laghdú ar an bplean.

Déanann achtúire cáilithe na hoibleagáidí a bhaineann le sochair sainithe ríomh ag úsáid mhódh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Nuair a bhíonn sochar i gceist don Ghrúpa de bharr an áirimh, bíonn an sócmhainn aitheanta teoranta do luach reatha na sochar ar bhíonn ar fáil i bhfoirm aon aisíocaíochtaí sa todhchaí ón bplean nó laghdú ar ranníocaíochtaí sa todhchaí agus cuirtear san áireamh an drochthionchar a bheadh ag aon riachtanas íosta maoinithe.

### 1.17 Léasanna

*Oibleagóidí léasa airgeadais*

Déantar léasanna ina nglacann an Grúpa go substaintiúil le gach riosca agus toradh úinéireachta sócmhainne ar léas a rangú mar léasanna airgeadais. Tugtar sócmhainní ar léas a fuarthas trí leas airgeadais ag suim chomhionann leis an luach cóir is ísle acu agus luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa ag tús an léasa, lúide dímheas carntha agus lúide chaillteanas lagaithe carntha.

Déantar íocaíochtaí íosta léasa a chionroinnt idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas a bhíonn amuigh. Déantar an muirear airgeadais a leithroinnt ar gach tréimhse le linn téarma an léasa d'fhonn ráta úis thréimhsiúil leanúnach a chur ar fáil ar an gcomhardú ar a ndliteanas a bhíonn fágtha. Gearrtar cíosanna tegmhasacha mar chostais sa tréimhse lena mbaineann said.

*Léas oibriúcháin*

Aithnítear íocaíochtaí (seachas costais a bhaineann le seirbhísí agu árachas) a déanadh faoi léasanan oibriúcháin i mbrabús nó caillteanas ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa. Aithnítear dreasachtaí léasa sa bhrabús nó caillteanas mar chuid lárnach de chostas iomlán an léasa.

Áirítear sócmhainní a bhíonn coimeádta chun críche cíosa faoi léasanna oibriúcháin i réadmhaoin, gléasra agus innealra ar chostas lúide dímheas carntha agus i réadmhaoin infheistíochta ag luach cóir. Áirítear an ioncam cíosa a thuilltear ó léasacht na sócmhainní seo mar ioncam sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas de réir na gcritéar aitheantais ioncaim i 1.1.8..

*Léas airgeadais infhaighte*

Déantar léasanna ina ndéanann an Grúpa aistriúgo substaintiúil ar gach riosca agus toradh úinéireachta sócmhainne ar léas a rangú mar léas airgeadais infhaighte. Tugtar sócmhainní ar léas a fuarthas trí leas airgeadais ag suim chomhionann leis an luach cóir is ísle acu agus luach reatha na n-íocaíochtaí íosta léasa ag tús an léasa, lúide dímheas carntha agus lúide chaillteanas lagaithe carntha.

Déantar íocaíochtaí íosta léasa a chionroinnt idir an ioncam airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas a bhíonn amuigh. Déantar an ioncam airgeadais a leithroinnt ar gach tréimhse le linn téarma an léasa d'fhonn ráta úis thréimhsiúil leanúnach a chur ar fáil ar an gcomhardú infhaighte a bhíonn fágtha.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA *(Ar lean)*

**1.18 Sócmhainní agus dliteanais airgeadais**

*Iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta*

Airgead tirim agus coibhéis airgid

Is ionann airgead tirim agus coibhéis airgid thirim agus airgead sa bhanc agus ar láimh agus taiscí gearrthéarmacha le haibíocht níos lú ná 90 lá ón dáta tionscanta.

Infheistíochtaí eile

Baineann infheistíochtaí eile le taiscí gearrthéarmacha bainc le haibíocht níos mó ná 90 lá ón dáta tionscanta.

Trádáil agus infháltais eile

Aithnítear trádáil agus infháltais eile ar dtús ag luach cóir. I ndiaidh an aitheantais tosaigh déantar iad a thomhas ag costas amúchta le húsáid á bhaint as modh an úis ghlain, lúide aon chaillteanas lagaithe. Má fhaightear íocaíochtaí ó chustaiméirí sula n-aithnítear na suimeanna seo in ioncam, cuirtear an difríocht i láthair mar ioncam iarchurtha.

*Sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol*

Aithnítear sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol ar dtús ag luach cóir móide aon chostas a bhíonn inchurtha go díreach ina leith. I ndiaidh an aitheantais tosaigh, déantar iad a thomhas ag luach cóir agus aithnítear na hathruithe in Ioncam Cuimsitheach Eile agus carntha sa Chúlciste Cóirluacha. Nuair a cheaptar gur bhearnú ar luach a bhíonn i laghdú ar luach cóir, aithnítear sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas é. Nuair a bhíonn na sócmhainní seo díaitheanta déantar athrangú ar an ngnóthú nó ar an gcaillteanas carntha mar bhrabús nó caillteanas.

*Iasachtaí agus suimeanna iníoctha ag costas amúchta*

Trádáil agus suimeanna eile iníoctha

Aithnítear trádáil agus suimeanna eile iníoctha ar dtús ag luach cóir. I ndiaidh an aitheantais tosaigh déantar iad a thomhas ag costas amúchta le húsáid á bhaint as modh an ghlanráta úis.

Iasachtaí agus fiachais

Aithnítear iasachtaí úsmhara ar dtús ag lúach cóir, lúide na gcostas idirbhirt a bhíonn inchurtha ina leith. I ndiaidh an aitheantais tosaigh, déantar na dliteanais seo a thomhas ag costas amúchta le húsáid á bhaint as modh an ghlanráta úis.

**1.19 Bearnú ar shócmhainní airgeadais (ar a n-áirítear trádáil agus infháltais eile)**

Déantar sócmhainn airgeadais nach dtugtar anonn ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a mheas ag gach dáta tuairiscthe le cinneadh a dhéanamh an ann d'fhianaise oibiachtúil go bhfuil sé laghdaithe. Bíonn sócmhainn airgeadais lagaithe má léiríonn fianaise oibiachtúil gur tharla caillteanas i ndiaidh aitheantais tosaigh na sócmhainne, agus go raibh drochthionchar ag an gcaillteanas ar shreabhadh airgid measta don todhchaí maidir leis an sócmhainn ar féidir é a mheas go hiontaofa.

Déantar caillteanas lagaithe maidir le sócmhainn airgeadais a dhéantar a thomhas ag costas amúchta, a áireamh mar an difríocht idir a shuim ghlanluacha agus luach reatha an sreabhaidh airgid a bhíonn measta don todhchaí agus é lascainithe de réir bhunráta úis ghlan na sócmhainne. Maidir le hionstraimí airgeadais a dhéantar a thomhas ag costas lúide lagú, déantar an laghú a ríomh mar an difríocht idir a shuim ghlanluacha agus an meastachán is fearr ar an suim a gheobhadh an Grúpa ar an sócmhainn dá ndéanfaí é a dhíol ag an dáta tuairiscthe. Nuair a bhíonn teagmhas ina dhiaidh sin mar chúis le laghdú ar chaillteanas lagaithe, cuirtear an laghdú ar chaillteanas lagaithe ar gcúl trí bhrabús nó caillteanas.

**1.20 Ranníocaíocht caipitil**

Caitear le sócmhainní a fhaightear mar bhronntanas ó scairshealbhóir de chuid an Ghrúpa mar ranníocaíocht chaipitiúil, agus áirítear a leithéid i gcistí scairshealbhóra ar Ráiteas ar Staid Airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

**1.21 Ioncam iarchurtha**

Is é atá in ioncam iarchurtha ná airleacain chustaiméara agus deontais chaipitil.

*Airleacain chustaiméara*

Is ionann airleacain chustaiméara agus íocaíochtaí a fuarthas ó chustaiméir sular déanadh na hearraí/seirbhísí a bhain leo a sholáthar. Aithnítear iad seo ar dtús mar ioncam iarchurtha agus déantar iad athaifead mar ioncam ar sheachadadh deiridh na n-earraí/seirbhísí chuig an gcustaiméir.

*Deontais chaipitil*

Aithnítear deontais chaipitil ar dtús mar ioncam iarchurtha ag luach cóir má bhíonn deimhniú réasúnta ann go bhfaighfear iad agus go ndéanfaidh an Grúpa de réir na gcoinníollacha a bhaineann leis an deontas. Caitear le deontais AE agus eile a fhaightear maidir le ceannach réadmhaoine, gléasra agus trealamh mar ioncam iarchurtha, agus iad amúchta sa Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas thar shaolré úsáideach eacnamaíoch na sócmhainne lena mbaineann said.

Aithnítear deontais ioncaim a tugadh don Ghrúpa mar chúiteamh ar chostais i mbrabús nó caillteanas ar bhonn sistéimeach sna tréimhsí ina n-aithnítear na costais.

**1.22 Infheistíocht i bhfochuideachtaí (Cuideachta amháin)**

Bunaíodh an infheistíocht i bhfochuideachtaí ar dtús ar a n-aistriú chuig an gCuideachta agus leantar lena dtabhairt anonn ag an suim sin lúide aon soláthar lagaithe má bhíonn gá leis.





NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA *(Ar lean)*

**1.23 Caighdeáin agus Léirmhíniúcháin Nua**

*Caighdeáin eisithe ach gan feidhm leo*

Tá feidhm le roinnt leasuithe nua a bhaineann le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais ar chaighdeáin agus léirmhíniúcháin do na tréimhsí bliantúla i ndiaidh 1 Eanáir 2017, agus nár cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tugtar imlíne thíos ar na cinn is suntasaí acu seo. Níl sé ar intinn ag an nGrúpa glacadh leis na caighdeáin seo go luath; ina ionad sin cuirfidh sé i bhfeidhm iad óna ndátaí feidhme a bhíonn socraithe ag dátaí a bhformhuinithe ag an AE.

| Caighdeán | Dáta feidhme IASB (tréimhsí dar tús) | Dáta feidhme chuideachtaí an AE (tréimhsí dar tús) |
|---|---|---|
| IFRS 14: *Iarchur Rialála na gCuntas (30 Eanáir 2014)* | 1 Eanáir 2016 (ceadaítear glacadh leis go luath) | Gan formhuiniú, ag súil le fanacht ar an gcaighdeán deireanach. |
| Feabhsuithe Bliantúla ar Chúrsa 2014-2016 IFRS | 1 Eanáir 2018 | 1 Eanáir 2018 |
| IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais (24 Iúil 2014)* | 1 Eanáir 2018 (ceadaítear glacadh leis go luath) | 1 Eanáir 2018 (ceadaítear glacadh leis go luath) |
| Leasuithe ar IFRS 4: Úsáid IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais le* IFRS 4 *Conarthaí Árachais (Eisithe 12 Meán Fómhair 2016)* | 1 Eanáir 2018 | 1 Eanáir 2018 |
| IFRS 15: *Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí* | 1 Eanáir 2018 (ceadaítear glacadh leis go luath) | 1 Eanáir 2018 (ceadaítear glacadh leis go luath) |
| Leasuithe ar IFRS 2: *Rangú agus tomhas idirbheart íocaíochta scairbhunaithe* (20 Meitheamh 2016) | 1 Eanáir 2018 (ceadaítear a úsáid go luath) | 1 Eanáir 2018 |
| Léirmhíniú 22 IFRIC: *Idirbhearta Aireagra Eachtarch agus Réamhíocaíocht Chomaoine* (eisithe Nollaig 2016) | 1 Eanáir 2018 | Gan formhuiniú, le súil le formhuiniú Q1 2018. |
| Laesuithe ar IAS 40: *Aistriú ar Réadmhaoin Infheistíochta* (eisithe Nollaig 2016) | 1 Eanáir 2018 | Gan formhuiniú, le súil le formhuiniú Q1 2018. |
| IFRS 16: *Léasanna* (13 Eanáir 2016) | 1 Eanáir 2019 | 1 Eanáir 2019 |
| IFRIC 23 Éiginnteacht maidir le Láimhseáil Cháin Ioncaim (eisithe ar 7 Meitheamh 2017) | 1 Eanáir 2019 | Gan formhuiniú, le súil le formhuiniú Q3 2018. |
| Leasuithe ar IFRS 9 Gnéithe Réamhíocaíochta le Cúiteamh Diúltach | 1 Eanáir 2019 | Gan formhuiniú, le súil le formhuiniú Q1 2018. |
| Leasuithe ar IAS 28: Leas fadtéarmach i nGnólachtaí Comhlacaithe agus Comhfhiontair | 1 Eanáir 2019 | Gan formhuiniú, le súil le formhuiniú i 2018. |
| IFRS 17 Conarthaí Árachais (eisithe ar 18 Bealtaine 2017) | 1 Eanáir 2021 | Gan formhuiniú. Gan dáta formhuinithe táscach tugtha. |
| Feabhsúcháin bhliantúla ar Chaighdeáin IFRS Timthriall 2015-2017 (eisithe ar 12 Nollaig 2017) | 1 Eanáir 2019 (ceadaítear glacadh leis go luath) | Gan formhuiniú. Gan dáta formhuinithe táscach tugtha. |

*IFRS 15: Ioncam ó chonarthaí le custaiméirí:* Beidh an caighdeán seo ann in ionad *IAS 18: Ioncam, IAS 11: Conarthaí Tógála agus léirmhínithe gaolmhara.* Déanann an caighdeán déileáil le ioncam a aithint agus bunaíonn sé na prionsabail maidir le heolas úsáideach a thuairisciú d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais maidir le nádúr, méid, tráthúlacht agus éiginnteacht ioncaim agus sreabhadh airgid ag éirí as conarthaí aonáin le custaiméirí. Aithnítear ioncam nuair a ghlacann custaiméir seilbh ar earra nó seirbhís agus go mbíonn ar a chumas dá réir sin úsáid an earra nó na seirbhíse sin a stiúradh nó leas a bhaint astu. D'fhonn prionsabal an chaighdeáin nua a bhaint amach, ba chóir d'aonán na céimeanna seo a leanas a ghlacadh: (1) an conradh/na conarthaí le custaiméir a aithint; (2) dualgais fheidhmíochta an chonartha a aithint; (3) praghas an idirbhirt a shocrú; (4) praghas an idirbhirt a leithdháileadh ar na dualgais fheidhmíochta atá sa chonradh; agus (5) ioncam a aithint nuair a shásaíonn an t-aonán dualgas feidhmíochta nó agus é á dhéanamh. Cuirfidh an Grúpa IFRS 15 i bhfeidhm ón dáta feidhmíochta 1 Eanáir 2018 agus tar éis féachaint ar riachtanais an chaighdeáin i dtaca le sruthanna ioncaim an Ghrúpa, níltear ag súil leis go mbeidh tionchar ábhartha aige ar thorthaí an Ghrúpa ná ar na ráitis airgeadais.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA *(Ar lean)*

**1.23 Caighdeáin agus Léirmhíniúcháin** *(Ar lean)*

*IFRS 9: Ionstraimí Airgeadais:* Beidh an caighdeán seo ann in ionad *IAS 39 Ionstraimí Airgeadais: aitheantas agus Tomhas.* Áirítear sa chaighdeán seo riachtanais maidir le haitheantas, tomhas, bearnú agus dí-aithint ionstraimí airgeadais agus cuntasaíocht fálaithe ginearálta. Cuirfidh an Grúpa IFRS 9 i bhfeidhm ón dáta feidhme 1 Eanáir 2018. Táthar ag súil leis gurb é príomhthionchar an chaighdeáin seo ná go ndéanfar athríomh ar sholáthar drochfhéich an Ghrúpa, a dhéanfar a ríomh ag úsáid mhúnla chaillteanais chreidmheasa ionchasach, mar sin féin níltear ag súil leis go mbeidh tionchar ábhartha aige ar an nGrúpa.

*IFRS 16: Léasanna:* Beidh an caighdeán seo ann in ionad *IAS 17: Léasanna.* Cé go bhfuil na hathruithe faoi IFRS 16 suntasach, beidh a dtionchar príomha ar léasaithe – a bhfuil an cúntasaíocht ina thaobh leasaithe go mór. Fanfaidh riachtanais chuntasaíochta léasóra faoi mar a bhí i réamhtheachtaí IFRS 16, IAS 17 gan athrú den chuid is mó. Cuirfidh an Grúpa an caighdeán seo i bhfeidm ón dáta feidhme 1 Eanáir 2019 agus tá measúnú á dhéanamh aige faoi láthair ar thionchar an chaighdeáin seo ar ráitis airgeadais an Ghrúpa. Is é an príomhthionchar a bheidh ann ná go ndéanfar na léasanna oibriúcháin go léir a aithint ar an gclár comhardaithe toisc go mbeidh an t-idirdhealú idir léasanna oibriúcháin agus airgeadais bainte as do léasaithe, tá súil ag an nGrúpa dá réir sin ceart bunaithe ar úsáid sócmhainne agus an dliteanas airgeadais a bhaineann leis a aithint maidir leis na ceangaltais maidir le léas oibriúcháin atá ann (Nóta 27).

*Caighdeáin nua ar glacadh leo sa bhliain reatha*
Ghlac an Grúpa leis na caighdeáin agus na leasuithe nua seo a leanas den chéad uair sa tréimhse tuairiscthe airgeadais reatha.

| Caighdeán | Dáta feidhme IASB (tréimhsí dar tús) | Dáta feidhme chuideachtaí an AE (tréimhsí dar tús) |
|---|---|---|
| *Leasuithe ar IAS 7:* Tionscnaíocht Fhaisnéisithe *(29 Eanáir 2016)* | 1 Eanáir 2017 (ceadaítear glacadh leis go luath) | 1 Eanáir 2017 (ceadaítear glacadh leis go luath) |
| Leasuithe ar IAS 12: *Aitheantas ar shócmhainní cánach iarchurtha do chaillteanais neamhréadaithe (19 Eanáir 2016)* | 1 Eanáir 2017 (ceadaítear glacadh leis go luath) | 1 Eanáir 2017 (ceadaítear glacadh leis go luath) |
| *Feabhsuithe Bliantúla ar IFRSs Timthriall 2014-2016 (Leasuithe ar* IFRS 12 *Nochtadh Leasa in Aonáin Eile) (eisithe ar 8 Nollaig 2016)* | 1 Eanáir 2017 | 1 Eanáir 2017 |
| Leasuithe ar IAS 7: Tionscnaíocht Fhaisnéisithe (29 Eanáir 2016) | 1 Eanáir 2017 (ceadaítear glacadh leis go luath) | 1 Eanáir 2017 (ceadaítear glacadh leis go luath) |

Maidir le gach athrú ar na caighdeáin thuas tá an Grúpa tar éis a pholasaithe cuntasaíochta a athrú dá réir, rud nach raibh tionchar ábhartha aige ar na torthaí airgeadais ná ar staid airgeadais an Ghrúpa.

**1.24 Meastacháin agus breithiúnais chriticiúla cuntasaíochta**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais de réir EU IFRS go ndéanfadh an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a shócrú a mbeadh tionchar acu ar fheidhmiú pholasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus méis na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na gcostas tuairiscthe. Is féidir go mbeadh na hiarmhairtí iarbhír éagsúil leis na meastacháin seo. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana bunúsacha. Aithnítear athbhreithniú ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndeántar athbhreithniú ar an meastachán agus aon tréimhse sa todhchaí a mbeadh tionchar uirthi. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus nithe éagsúa eile a chreidtear a bheith réasúnta de réir na ndálaí sin, a mbíonn a dtorthaí mar bhonn le breithiúnas a dhéanamh maidir le luach anon na sócmhainní agus na ndliteanas nach mbíonn follasach ó fhoinsí eile.

Baineann na réimsí ina mbíonn ardleibhéal breithiúnais, coimpléacsachta, nó réimsí mar a mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin suntasach maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa, go príomha le:
- Éilíonn luacháil réadmhaoine infheistíochta ardleibhéal breithiúnais ón mbainistíocht, féach sonraí breise i Nóta 11.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 2. IONCAM

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus tráchtála | **40,478** | 37,376 |
| Cíos, bainistíocht agus forbairt réadmhaoine tráchtála | **15,054** | 14,473 |
| Gníomhaíochtaí turasóireachta | **16,707** | 15,382 |
| **Ioncam iomlán – gníomhaíochtaí leanúnacha** | **72,239** | 67,231 |

Eascraíonn ioncam uile an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann agus ó ghníomhaíochtaí leanúnacha. Níl aon chustaiméir amháin ina shocair le níos mó ná 10% d'ioncam an Ghrúpa.

Tá Grúpa na Sionainne cpt tar éis úsáid a bhaint as an díolúine atá in "Deighleoga Oibriúcháin" IFRS 8 gan faisnéis roinnteach a nochtadh toisc nach bhfuil cothromas ná urrús fiachais ag an nGrúpa a bhfuil trádáil poiblí orthu.

## 3. MÍREANNA EISCEACHTÚLA

De réir pholasaí cuntasaíochta an Ghrúpa, cuireadh na nithe seo a leanas i láthair mar mhíreanna eisceachtúla ar oibríochtaí leanúnacha.

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Soláthar do scéim scarúna deonach | **636** | 1,334 |
| **Muirear eisceachtúil** | **636** | 1,334 |

**Soláthar do scéim scarúna deonach**
I mí na Samhna 2016 sheol Grúpa na Sionainne cpt tairiscint ar scéim scarúna deonach ar fud an ghrúpa a cuireadh in iúl do gach fostaí incháilithe. I rith 2017 thaobhaigh an Grúpa muirear eisceachtúil de €0.6 milliún maidir le breis iarratais ón bhfoireann maidir leis an scéim seo, sa bhreis ar €1.3 milliún a taifeadadh i 2016 (Nóta 23).

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 4. IONCAM/(COSTAS) EILE

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Glanmhéadú ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta (Nóta 11) | **4,604** | 4,513 |
| Aisiompú ar bhearnú iasachta infhaighte (i) | - | 96 |
| Brabús ar dhiúscairt: | | |
| - Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol (Nóta 16) | - | 90 |
| - Réadmhaoin infheistíochta (Nóta 11) | **1,165** | 67 |
| **Ioncam eile iomlán** | **5,769** | 4,766 |
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, ghléasra agus trealaimh (Nóta 10) | **(6)** | - |
| **Costas eile iomlán** | **(6)** | - |

(i) Rinne an Chuideachta socrú forbartha le tríú páirtí mar ar cuireadh iasacht úsmhar i dtreo forbartha réadmhaoine. Áiríodh sa t-socrú seo rogha a chuir oibleagáid ar an gCuideachta an réadmhaoin fhorbartha a cheannach ag praghas seasta dá n-éileodh an páirtí eile a leithéid. Aithníodh foráil freisin, ag cur i láthair an difríocht idir an praghas seasta iníoctha ag an gCuideachta agus comhardú na hiasachta, ag léiriú oibleagáide na Cuideachta faoin socrú seo.

Baineadh úsáid as an rogha seo i Nollaig 2016 agus tá an sócmhainn in úinéireacht na Cuideachta anois agus í aistrithe chuig réadmhaoin infheistíochta (Nóta 11). Mar chuid den idirbheart seo aithníodh €96,000 in ioncam eile i 2016 mar aisiompú ar bhearnú na hiasachta infhaighte.

## 5. FAISNÉIS REACHTÚIL AGUS EILE

Tugtar brabús oibriúcháin an Ghrúpa i ndiaidh mhuirear/(creidmheasa):

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Dímheas | **5,217** | 4,234 |
| Amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe | **508** | 37 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **(350)** | (355) |
| Cíos léasa oibriúcháin | **370** | 378 |

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Luach saothair an iniúchóra** | | |
| - iniúchóireacht ar ráitis airgeadais an Ghrúpa | 13 | 13 |
| - iniúchóireacht ar ráitis airgeadais na Cuideachta | - | - |
| - seirbhísí eile iniúchóireachta | 84 | 82 |
| - táillí ar sheirbhísí comhairleach maidir le cáin | 20 | 35 |
| - seirbhísí eile neamh-iniúchóireachta | 25 | - |
| | **142** | 130 |

Is fochuideachtaí a íocann táille iniúchóireachta na Cuideachta.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 6. COSTAS SOCHAIR FOSTAÍ

**Líon agus costais fhoirne an Ghrúpa**

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Pá agus tuarastail | **24,643** | 23,416 |
| Costas leasa shóisialaigh | **2,582** | 2,587 |
| Sochair foirceanta (Nóta 3) | **636** | 1,334 |
| Sochair iarfhostaíochta (Nóta 25): | | |
| Muirear phinsin le sochar sainithe | - | 111 |
| Costas ranníocaíochta le sochar sainithe | **1,517** | 1,536 |
| Costais chúitimh eile | **981** | 450 |
| | **30,359** | 29,434 |

Mar seo a leanas a bhí meánlíon fhostaithe an ghrúpa i rith na bliana:

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| Oibríochtaí agus riarachán | **435** | 432 |
| Tráchtála | **45** | 39 |
| Réadmhaoin | **29** | 28 |
| | **509** | 499 |

Áirithe sna meánumhreacha thuas tá 31 *(2016: 34)* coibhéis lánaimseartha, atá fostaithe ag fochuideachta, a ndéantar a gcostas a chúiteamh go hiomlán leis an nGrúpa.

Níl aon fhostaí ag an gCuideachta.

**Luach saothair stiúrthóirí**

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Luach saothair stiúrthóirí don bhliain: | | |
| Táillí ar sheirbhísí mar stiúrthóir | **103,543** | 111,375 |
| Díolaíochtaí eile (ar a n-áirítear ranníocaíocht phinsin) | **400,316** | 399,535 |
| | **503,859** | 510,910 |

Áirítear i ndíolaíochtaí eile luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus na stiúrthóirí a bhí ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann le hionadaíocht a thabhairt d'fhostaithe ar an mBord agus a cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag éirí as a ngnáthchonarthaí fostaíochta.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 6. COSTAS SOCHAIR FHOSTAÍ *(Ar lean)*

Tugtar cuntas thíos ar na suimeanna a íocadh le stiúrthóirí, nochta de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus Alt 305 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

D'fhreastal na stiúrthóirí seo a leanas ar an mbord i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| **Táillí don bhliain** | | |
| Rose Hynes | **21,600** | 21,600 |
| Joe Buckley | **12,600** | 12,600 |
| Tony Brazil | **8,298** | 12,600 |
| Tom Coughlan | **12,600** | 8,925 |
| Pat Dalton | - | 5,250 |
| Tom Kelly | **2,347** | - |
| Michael Leydon | **8,298** | 12,600 |
| Kevin McCarthy | **12,600** | 12,600 |
| Kathryn O'Leary Higgins | **12,600** | 12,600 |
| Liam O'Shea | **12,600** | 12,600 |
| Matthew Thomas | - | - |
| **Ar sheirbhísí mar stiúrthóir i rith na bliana** | **103,543** | 111,375 |
| **Díolaíochtaí eile** | | |
| Tuarastal (ar a n-áirítear sochar comhchineáil) | **343,649** | 342,868 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | | |
| • Scéim ranníocaíochta sainithe | **56,667** | 35,792 |
| • Scéim le sochar sainithe | - | 20,875 |
| | **400,316** | 399,535 |
| **Luach saothair iomlán stiúrthóirí don bhliain** | **503,859** | 510,910 |

Nuair a d'éirigh stiúrthóir as i rith na bliana nó sa bhliain roimhe sin is ionann na táillí thuas agus na táillí a íocadh suas go dtí an dáta ar éirigh siad as.

Ceapadh Tom Kelly mar stiúrthóir ar 25 Deireadh Fómhair 2017. Chuaigh Tony Brazil agus Michael Leydon ar scor ón mBord ar 28 Lúnasa 2017 nuair a tháinig deireadh lena dteárma oifige.

Ceapadh Matthew Thomas mar stiúrthóir ar an 20 Meitheamh 2016. D'éirigh Pat Dalton as an mBord ar 31 Bealtaine 2016.

D'fhreastal gach stiúrthóir eile do na blianta iomlána dar críoch 31 Nollaig 2016 agus 2017.

Go comhiomlán, déanadh baill an Bhoird a chúiteamh as a gcaiteachas taistil as póca agus caiteachas eile dá leithéid i rith na bliana maidir le seirbhísí mar stiúrthóir, agus tá seo léirithe de réir an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), mar €11,915 go hiomlán *(2016: €17,479)*.

Ní áirítear costais an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin i gcostais na stiúrthóirí thuas, is amhlaidh a nochtar thíos leo féin iad.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 6. COSTAS SOCHAIR FOSTAÍ *(Ar lean)*

Tugtar luach saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, nochta de réir threoirlínte ábhartha na roinne rialtais maidir le socruithe luach saothair na bPríomhfheidhmeannach ar Chomhlachtaí Tráchtála Stáit agus Alt 305 d'Acht na gCuideachtaí 2014, thíos.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Díolaíochtaí: | | |
| • Buntuarastal | **174,530** | 170,503 |
| • Sochair eile incháinithe | **25,147** | 28,919 |
| Díolaíochtaí iomlána | **199,677** | 199,422 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | **43,750** | 43,750 |
| | **243,427** | 243,172 |

Is ionann luach saothair 2017 thuas agus luach saothair iomlán an POF Matthew Thomas.

Is ionann luach saothair 2016 thuas luach saothair iomlán an POF agus an t-iar-POF Neil Pakey maidir leis na tréimhsí faoi seach ina raibh siad in oifig i 2016.

Ba iad na costais iomlána gnó ná €10,165 (2016: €19,209), nach bhfuil áirithe sna suimeanna atá nochta thuas. Níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir leis na blianta dar críoch 31 Nollaig 2017 ná 2016.

## 7.IONCAM / (COSTAS) AIRGEADAIS

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ús infhaighte ar thaiscí bainc ghearrthéarma agus ar iasacht infhaighte | **7** | 179 |
| Ioncam infhaighte ar léas airgeadais (Nóta 12) | **27** | 26 |
| **Ioncam airgeadais** | **34** | 205 |
| Costas úis ar iasachtaí agus rótharraingtí | **(199)** | (12) |
| Glanchostas úis ar scéim pinsin sainithe (Nóta 25) | **(20)** | (23) |
| Costas léasa airgeadais (Nóta 24) | **(1)** | (2) |
| **Costas airgeadais** | **(220)** | (37) |

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 8. (CREIDMHEAS)/COSTAS CÁNACH IONCAIM

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin reatha ar bhrabús don bhliain | **453** | 646 |
| Coigeartuithe maidir le tréimhse roimhe sin | **(793)** | 7 |
| **Cáin reatha iomlán** | **(340)** | 653 |
| | | |
| **Cáin iarchurtha (Nóta 13):** | | |
| Céadchumadh agus aisiompú ar dhifríochtaí sealadacha | **7** | (17) |
| **Cáin iomlán iarchurtha** | **7** | (17) |
| | | |
| **(Creidmheas)/costas cánach ioncaim** | **(333)** | 636 |

**Réiteach ar an ráta cánach atá i bhfeidhm**

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | **8,895** | 7,261 |
| | | |
| Brabús roimh chain méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach corparáide de 12.5% i bPoblacht na hÉireann | **1,112** | 908 |
| | | |
| *Éifeacht chánach:* | | |
| Ioncam díolmhaithe ó cháin | **(449)** | (1,117) |
| Costais nach bhfuil aisbhainteach chun críche cánach | **370** | 583 |
| Cáin ar ioncam ag ráta níos airde | **676** | 1,030 |
| Caillteanas i mbrabús nó caillteanas le tionchar ar cháin iarchurtha neamhaitheanta | **(1,249)** | (775) |
| Coigeartuithe maidir le tréimhsí roimhe sin | **(793)** | 7 |
| | | |
| **Costas cánach** | **(333)** | 636 |

Maidir le 2017, faoi Alt 229A (3) d'Acht Comhdhlúite Cánach 1997, mar a bhfuil fochuideachta an Ghrúpa CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne, inmhuirir i leith cánach faoi Chás V de Sceideal D maidir le brabúis nó gnóthacháin ábhartha, déanfar an brabús nó na gnóthacháin ábhartha a laghdú de réir suime ar ionann í agus aon trian den bhrabús nó de na gnóthacháin ábhartha sin (maidir le 2016: laghdú dhá thrian de bhrabús ar ghnóthacháin).

Tá Cáin Chorparáide dlite ar ioncam ó fhoinsí eile.

Faoi Alt 229A (4) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, chun críche na nAchtanna um Cháin Ghnóthachan Caipitiúil nuair a dhéantar gnóthachan a fhabhrú don chuideachta sin ó dhiúscairt sócmhainne i ndiaidh 31 Nollaig 2013, ní bheidh an sciar sin den ghnóthachan ar ionann é agus an sciar céanna den ghnóthachan a bhaineann le fad na tréimhse cháilithe úinéireachta, ina ghnóthachan inmhuirir. Tagraíonn tréimhse incháilithe don tréimhse a thosaíonn ag dáta fáltais na sócmhainne, nó má bhí seilbh ar an sócmhainn ar 6 Aibreán 1974, an dáta sin, agus ag críochnú ar 31 Nollaig 2013.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 9. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

| | Bogearraí ríomhaireachta €'000 | Obair idir lámha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| ***Bogearraí ríomhaireachta*** | | | |
| ***Costas*** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 267 | - | 267 |
| Éadálacha | - | 642 | 642 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **267** | **642** | **909** |
| | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 267 | 642 | 909 |
| Éadálacha | - | 652 | 652 |
| Aistriú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh | - | 343 | 343 |
| Aistrithe | 1,637 | (1,637) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **1,904** | - | **1,904** |
| | | | |
| ***Amúchadh Carntha*** | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 151 | - | 151 |
| Muirear don bhliain | 37 | - | 37 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **188** | - | **188** |
| | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 188 | - | 188 |
| Muirear don bhliain | 508 | - | 508 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **696** | - | **696** |
| | | | |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **1,208** | - | **1,208** |
| | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 79 | 642 | 721 |
| | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 116 | - | 116 |

Tagann na sócmhainní inláimhsithe go léir ó bhogearraí ríomhaireachta ceannaithe.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 10. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Coimpléics Chríochfoirt €'000 | Tailte agus Aerphháirceanna €'000 | Foirgnimh Thurasóireachta €'000 | Réadmhaoin Eile agus Bonneagar Ginnearálta €'000 | Gléasra, daingneáin agus feistis €'000 | Obair idir lámha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 11,828 | 17,485 | 23,012 | 17,748 | 16,040 | 3,150 | 89,263 |
| Míreanna breise | - | - | 1,968 | - | - | 6,362 | 8,330 |
| Diúscairtí | - | - | - | (60) | (689) | - | (749) |
| Aistriú chuid réadmhaoin infheistíochta | - | - | (346) | - | - | - | (346) |
| Aistrithe | 4,138 | 220 | 184 | 579 | 2,610 | (7,731) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | **15,966** | **17,705** | **24,818** | **18,267** | **17,961** | **1,781** | **96,498** |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 15,966 | 17,705 | 24,818 | 18,267 | 17,961 | 1,781 | 96,498 |
| Míreanna breise | - | - | 80 | - | 134 | 17,832 | 18,046 |
| Diúscairtí | - | - | (11) | - | (69) | (13) | (93) |
| Aistriú chuig réadmhaoin infheistíochta | - | - | - | (11,223) | - | (105) | (11,328) |
| Aistirú chuig sócmhainní doláimhsithe | - | - | - | - | - | (343) | (343) |
| Aistrithe | 1,777 | 14,146 | - | 385 | 1,081 | (17,389) | - |
| **At 31 December 2017** | **17,743** | **31,851** | **24,887** | **7,429** | **19,107** | **1,763** | **102,780** |
| | | | | | | | |
| ***Dímheas Carntha*** | | | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 1,827 | 2,540 | 18,112 | 12,118 | 7,372 | - | 41,969 |
| Muirear don bhliain | 758 | 923 | 587 | 520 | 1,446 | - | 4,234 |
| Diúscairtí | - | - | - | (60) | (645) | - | (705) |
| Aistriú chuid réadmhaoin infheistíochta | - | - | (346) | - | - | - | (346) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **2,585** | **3,463** | **18,353** | **12,578** | **8,173** | - | **45,152** |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 2,585 | 3,463 | 18,353 | 12,578 | 8,173 | - | 45,152 |
| Muirear don bhliain | 1,077 | 1,259 | 673 | 482 | 1,726 | - | 5,217 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | (15) | - | (15) |
| Aistriú chuid réadmhaoin infheistíochta | - | - | - | (10,596) | - | - | (10,596) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **3,662** | **4,722** | **19,026** | **2,464** | **9,884** | - | **39,758** |
| | | | | | | | |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **14,081** | **27,129** | **5,861** | **4,965** | **9,223** | **1,763** | **63,022** |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 13,381 | 14,242 | 6,465 | 5,689 | 9,788 | 1,781 | 51,346 |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 10,001 | 14,945 | 4,900 | 5,630 | 8,668 | 3,150 | 47,294 |

Tá an bhainistíocht tar éis féachaint ar luach anonn réadmhaoine, gléasra agus trealamh ar an 31 Nollaig 2017 agus tá siad sásta go bhfuil an luach anonn fós oiriúnach agus nach ann d'aon táscaire bearnúcháin.

Tá sócmhainní áirithe de chuid an Ghrúpa i ngeall mar urrús in aghaidh saoráide rótharraingthe an Ghrúpa (Nóta 26). Ar an 31 Nollaig 2017 ba í suim ghlanluacha na sócmhainní seo ná €1,168,805 *(2016: €1,825,134)*.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 11. MAOIN INFHEISTÍOCHTA

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Ag tús na bliana | **66,155** | 58,485 |
| Míreanna Breise | **14,624** | 4,163 |
| Diúscairtí | **(4,163)** | (1,436) |
| Aistriú ó iasacht infhaighte (Nóta 4) | - | 430 |
| Aistriú ó réadmhaoin, gléasra agus trealamh (Nóta 10) | **732** | - |
| Aistriú ó shócmhainní airgeadais ar fáil le díol (Nóta 17) | **68** | - |
| Méadú ar luach cóir i rith na bliana | **4,604** | 4,513 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **82,020** | 66,155 |

I rith 2017 áiríodh réadmhaoin infheistíochta ar cíos de €8,356,000 in Ioncam (2016: €7,851,000). Costais a bhaineann le léasú agus cothabháil réadmhaoine infheistíochta, áirithe i gcostais riaracháin, ar iomlán de €4,514,000 (2016: €4,686,000).

I rith na bliana, rinne an Grúpa diúscairt ar réadmhaoin infheistíochta ar fháltais de €5,328,000 (2016: €1,503,000) de bharr ghnóthachain ar dhiúscairt €1,165,000 (2016: gnóthachan de €67,000).

Tugtar réadmhaoin infheistíochta an Ghrúpa ag luach cóir ag 31 Nollaig 2017. Éilíonn luacháil réadmhaoine infheistíochta ardleibhéal breithiúnais ón mbainistíocht.

Ar 31 Nollaig 2017 d'fhostaigh an bhainistíocht saineolaithe seachtracha, neamhspleácha luachála le hathbhreithniú a dhéanamh ar sciar den phunann réadmhaoine infheistíochta. Tá cáilíochtaí oiriúnacha aitheanta gairmiúla ag na saineolaithe seo agus taithí le déanaí ar láthair agus ar chatagóir na réadmhaoine atá á luacháil. Socraíodh na luachálacha a fuarthas, le tacaíocht ó fhianaise an mhargaidh, trí thagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh idirbhearta inchomparáide le réadmhaoin den chineál céanna sna láithreacha céanna le cinn an Ghrúpa nó trí mhodhanna luachála a úsáid ar a n-áirítear toradh an mhargaidh ar réadmhaoin inchomparáide a úsáid.

D'fhéach an bhainistíocht ar na luachálacha seachtracha seo agus measúnú á dhéanamh ar luach cóir phunann réadmhaoine infheistíochta iomlán an Ghrúpa. Cuireadh críochluach i bhfeidhm ar gach réadmhaoin agus ceann á thógáil de na luachálacha seachtracha a fuarthas agus freisin de chúinsí ábhartha na réadmhaoine ar a n-áirítear láthair, cineál, méid, úsáid, tionóntachtaí reatha agus riocht.

*Modh luachála agus ionchur suntasach neamh-inbhraite*

Tá rangú déanta ar thomhas cóirluacha do réadmhaoin infheistíochta mar luach cóir Leibhéal 3 bunaithe ar ionchur sna modhanna luachála a úsáideadh agus neamhchinnteacht leanúnach an mhargaidh (Nóta 26). Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar phríomhionchur neamh-inbhraithe a cuireadh i bhfeidhm i luacháil réadmhaoine infheistíochta an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2017.

| **Aicme sócmhainne** | **Ionchur** | **2017** | 2016 |
|---|---|---|---|
| Foirgnimh thionsclaíocha | Réimse luachanna in aghaidh tr. cr. i bhfeidhm[1] | **€4 - €20** | €3 - €17 |
| | Meánchíos ualaithe bliantúil in aghaidh tr.cr.[2] | **€4.64** | €4.37 |
| | Fáltas coibhéiseach – réimse[2] | **11% - 13.5%** | 12.7%-14.0% |
| Foirgnimh oifige | Réimse luachanna in aghaidh tr. cr. i bhfeidhm[1] | **€8 - €59** | €5 - €52 |
| | Meánchíos ualaithe bliantúil in aghaidh tr.cr.[2] | **€10.59** | €10.24 |
| | Fáltas coibhéiseach – réimse[2] | **9.5% - 13.0%** | 10.2%-13.0% |
| Foirgnimh trádstórais | Réimse luachanna in aghaidh tr. cr. i bhfeidhm[1] | **€13 - €25** | €10 - €21 |
| | Meánchíos ualaithe bliantúil in aghaidh tr.cr.[2] | **€5.26** | €5.28 |
| | Fáltas coibhéiseach – réimse[2] | **12.0%** | 12.7% |
| Talamh thionsclaíoch | Luach ina aghaidh an acra - réimse[1] | **€2,000- €73,000** | €3,000 - €80,000 |

[1] Tá seo bunaithe ar idirbhearta inchomparáide an mhargaidh maidir le talamh agus foirgnimh (de réir mar is cuí). I measc chúinsí eile le luacháil á dhéanamh in aghaidh an troigh cearnach/acra féachtar ar láthair na talún, caighdeán fhoirgnimh agus a láthair, a mhéid agus a riocht. Glactar leis san ionchur seo maidir le luacháil na bhfoirgneamh go bhfuil na foirgnimh folamh.

[2] Nuair is cuí, cuireann an múnla luachála seo san áireamh freisin luach reatha an ghlansreabhadh airgid a ghinfí ón réadmhaoin, ag cur ioncam chíosa ar conradh agus téarmaí léasa san áireamh agus toradh oiriúnach cíosa á chur i bhfeidhm.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 11. MAOIN INFHEISTÍOCHTA *(Ar lean)*

*Íogaireacht tomhais neamhréire na bpríomh-ionchur neamh-inbhraite*
Chruthódh méadú ar luach idirbhearta inchomparáide an mhargaidh méadú ar luach cóir na punainne. Os a choinne sin dá dtarlódh laghdú in idirbhearta inchomparáide an mhargaidh tharlódh laghdú ar luach cóir.

Dá mbeadh méadú 5% ar fud na punainne iomlán réadmhaoine infheistíochta ar luach in aghaidh tr.cr/acra idirbhearta inchomparáide an mhargaidh bheadh méadú €2,513,000 ar luach cóir, ach le laghdú 5% bheadh leaghdú €2,513,000 ar luach cóir. Tá tuilleadh anailíse déanta ar seo de réir aicme réadmhaoine mar a leanas:

| | **2017** | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| **Aicme sócmhainne** | **Méadú 5% ar luach €'000** | **Laghdú 5% ar luach €'000** | Méadú 5% ar luach €'000 | Laghdú de 5% ar luach €'000 |
| Foirgnimh thionsclaíocha | **595** | **(595)** | 618 | (618) |
| Foirgnimh oifige | **794** | **(794)** | 968 | (968) |
| Foirgnimh trádstórais | **174** | **(174)** | 146 | (146) |
| Talamh thionsclaíoch | **950** | **(950)** | 866 | (866) |
| **Iomlán** | **2,513** | **(2,513)** | 2,598 | (2,598) |

## 12. LÉAS AIRGEADAIS INFHAIGHTE

Tá léas airgeadais infhaighte iníoctha mar seo a leanas:

| | **Íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa infhaighte sa todhchaí** | | **Ús infhaighte** | | **Luach reatha íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2017 €'000** | 2016 €'000 | **2017 €'000** | 2016 €'000 | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
| Níos lú ná bliain | **34** | 34 | **2** | 2 | **32** | 32 |
| Idir bhliain amháin agus cúig bliana | **137** | 137 | **30** | 30 | **107** | 107 |
| Níos mó ná cúig bliana | **446** | 475 | **252** | 274 | **194** | 201 |
| | **617** | 646 | **284** | 306 | **333** | 340 |

Tá an Grúpa mar chomhpháirtí i socrú maidir le réadmhaoin ar léas mar a bhfaightear ioncam seasta cíosa thar thréimhse seasta, fadtéarmach, le rogha ar fáil maidir le húinéireacht na réadmhaoine a aistriú chuig léasaí ag deireadh an téarma.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 13. SÓCMHAINNÍ CÁNACH IARCHURTHA

***Cáin iarchurtha aitheanta***

| **Grúpa** | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Ag tús na bliana** | **136** | 92 |
| Ag éirí as muirir ar bhoinn tuisceana achtúireacha | **(28)** | 27 |
| (Creidmheas)/muirear ar an Ráiteas ar Bhrabús nó Caillteanas (Nóta 8) | **(7)** | 17 |
| **Ag deireadh na bliana** | **101** | 136 |

Baineann sócmhainn na cánach iarchurtha go hiomlán le difríochtaí sealadacha maidir le dliteanais sochair scoir.

***Cáin iarchurtha neamhaitheanta***
Ar 31 Nollaig 2017 tá sócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ag an nGrúpa a éiríonn mar a leanas.

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Caillteanais chaipitil nach bhfuil úsáidte agus difríochtaí sealadacha ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta (i) | **7,764** | 6,282 |
| Caillteanais chánach nach bhfuil úsáidte | **578** | 1,535 |
| Liúntais chaipitil nach bhfuil úsáidte | **3,854** | 4,246 |
| Difríochtaí sealadacha eile | **91** | 290 |
| **Ag deireadh na bliana** | **12,287** | 12,353 |

Féachtar ar shócmhainn chánach iarthurtha mar í a bheith in-aisghabhála agus ní aithnítear í dá bhrí sin ach nuair, ar bhonn gach fianaise a bhíonn ar fáil, gur dóichí go mbeidh brabús oiriúnach inchánaithe uirthi mar ar féidir aisiompú na ndifríochtaí bunúsacha sealadacha sa todhchaí a oibriú amach. Ní féidir leis na stiúrthóirí a mheas le cinnteacht réasúnta cathain a bheidh brabús oiriúnach incháinithe i gceist.

| | **Sócmhainn €'000** | **Cáin iarchurtha Dliteanas €'000** | **Glansócmhainn €'000** |
|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 9,849 | (196) | 9,653 |
| *Gluaiseacht ar cháin iarchurtha neamhaitheanta ag éirí as:* | | | |
| Caillteanais chaipitil nach bhfuil úsáidte agus difríochtaí sealadacha ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta (i) | 2,985 | 18 | 3,003 |
| Caillteanais chánach nach bhfuil úsáidte | 132 | - | 132 |
| Liúntais chaipitil nach bhfuil úsáidte | (610) | - | (610) |
| Difríochtaí sealadacha eile | 175 | - | 175 |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | 12,531 | (178) | 12,353 |

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 13. SÓCMHAINNÍ CÁNACH IARCHURTHA *(Ar lean)*

| | Sócmhainn €'000 | Cáin iarchurtha Dliteanas €'000 | Glansócmhainn €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ar an 1 Eanáir 2017** | **12,531** | **(178)** | **12,353** |
| *Gluaiseacht ar cháin iarchurtha neamhaitheanta ag éirí as:* | | | |
| Caillteanais chaipitil nach bhfuil úsáidte agus difríochtaí sealadacha ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta (i) | **1,651** | **(169)** | **1,482** |
| Caillteanais chánach nach bhfuil úsáidte | **(957)** | - | **(957)** |
| Liúntais chaipitil nach bhfuil úsáidte | **(392)** | - | **(392)** |
| Difríochtaí sealadacha eile | **(199)** | - | **(199)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **12,634** | **(347)** | **12,287** |

(i) Eascraíonn an dliteanas cánach iarchurtha iomlán oscailte agus dúnta as méadú ar luach cóir réadmhaoine infheistíochta. Is féidir caillteanais chaipitil a eascraíonn as diúscairt réadmhaoine infheistíochta a fhritháireamh in aghaidh ghnóthachain chaipitiúla mar sin is cuí go ndéanfaí fritháireamh ar shócmhainn chánach iarchurtha ag éirí as a leithéid de chailliúint in aghaidh an dliteanais chánach iarchurtha neamhaitheanta.

## 14. FARDAIL

| **Grúpa** | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Earraí críochnaithe le hathdhíol | **2,392** | 2,275 |
| Stoc cothabhála agus tomhaltáin | **134** | 166 |
| | **2,526** | 2,441 |

Ní raibh difríocht suntasach idir chostas athsholáthair fardail agus a luach anonn.

Aithníodh €10,254,000 *(2016: €8,980,000)* ar fad mar chostas agus áiríodh é i 'gCostas na ndíolachán'. Áirítear anseo glanmhuirear Ráitis ar Bhrabús nó Caillteanas de €17,000 *(2016: creidmheas de €44,000)* ag éirí as liúntas bearnaithe fardalach. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú leanúnach ar leibhéil an liúntais bhearnaithe fhardalach agus déantar leasú nuair is cuí, ag cur an eolais is déanaí a bhíonn ar fáil ar in-aisghabhalacht na suimeanna anonn san áireamh.

## 15. TRÁDÁIL AGUS INFHÁLTAIS EILE

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Infháltais thrádála | **5,303** | 2,812 |
| Infháltais eile | **1,993** | 2,047 |
| | **7,296** | 4,859 |

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Infháltais eile | **28** | 28 |
| | **28** | 28 |

Bíonn suim anonn trádála agus infháltais eile cóngrach dá luach cóir de bharr iad a bheith gearrthéarmach.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 16. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS ATÁ AR FÁIL LE DÍOL

| | **2017 €'000** | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| **Ag tús na bliana** | **68** | 468 |
| Aistriú chuid Maoin Infheistíochta (Nóta 11) (i) | - | (400) |
| Diúscairtí i rith na bliana (ii) | **(68)** | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | - | 68 |
| Sócmhainní reatha | - | 68 |
| **Iomlán** | - | 68 |

**(i) Aistriú chuig Réadmhaoin Infheistíochta**
D'éirigh sócmhainn airgeadais an Ghrúpa ar an 31 Nollaig 2016 as socrú sócmhainne airgeadais mar a raibh ceart ag an nGrúpa, mar chúiteamh ar infheistíocht talún, ar chéatadán den ioncam cíosa do thréimhse socraithe. Cheannaigh an Grúpa an leas a bhí fágtha sa sócmhainn seo i rith 2017. Is leis an Grúpa 100% den sócmhainn in úinéireacht an Ghrúpa anois agus tá seo léirithe ag luach cóir i Maoin Infheistíochta (Nóta 11).

**(ii) Diúscairtí i rith na bliana**
Bhí forchuideachta an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, páirteach i socrú airgeadais (aitheanta mar shócmhainn airgeadais) mar a raibh ceart ag an nGrúpa ar chéatadán den ioncam cíosa ar feadh tréimhse, i gcúiteamh ar an infheistíocht talún. Rinne an Grúpa an leas seo a dhiúscairt i rith 2016 ar fháltas de €490,000, le gnóthachan dá bharr de €90,000 (Nóta 4).

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 17. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| *Leas i bhfochuideachtaí* | | |
| Scaireanna ar a gcostas | **112,275** | 112,275 |
| | **112,275** | 112,275 |

Tugtar liosta thíos de na fochuideachtaí príomha agus cuideachtaí gaolmhara.

| Ainm | Cineál Gnó | % Úinéireachta Scairchaipitil | Oifig Chláraithe |
|---|---|---|---|
| **Fochuideachtaí** | | | |
| CGA Údarás Aerfort na Sionainne | Oibriú Aerfort na Sionainne (trádáil) | 100% | Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir |
| CGA Fiontair Thráchtála na Sionainne *(ag trádáil mar Mhaoin Tráchtála na Sionainne)* | Bainistíocht agus forbairt na punainne réadmhaoine tráchtála (trádáil) | 100% | Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir |
| CGA Oidhreacht na Sionainne | Oibriú féastaí meánaoiseacha agus oícheanta traidisiúnta Gaelacha agus bainsitiú ar ionaid oidhreachta do thurasóirí (trádáil) | 100% (indíreach) | Caisleán Bhun Raite, Bun Raite, Co. an Chláir |
| CGA Iontaobhas Pinsin SAA | Cuideachta pinsin iontaobhaí | 100% (indíreach) | Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir |
| CGA Seirbhísí Airgeadais Údarás Aerfort na Sionainne | Cuideachta iontaobhais | 100% (indíreach) | Aerfort na Sionainne, Sionainn, Co. an Chláir |
| **Cuideachtaí Gaolmhara** | | | |
| Leathanbhanda na Sionainne Teoranta | Forbairt leathanbhanda réigiúnach (trádáil) | 20% (indíreach) | Mill House, Sráid Anraí, Luimneach |

## 18. INFHEISTÍOCHTAÍ EILE

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Infheistíochtaí eile | **9,036** | 21,032 |
| | **9,036** | 21,032 |

Baineann infheistíochtaí eile le taiscí gearrthéarmacha bainc le haibíocht níos mó ná 90 lá ón dáta tionscanta.

## 19. AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉIS AIRGID

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Airgead tirim ar láimh | **9,789** | 4,710 |
| | **9,789** | 4,710 |

Mar urrús ar a iasachtaí (Nóta 24) tá fochuideachta an Ghrúpa, Údarás Aerfort na Sionainne, tar éis scannadh agus údarás a thabhairt don iasachtóir ar chuntas bainc. Ba é iarmhéid an chuntais ag deireadh bliana ná €751,000.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Cuideachta** | | |
| Airgead tirim ar láimh | **10** | 10 |
| | **10** | 10 |





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 20. SCAIRCHAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Scairchaipiteal** | | |
| **Údaraithe:** | | |
| 60,000,000 gnáthscair de €1 an ceann | **60,000** | 60,000 |
| **Eisithe:** | | |
| 38,107 gnáthscair de €1 an ceann | **38** | 38 |

Eisíodh 38,107 gnáthscair ar an 29 Lúnasa 2014. Tá úinéireacht tairbhiúil ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar gach gnáthscair.

**Cúlchiste ranníocaíochta caipitil**

Is ionann an cúlchiste ranníocaíochta caipitil agus luach cóir na sócmhainí agus na ndliteanas a aistríodh chuig an nGrúpa ar 5 Meán Fómhair 2014 gan aon chomaoin.

## 21. TRÁDÁIL AGUS SUIMEANNA EILE INÍOCHTA

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Suimeanna trádála iníoctha | **605** | 1,531 |
| Costais fhabhraithe | **16,345** | 12,927 |
| Árachas sóisialta | **1,137** | 1,050 |
| CBL | **244** | 316 |
| **Trádáil reatha agus suimeanna eile iníochta** | **18,331** | 15,824 |

Bíonn suim anonn trádála agus suimeanna iníoctha eile cóngrach dá luach cóir de bharr iad a bheith gearrthéarmach.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 22. IONCAM IARCHURTHA

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais Rialtais (i) | 354 | 354 |
| Airleacain chustaiméara | - | 120 |
| **Ioncam iarchurtha reatha** | 354 | 474 |
| Deontais Rialtais (i) | 3,163 | 3,513 |
| **Ioncam iarchurtha neamhreatha** | 3,163 | 3,513 |
| **Ioncam iomlán iarchurtha** | 3,517 | 3,987 |

**(i) Deontais Rialtais**

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| *Faighte* | | |
| Ar 1 Eanáir | 12,954 | 12,954 |
| Míreanna Breise | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | 12,954 | 12,954 |
| *Amúchadh* | | |
| Ar 1 Eanáir | 9,087 | 8,732 |
| Amúchadh | 350 | 355 |
| **Ar an 31 Nollaig** | 9,437 | 9,087 |
| Glanluach de réir na leabhar ar 1 Eanáir | 3,867 | 4,222 |
| **Glanluach de réir na leabhar ar 31 Nollaig (Nóta 29)** | 3,517 | 3,867 |

Fuair fochuideachta an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, deontas ó Fháilte Éireann d'fhonn uasghrádú a dhéanamh ar ionad turasóireachta Chaisleán an Rí. Aithnítear an deontas seo mar ioncam iarchurtha agus amúchadh á dhéanam air thar shaolré ionchair na sócmhainne lena mbaineann sé. Is gá an deontas seo a aisíoc mura ndéantar coinníollacha áirithe a shásamh. Is é an príomhchoinníoll ná go gcaithfidh an caisleán fanacht ag feidhmiú mar ionad turasóireachta d'íostréimhse ó dháta an deontais agus nach féidir na sócmhainní ábhartha a dhiúscairt le linn na tréimhse sin gan comhthoil Fháilte Éireann. Go dtí seo comhlíonadh gach coinníoll a bhain leis an deontas seo.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 23. SOLÁTHAIRTÍ

| | Gealltanais dochraideacha €'000 | Soláthar féinárachais €'000 | Gealltanais phinsin €'000 | Soláthar eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2016 | 2,505 | 669 | 140 | 14 | 3,328 |
| Soláthairtí a úsáideadh i rith na bliana | (1,452) | (201) | - | - | (1,653) |
| Soláthairtí a déanadh i rith na bliana | 283 | 243 | - | 1,334 | 1,860 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | 1,336 | 711 | 140 | 1,348 | 3,535 |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | 1,336 | 711 | 140 | 1,348 | 3,535 |
| Soláthairtí a úsáideadh i rith na bliana | (320) | (63) | (140) | (1,690) | (2,213) |
| Soláthairtí a déanadh i rith na bliana | - | 128 | - | 676 | 804 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | 1,016 | 776 | - | 334 | 2,126 |
| **Ar an 31 Nollaig 2016** | | | | | |
| Soláthairtí reatha | 238 | 357 | - | 1,348 | 1,943 |
| Soláthairtí neamhreatha | 1,098 | 354 | 140 | - | 1,592 |
| Soláthairtí iomlána | 1,336 | 711 | 140 | 1,348 | 3,535 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | | | |
| Soláthairtí reatha | 320 | 373 | - | 334 | 1,027 |
| Soláthairtí neamhreatha | 696 | 403 | - | - | 1,099 |
| Soláthairtí iomlána | 1,016 | 776 | - | 334 | 2,126 |

**Gealltanais dochraideacha**
Tá gealltanais dochraideacha léasa agus muirir sheirbhíse ag an nGrúpa ag éirí as a oibleagáidí maidir le comhlimistéir áirithe a choimeád laistigh de pháirceanna ar leis an nGrúpa iad agus atá á n-oibriú ag an nGrúpa. Is ionann na suimeanna taifeadta agus an meastachán is fearr ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas atá riachtanach leis na hoibleagáidí ábhartha a réiteach.

**Soláthar féinárachais**
Feidhmíonn Aerfort na Sionainne clár féinárachais a aithníonn soláthar d'éilimh ionchasacha agus tuairiscithe. Léiríonn an suim a soláthraíodh ar an 31 Nollaig 2017 suimeanna a réitíodh le linn na tréimhse agus athbhreithniú ar an soláthar le tacú leis an meastachán is fearr ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas a bheadh riachtanach d'fhonn na hoibleagáidí a éireodh as na héilimh seo a réiteach, bunaithe ar thaithí agus ar an gcomhairle ghairmiúil a fuarthas.

**Gealltanais phinsin**
Léiríonn an soláthar a aithníodh ar 31 Nollaig 2016 an meastachán is fearr ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas a bheadh ag teastáil d'fhonn oibleagáidí an Ghrúpa, ag éirí as ceisteanna eile maidir le pinsin, a réiteach.

**Soláthar eile**
I mí na Samhna 2016 sheol Grúpa na Sionainne cpt tairiscint ar scéim scarúna deonach ar fud an ghrúpa a cuireadh in iúl do gach fostaí incháilithe.

Fuarthas iarratais fhoirmeálta ón bhfoireann ar mhian leo leas a bhaint as an scéim seo agus tá soláthar de €1,334,000 taifeadta, ar ionann é agus meastachán is fearr na bainistíochta ar an 31 Nollaig 2016 ar an gcaiteachas a bheadh riachtanach le freastal ar oibleagáidí an Ghrúpa maidir lena fhostaithe (Nóta 3). Ba iad iomlán na n-íocaíochtaí a déanadh maidir leis an scéim seo i rith 2017 ná €1,690,000, ar taifeadadh €1,054,000 de ar 31 Nollaig 2016.

Áirithe i Soláthairtí Eile ar 31 Nollaig 2017 tá €280,000, ar ionann é agus an meastachán is fearr ag an mbainistíocht ar an gcaiteachas a bheadh de dhíth le freastal ar oibleagáidí an Ghrúpa maidir leis an scéim seo a gceaptar go mbeidh réitheach orthu i rith 2018.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 24. IASACHTAÍ AGUS FIACHAIS

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Grúpa** | | |
| Iasacht bhainc urraithe (i) | **700** | - |
| Dliteanas léasa airgeadais (ii) | - | 80 |
| **Iasachtaí agus fiachais reatha** | **700** | 80 |
| Iasacht bhainc urraithe (i) | **13,725** | - |
| **Iasachtaí agus fiachais neamhreatha** | **13,725** | - |
| **Iomlán iasachtaí agus fiachais** | **14,425** | 80 |

**(i) Iasacht bhainc urraithe**

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Iasacht bhainc urriathe | **14,425** | - |

| | | **2017** | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Téarma** | **Aghaidhluach** | **Luach anonn** | Aghaidhluach | Luach anonn |
| | | **€'000** | **€'000** | €'000 | €'000 |
| Iasacht bhainc urraithe – EUR (Nóta 26) | **> 15 years** | **14,300** | **14,425** | - | - |

I rith 2017, fuair fochuideachta an Ghrúpa, Údarás Aerfort na Sionainne, iasacht bhainc fhadtéarmach le maoiniú a dheánamh ar chostas athshlánaithe an rúidbhealaigh. Mar urrús á hiasachtaí tá an chuideachta tar éis sannachán agus muirear a thabhairt ar chuntas bainc, le hiarmhéid ag deireadh bliana de €751,000 (Nóta 19). Is saoráid amúchta atá san iasacht le haisíocaíochtaí tráthrialta ar bhunairgead agus agus ús araon agus é faoi réir ráta úis an mhargaidh. Tá an ráta úis socraithe don chéad 15 bliain le méadú céimithe réamh-chomhaontaithe ag dátaí réamhdhearbhaithe i ndiaidh bliain 15 má bhíonn an iasacht fós gan íoc. Tá an chuideachta faoi réir chúnaint airgeadais a bheidh ann go dtí go mbíonn an iasacht aisíoctha go hiomlán. Tá an chuideachta ag comhlíonadh an chúnaint airgeadais seo ag dáta dheireadh na bliana.

**(ii) Dliteanas léasa airgeadais**
Tá dliteanais léasa airgeadais iníoctha mar seo a leanas:

| | **Íocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí** | | **Sainleas** | | **Luach reatha íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 | **2017** | 2016 |
| | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 | **€'000** | €'000 |
| Níos lú ná bliain | - | 82 | - | 2 | - | 80 |
| | - | 82 | - | 2 | - | 80 |

Thosaigh an Grúpa ar léas airgeadais i rith 2015 maidir le trealamh freastalaithe TF a cheannach.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 25. SOCHAR FOSTAÍ

Feidhmíonn an Grúpa roinnt scéimeanna pinsin, ar a n-áirítear scéimeanna le ranníocaíochtaí sainithe agus sochar sainithe araon. Tugtar imlíne thíos ar mhionsonraí na scéimeanna atá ag feidhmiú ar fud an Ghrúpa. Tá tuairisc tugtha ag an nGrúpa ar shochar scoir faoi scéimeanna pinsin le sochar sainithe de réir IAS 19 "Sochair Fostaithe".

Rinne **Údarás Aerfort na Sionainne** roinnt scéimeanna pinsin a oibriú thar ceann a fhostaithe i rith 2017 agus 2016:

*a) Scéim pinsin le sochar sainithe – Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta*
*b) Scéimeanna eile le ranníocaíocht shainithe*

***a) Scéim pinsin le sochar sainithe – Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta***

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **Grúpa** | | |
| Glandliteanas le sochar sainithe | **(809)** | (1,084) |

Is baill de Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta ("ARSSS") iad fostaithe áirithe de chuid an Ghrúpa, ar scéim le sochar sainithe í a oibríonn daa cpt ("daa") agus tugann fochuideachta an Ghrúpa, CGA Údarás Aerfort na Sionainne ("an Chuideachta") cuntas uirthi mar scéim le sochar sainithe.

Ar an 31 Nollaig 2012, rinne an Chuideachta agus daa comhaontú aistrithe (an "Comhaontú Aistrithe Gnó"), mar ar aistríodh na sócmhainní agus na dliteanais a bhain le hAerfort na Sionainne a bhí gafa de láimh ag daa chuig an gCuideachta de réir fhorálacha Acht na nAerfort Stát 2004.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Aistrithe Gnó tá glandliteanas ag an gCuideachta don ARSSS nach mbaineann ach leis na fostaithe buana sin ag Aerfort na Sionainne ar bhaill iad den ARSSS ar an 31 Nollaig 2012 agus a aistríodh chuig, agus a bhí fostaithe ag an gCuideachta ar an dáta sin.

Déanadh ARSSS a chalcadh ar an 31 Nollaig 2012. Cé gur éirigh an Chuideachta as a bheith ina fostóir rannpháirteach san ARSSS, d'aontaigh sí leanúint le raníocaíochtaí a íoc leis an ARSSS maidir le fostaithe buana Aerfort na Sionainne ar bhaill den ARSSS iad ar an 31 Nollaig 2012 sa chás go n-éileodh iotaobhaithe na scéime sin.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 25. SOCHAR FOSTAÍ *(Ar lean)*

Socraíonn achtúire cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachála gach trí bliana.

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leis go n-íocfar iad leis an bplean le linn na tréimhse bliantúla ag tosú i ndiaidh an dáta tuairiscthe (i) | **77** | 17 |

(i) Ba iad na ranníocaíochtaí a íocadh i 2017 ná €77,000 rud a léirigh ranníocaíocht bhreise a íocadh ar ordú ó Iontaobhaithe na scéime, de réir thogra maoinithe. Táthar ag súil leis go ndéanfar ranníocaíocht de €77,000 i 2018 freisin.

Rinne Mercer, comhlacht achtúirí cáilithe neamhspleách, measúnú achtúireach ar an scéim ar an 31 Nollaig 2016 agus 2017, d'fhonn faisnéisiú dheireadh na bliana IAS 19 a ullmhú. Rinne an t-achtúire sócmhainní agus dliteanais na scéime agus na gluaiseachtaí a bhain léi abhain lena fostaithe a sannadh dá fostaithe.

**Gluaiseacht i nglandliteanas sochair shainithe**

Léiríonn an tábla seo a leanas réiteach ar an iarmhéid tosaigh de réir an t-iarmhéid deiridh don ghlandliteanas sochair shainithe agus a chomhpháirteanna.

| | Oibleagáid sochair shainithe | | Luach cóir shócmhainní an phlean | | Glandliteanas le sochar sainithe | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
| Luach cóir ag tús na bliana | **2,001** | 2,422 | **(917)** | (1,684) | **1,084** | 738 |
| ***Áirithe i mBrabús nó Caillteanas*** | | | | | | |
| Toradh a bhfuiltear ag súil leis ar shócmhainní an phlean | - | - | **(20)** | (22) | **(20)** | (22) |
| Costas na seirbhísí san am atá caite | - | (766) | - | 877 | - | 111 |
| Costas úis | **40** | 45 | - | - | **40** | 45 |
| | **40** | (721) | **(20)** | 855 | **20** | 134 |
| ***Áirithe in Ioncam Cuimsitheach Eile*** | | | | | | |
| Caillteanas atomhais: | | | | | | |
| Brabús ar shócmhainní an phlean | - | - | **(54)** | (88) | **(54)** | (88) |
| Brabús/(caillteanas) achtúrach ag éirí as: | | | | | | |
| Tionchar na n-athruithe ar bhoinn tuisceana | **(100)** | 327 | - | - | **(100)** | 327 |
| Tionchar choigeartuithe taithí | **(64)** | (27) | - | - | **(64)** | (27) |
| | **(164)** | 300 | **(54)** | (88) | **(218)** | 212 |
| ***Eile*** | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra | - | - | **(77)** | - | **(77)** | - |
| Ranníocaíochtaí na mball | - | - | - | - | - | - |
| Leasa a íocadh | - | - | - | - | - | - |
| **Luach cóir ar an 31 Nollaig** | **1,877** | 2,001 | **(1,068)** | (917) | **809** | 1,084 |





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 25. SOCHAR FOSTAÍ *(Ar lean)*

**Sócmhainní an phlean**

Seo a leanas atá i sócmhainní an phlean:

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Sócmhainní an phlean €'000** | **Céatadán de shócmhainní an phlean - %** | Sócmhainní an phlean €'000 | Céatadán de shócmhainní an phlean - % |
| Gnáthscaireanna | **513** | **48.0** | 530 | 57.8 |
| Bannaí | **505** | **47.3** | 340 | 37.1 |
| Réadmhaoin | - | - | - | - |
| Airgead tirim | **1** | **0.1** | 2 | 0.2 |
| Eile | **49** | **4.6** | 45 | 4.9 |
| | **1,068** | **100.0** | 917 | 100.0 |

Le forbairt a dhéanamh ar ráta brabúis fhadtéarmach ar shócmhainní an phlean d'fhéach an chuideachta ar leibhéal reatha an bhrabúis a bhfuiltear ag súil leis ar infheistíochtaí saor ó riosca (bunbhannaí rialtais), leibhéal stairiúil an bhisigh riosca a shamhlaítear le haicmí eile sócmhainne mar a ndearna an phunann infheistíocht agus í ag tnúth le brabús sa todhchaí as gach aicme sócmhainne. Déanadh ualú ansin ar an mbrabús a bhfuiltear ag súil leis ar gach aicme sócmhainne bunaithe ar leithdháileadh sócmhainne na scéime, le forbairt a dhéanamh ar an ráta brabúis a bhfuiltar ag súil leis sa bhfadtéarma ar bhonn tuisceana sócmhainne don phunann.

**Oibleagáid sochair shainithe**

***Boinn tuisceana achtúireacha***

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar na príomh-bhoinn tuisceana ar glacadh leo maidir leis an scéim le sochar sainithe. Cuireadh na boinn tuisceana le chéile, ar a n-áirítear an ráta brabúis a bhfuiltear ag súil leis go fadtéarmach ar shócmhainní, ar chomhairle achtúire na cuideachta.

| | **2017** | 2016 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **2.2%** | 2.0% |
| Ráta maidir le boilsciú praghsanna | **1.7%** | 1.7% |
| Ráta méadaithe na dtuarastal | - | - |

Tá an ráta lascaine de 2.2% bunaithe ar Bhannaí Corparáide Rátáilte AA a cheaptar a bheith oiriúnach do thréimhse dhliteanais na scéimeanna.

Tá na boinn tuisceana maidir le mortlaíocht sa todhchaí bunaithe ar staitisticí foilsithe agus ar tháblaí mortlaíochta. Ba mar seo a leanas a bhí fadsaolaí reatha bunúsacha luachanna na hoibleagáide sochair shainithe ag an dáta tuairiscthe:

| | **2017 Blianta** | 2016 Blianta |
|---|---|---|
| *Fadsaolaí do bhall fireann* | | |
| Baill ghníomhacha reatha ag dul ar scor ag aois 65 i gceann 25 bliana | **25.9** | 25.8 |
| *Fadsaolaí do bhall baineann* | | |
| Baill ghníomhacha reatha ag dul ar scor ag aois 65 i gceann 25 bliana | **28.0** | 27.9 |

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 25. SOCHAR FOSTAÍ *(Ar lean)*

***Anailís íogaireachta***

Bheadh tionchar ag athruithe réasúnta féideartha ag an dáta tuairiscithe ar cheann de na boinn tuisceana achtúireacha ábhartha, ag coimeád boinn tuisceana eile seasmhach, ar an oibleagáid sochair shainithe de réir na suimeanna a thugtar thíos.

| | 2017<br>€'000<br>Méadú/(laghdú) | 2016<br>€'000<br>Méadú/(laghdú) |
|---|---|---|
| Ráta lascaine - 0.5% laghdú | **262** | 294 |
| Boilsciú - 0.5% méadú | **136** | 167 |

*b) Scéimeanna ranníocaíochta sainithe*

Feidhmíonn **Údarás Aerfort na Sionainne** dhá scéim ranníocaíochta pinsin le sochar sainithe d'fhostaithe áirithe. Déantar íocaíochtaí chuig an scéim a ghearradh go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €1,222,336 *(2016: €1,228,696)*. Is é an méid a bhí dlite ag deireadh na bliana ná €164,442 *(2016: €170,830)*.

Rinne **Maoin Tráchtála na Sionainne** ("an Chuideachta") scéim pinsin le sochar sainithe neamhchistithe a fheidhmiú suas go dtí an dáta aistrithe chuig Grúpa na Sionainne ar an 5 Meán Fómhair 2014. Suas go dtí an dáta sin, faoi shocrú leis an Státchiste, íocaíodh ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí leis an Státchiste agus d'aithin an Chuideachta sócmhainn mhaoinithe iarchurtha ar ionann é agus an sócmhainn a bheadh le fáil ar ais ón Státchiste sa todhchaí. D'aithin an Chuideachta dliteanas freisin ar ionann é agus an t-easnamh maoinithe maidir le méadú ar phinsin i ndiaidh scoir. De réir an Acht um Ghrúpa na Sionainne, aistríodh gach dliteanas, dleacht, oibleagáid agus cistiú (ar a n-áirítear méadú ar phinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin) ag éirí as feidhmiú na scéime, chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar dháta an aistrithe. Dá bhrí sin, do na blianta dar críoch 31 Nollaig 2017 agus 2016, tá cuntas tugtha ag Grúpa na Sionainne ar na scéimeanna seo mar scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Déantar íocaíochtaí chuig an scéim a ghearradh go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €198,000*(2016: €164,000)*, nach raibh aon chuid de iníoctha ag deireadh na bliana *(2016:Neamhní)*.

Feidhmíonn **Oidhreacht na Sionainne** scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe atá maoinithe go hinmheánach d'fhostaithe áirithe. Déantar íocaíochtaí chuig an scéim a ghearradh go bliantúil sna ráitis airgeadais agus don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017, ba é iomlán an chostais aitheanta ná €114,953 *(2016: €108,481)*. Is é an méid a bhí dlite ag deireadh na bliana ná €26,211 *(2016: €21,718)*.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

**Fachtóirí riosca airgeadais**

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord Stiúrtha na Cuideachta as bunú agus maoirsiú pholasaí bainistíochta riosca an Ghrúpa. Tá an Bord Stiúrtha tar éis Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca a bhunú a bhfuil fhreagracht air maidir le forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa.

Tá córas bainistíochta riosca bunaithe ag an nGrúpa ar fud an ghrúpa lena chinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a thaifead agus a thuairisciú go rialta thar gach Aonad Gnó agus feidhm agus a dhéanann iarracht tionchar na rioscaí seo ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a theorannú. Is é polasaí an Ghrúpa na rioscaí seo a bhainistiú ar bhealach neamh-amhantrach.

Fágann oibríochtaí an Ghrúpa neamhchosanta é ar rioscaí airgeadais éagsúla, a dtugtar cur síos thíos orthu. Cuireann an nóta seo faisnéis i láthair maidir le neamhchosaint an Ghrúpa ar na rioscaí seo agus a chuspóirí, a pholasaithe agus a nósanna imeachtaí le riosca a thomhas agus a bhainistiú. Áirítear tuilleadh nochtuithe cainníochtúla ar fud an nóta seo.

**(a) Riosca creidmheasa**

Bíonn an Grúpa i mbun idirbheartaíochta airgeadais i ngnáthchúrsaí gnó le roinnt contrapháirtí agus d'fhéadfadh cailliúint airgeadais a bheith i gceist dá dteipfeadh ar aon cheann de na contrapháirtithe seo nó go mbeadh loiceadh feidhmíochta ar a n-oibleagáidí faoi seach i gceist. Éiríonn riosca creidmheasa as creidmheas do chustaiméirí ag éirí as infhála gan íoc agus idirbhearta gan íoc chomh maith le hairgead tirim agus coibhéis airgid agus taiscí le bainc agus institiúidí airgeadais. Tá taiscí an Ghrúpa á gcoimeád le dhá institiúid chreidmheasa. Déanann an bhainistíocht monatóireacht rialta ar neamhchosaint chontrapháirtithe agus tugtar tuairisc don Bhord de réir mar a bhíonn gá leis.

Is ionann suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais, glan ar sholáthairtí bearnúcháin uasmhéid neamhchosanta creidmheasa an Ghrúpa. Tugtar imlíne sa tábla thíos ar an uasmhéid neamhchosanta ar riosca creidmheasa ag deireadh na bliana.

| | Suim ghlanluacha | |
|---|---|---|
| | **2017** | 2016 |
| **Grúpa** | **€'000** | €'000 |
| Infháltas trádála (Nóta 15) | **5,303** | 2,812 |
| Infháltais eile (Nóta 15) | **1,993** | 2,047 |
| Infháltas ar léas airgeadais (Nóta 12) | **333** | 340 |
| Infheistíochtaí eile (Nóta 18) | **9,036** | 21,032 |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid (Nóta 19) | **9,789** | 4,710 |
| **Iomlán** | **26,454** | 30,941 |
| | | |
| **Cuideachta** | | |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid (Nóta 19) | **10** | 10 |
| **Iomlán** | **10** | 10 |

*Infháltais thrádála*

Tá nósanna imeachta ag an nGrúpa le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca creidmheasa a bhaineann lena infháltais thrádála bunaithe ar thaithí agus ar theist go dtí seo na gcustaiméirí agus rátaí loicthe stairiúla. De ghnáth socraíonn an custaiméir teorainneacha indibhidiúla riosca agus ní ghlactar le riosca os cionn a leithéid de theorainneacha ach i gcúinsí sainmhínithe. Déantar monatóireacht rialta ar úsáid na dteorainneacha creidmheasa. Déantar neamhchosaint ar riosca creidmheasa maidir le custaiméirí ad hoc a mhaolú, nuair is gá é, le réamhíocaíochtaí a úsáid nó éarlais a lorg.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(Ar lean)*

**(a) Riosca creidmheasa** *(Ar lean)*

Tá infháltais thrádála an Ghrúpa go léir ainmnithe in Euro. Ba mar seo a leanas a bhí uasmhéid neamhchosanta ar riosca creidmheasa do thrádáil agus infháltais de réir réigiúin gheoghrafacha:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glan-infháltais thrádála** | | |
| Poblacht na hÉireann | **5,990** | 3,663 |
| An Ríocht Aontaithe | **571** | 601 |
| An chuid eile den domhan | **318** | 139 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **6,879** | 4,403 |

Ní bhaineann ús le hinfheáltais thrádála agus tugtar tuairisc orthu glan ar liúntais ar infháltais amhrasacha, a dtugtar anailís mar seo a leanas air:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Liúntas d'fhiacha amhrasacha** | | |
| Ag tús na bliana | **1,591** | 1,851 |
| Suimeanna gearrtha i leith na gcostas oibriúcháin | **565** | 80 |
| Infháltais thrádála díscríofa | **(580)** | (340) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **1,576** | 1,591 |
| **Glan-infháltais thrádála (Nóta 15)** | **5,303** | 2,812 |

Ag gach dáta tuairiscthe déanann an Grúpa measúnú ar in-aisghabháltacht na n-infháltas trádála agus liúntais na dtaifead d'infháltais amhrasacha bunaithe ar thaithí.

Soláthraíonn an tábla seo a leanas anailís aosaithe maidir le hinfháltais thrádála an Ghrúpa:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Laistigh de théarmaí creidmheasa | **2,425** | 1,977 |
| 0-30 lá tar éis dáta dlite | **224** | 241 |
| 31-60 lá tar éis dáta dlite | **1,719** | 674 |
| 61-90 lá tar éis dáta dlite | **1,211** | 79 |
| Níos mó ná 90 lá tar éis dáta dlite | **1,300** | 1,432 |
| **Iomlán** | **6,879** | 4,403 |

Ar infháltais thrádála an Ghrúpa áirítear iarmhéideanna de €2,782,000 (2016: €835,000) atá tar éis an dáta dlite ach nach bhfuil bearnaithe.

Táthar ag súil leis go mbeidh infháltais thrádála nach bhfuil tar éis an dáta dlite ná bearnaithe ag an dáta tuairiscthe, in-aisghabhála go hiomlán.

*Léas airgeadais infhaighte*
Éiríonn riosca creidmheasa maidir le léas airgeadais infhaighte le contrapháirtí amháin. Níl an comhardú i ndiaidh an dáta dlite ná bearnaithe. Tá nósanna imeachta ag an nGrúpa le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an riosca creidmheasa seo bunaithe ar thaithí agus ar theist go dtí seo an chustaiméara maidir le híocaíocht.





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(Ar lean)*

**(a) Riosca creidmheasa** *(Ar lean)*
*Airgead tirim agus coibhéis airgid agus infheistíochtaí eile*
Tá airgead tirim agus coibhéis airgid agus infheistíochtaí eile ("taiscí airgid") infheistithe le hinstitiúidí tar éis féachaint ar a rátáil chreidmheasa.

Maidir le taiscí airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta, ba é rátáil chreidmheasa na n-institiúidí inar cuireadh an t-airgead i dtaisce ná Baa3 nó os a chionn ag deireadh na bliana bunaithe ar rátáil Moodys (2016: Baa3 nó os a chionn).

**(b) Riosca leachtachta**
Is riosca é riosca leachtachta a mbeidh deacracht ag an nGrúpa freastal ar a oibleagáidí ina thaobh lena dhliteanais airgeadais a ndéantar iad a réiteach trí airgead nó sócmhainn eile airgeadais a sholáthar. Is é cur chuige an Ghrúpa maidir le leachtacht a bhainistiú ná a chinntiú, chomh fada agus is féidir é, go mbíonn go leor leachtachta aige i gcónaí le freastal ar a dhliteanais nuair a bhíonn siad dlite, faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi dhálaí anáis, gan caillteanais do-ghlactha a bheith ann nó baol go ndéanfaí dochar do chlú an Ghrúpa.

Tá airgead a ghineann an gnó mar phríomhfhoinse don chistiúchán atá ar fáil don Ghrúpa. I rith 2017, fuair fochuideachta an Ghrúpa, Údarás Aerfort na Sionainne, iasacht bhainc fhadtéarmach le maoiniú a dheánamh ar chostas athshlánaithe an rúidbhealaigh (Nóta 24). Glactar cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú ar a n-áirítear cistiú ar riachtanais suntasacha infheistíochta. Tá an Grúpa tar éis a dhúil maidir le riosca a a shocrú i leith infheistíochtaí tráchtála agus leibhéil lamháltais airgeadais socraithe dá réir.

Oibríonn an Grúpa córais láidre rialaithe gnó agus airgeadais le tuairisciú rialta ar shreabhadh airgid oibríochtúil agus ar staid an iarmhéid airgid, le comharthaíocht luath ar athrú ábhartha ón bplean agus déantar athbhreithniú lena chinntiú go gcoimeádtar leachtacht sa ghearr agus sa bhfadtéarma.

Tá go leor foinsí maoine imeor ar fáil don Ghrúpa le freastal ar a riachtanais mhaoinithe réamh-mheasta do ghearrthéarma a chuid oibriúcháin agus a chlár infheistíochta caipitil. Tá saoráid rótharraingthe de €5 milliún ar fáil le freastal ar riachtanais chaipitil oibre gearrthéarmach. Ag éirí as seo, tá úrrús ag an mbanc i leith sócmhainní áirithe de chuid an Ghrúpa (Nóta 10). Úsáideadh an saoráid rótharraingthe i rith 2017 agus 2016 ach níor úsáideadh é ag deireadh na bliana áfach.

Tá plean straitéiseach cúig bliana ullmhaithe ag an nGrúpa, ina n-áirítear freisin straitéis maoinithe an Ghrúpa thar thréimhse cúig bliana an phlean. Beidh breis iasachtaí seachtracha de dhíth le clár caipitil an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Leag plean straitéiseach an Ghrúpa agus an straitéis mhaoinithe a bhain leis príomhchóimheasa agus lamháltais fheidhmíochta mar a ndéanann an Grúpa a leachtacht, a bhrabúsacht agus a ghiaráil a bhainistiú.

Seo a leanas an aibíocht chonarthach atá fágtha maidir le dliteanais airgeadais ag an dáta tuairiscthe. Tá na suimeanna comhlán agus neamh-lascainithe.

| | | | Sreabhadh airgid chonarthach | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Suim ghlanluacha<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthach iomlán<br>€'000 | 3 mhí nó níos lú<br>€'000 | 3-12 mí<br>€'000 | 1-2 bliain<br>€'000 | Níos mó ná 2 bhliain<br>€'000 |
| **31 Nollaig 2017** | | | | | | |
| *Dliteanais airgeadais neamhdhíorthach* | | | | | | |
| Trádáil agus suimeanna eile iníochta | **18,331** | **18,331** | **18,331** | **-** | **-** | **-** |
| Iasacht bhainc urraithe | **14,425** | **14,425** | **313** | **901** | **901** | **12,310** |
| **Iomlán** | **32,756** | **32,756** | **18,644** | **901** | **901** | **12,310** |

| | | | Sreabhadh airgid chonarthach | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Suim ghlanluacha<br>€'000 | Sreabhadh airgid chonarthach iomlán<br>€'000 | 3 mhí nó níos lú<br>€'000 | 3-12 mí<br>€'000 | 1-2 bliain<br>€'000 | Níos mó ná 2 bhliain<br>€'000 |
| **31 Nollaig 2016** | | | | | | |
| *Dliteanais airgeadais neamhdhíorthach* | | | | | | |
| Trádáil agus suimeanna eile iníochta | 15,824 | 15,824 | 15,824 | - | - | - |
| Léasanna Airgeadais | 80 | 82 | 25 | 57 | - | - |
| Iomlán | 15,904 | 15,906 | 15,849 | 57 | - | - |

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(Ar lean)*

**(c) Riosca an mhargaidh**
Is é is riosca an mhargaidh ná an riosca sin a athraíonn praghasanna an mhargaidh, mar rátaí malairte eachtrach agus rátaí úis a mbeidh tionchar acu ar ioncam an Ghrúpa.

(i) *Riosca rátaí úis*
Níl an Grúpa gan chosaint ar riosca ráta úis ar a iasacht bhainc urraithe toisc go bhfuil an ráta úis seasta don téarma uile. Tá ús ar fáil ar iarmhéideanna airgid agus infheistíochta an Ghrúpa ag rátaí seasta agus comhlúthacha araon. Le méadú nó ardú 1% ar rátaí úis bheadh méadú/(laghdú) de €0.2 milliún ar bhrabús/caillteanas *(2016: €0.3 milliún).*

(ii) *Riosca airgeadra eachtrach*
Níl an Grúpa neamhchosanta go bunúsach ar riosca airgeadra eachtrach toisc gur sa Euro (airgeadra feidhmeach an Ghrúpa) atá gach idirbheart ábhartha agus ionstraim airgeadais. Ní bheadh tionchar suntasach ag aon neartú nó lagú ar an Euro in aghaidh airgeadra eile ar bhrabús/caillteanas ná ar ioncam cuimsitheach eile.

(iii) *Praghasriosca eile*
Níl an Grúpa neamhchosanta ar urrús cothromais ná praghasriosca earraí toisc nach bhfuil aon infheistíochtaí cothromais aige.

**Bainistíocht chaipitil**
Is iad cuspóirí an Ghrúpa agus caipiteal á bhainistiú ná cosaint a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach d'fhonn brabús a sholáthar dá scairshealbhóirí agus struchtúr caipitiúil optamach a choimeád.

**Tomhas, catagóiriú agus measúnú ar luach cóir ionstraimí airgeadais**
Tugann an tábla seo a leanas rangú ar shócmhainní agus ar dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta. Féach Nóta 11 d'fhaisnéisiú maidir le réadmhaoin infheistícohta atá ina seilbh ag luach cóir.

| | Iasachtaí agus infhála €'000 | Sócmhainní - airgeadais ar fáil le díol €'000 | Dliteanais eile airgeadais €'000 | Luach anonn €'000 | Luach Cóir* €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | | | |
| **31 Nollaig 2017** | | | | | |
| Léas airgeadais infhaighte | **333** | - | - | **333** | - |
| Trádáil agus infháltais eile | **7,296** | - | - | **7,296** | - |
| Infheistíochtaí eile | **9,036** | - | - | **9,036** | - |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | **9,789** | - | - | **9,789** | - |
| **Iomlán** | **26,454** | - | - | **26,454** | |
| | | | | | |
| Trádáil agus suimeanna eile iníochta | - | - | **(18,331)** | **(18,331)** | - |
| Iasacht bhainc urraithe | - | - | **(14,425)** | **(14,425)** | - |
| **Iomlán** | - | - | **(32,756)** | **(32,756)** | |
| | | | | | |
| **31 December 2016** | | | | | |
| Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol | - | 68 | - | 68 | 68 |
| Léas airgeadais infhaighte | 340 | - | - | 340 | - |
| Trádáil agus infháltais eile | 4,859 | - | - | 4,859 | - |
| Infheistíochtaí eile | 21,032 | - | - | 21,032 | - |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 4,710 | - | - | 4,710 | - |
| **Iomlán** | 30,941 | 68 | - | 31,009 | |
| | | | | | |
| Trádáil agus suimeanna eile iníochta | - | - | (15,824) | (15,824) | - |
| Léas airgeadais iníoctha | - | - | (80) | (80) | - |
| **Iomlán** | - | - | (15,904) | (15,904) | |





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 26. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS *(Ar lean)*

| | Iasachtaí agus infhála €'000 | Sócmhainní airgeadais ar fáil le díol €'000 | Dliteanais eile airgeadais €'000 | Luach anonn €'000 | Luach Cóir* €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | | | | | |
| **31 Nollaig 2017** | | | | | |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | **10** | - | - | **10** | - |
| **Iomlán** | **10** | - | - | **10** | |
| | | | | | |
| 31 Nollaig 2016 | | | | | |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid | 10 | - | - | 10 | - |
| **Iomlán** | 10 | - | - | 10 | |

*Tá an Grúpa tar éis úsáid a bhaint as an díolúine faoi IFRS 7 "Ionstraimí Airgeadais: Faisnéisiú" maidir le faisnéisiú breise nuair a bhíonn luach cóir an-chóngrach do luach anonn an chostais amúchta.

Lasmuigh de na léasanna airgeadais infhaighte agus iníoctha, tugtar luacháil ar na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais thuas ag luach cóir nó glactar leis iad a bheith tugtha anonn ag suim choibhéiseach le luach cóir.

**Tomhas ar luach cóir**

**Ordlathas maidir le Luach Cóir**

Úsáideann an Grúpa an t-ordlathas seo a leanas le luach cóir na n-ionstraimí airgeadais a shocrú agus a fhaisnéisiú trí mhodh luachála.

- Leibhéal 1: praghasanna luaite (coigeartaithe) i margaí gníomhacha do shócmhainní nó dliteanais chomhionann.
- Leibhéal 2: ionchur seachas praghasanna luaite áirithe i Leibhéal 1 atá inbhraite don sócmhainn nó don dliteanas, go díreach (mar phraghsanna) nó go hindíreach (díorthaithe ó phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchur don sócmhainn nó don dliteanas nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh (ionchur neamh-inbhraite).

Leagtha amach thíos tá na mórmhodhanna agus na boinn tuisceana a úsáideadh agus luach cóir á mheas do na sócmhainní airgeadais agus do na dliteanais atá faisnéisithe sa tábla ina dhiaidh seo.

*Sócmhainní airgeadais atá ar fáil le díol – tomhaiste ag luach cóir sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais*
Tugtar sonraí ar luach cóir i Nóta 16. Déanadh gach sócmhainn airgeadais atá ar fáil le díol a tugadh anonn ag luach cóir a thomhas le modhanna luachála Leibhéal 3, mar a míníodh thuas.

*Léasanna airgeadais infhaighte agus iníoctha – níl tomhaiste ag luach cóir sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais*
Tá luach cóir bunaithe ar luach reatha shreabhadh airgid sa todhchaí lascainithe ag rátaí an mhargaidh.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 27. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

**(a) Léasanna mar léasaí**
Bhí íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa sa todhchaí faoi léasanna dochealaithe iníoctha mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Níos lú ná bliain | **371** | 406 |
| Idir bhliain amháin agus cúig bliana | **1,096** | 1,599 |
| Níos mó ná cúig bliana | **2,061** | 2,054 |
| | **3,528** | 4,059 |

**(b) Léasanna mar léasóir**
Cuireann an Grúpa a réadmhaoin infheistíochta amach ar léas (féach Nóta 11).

Bhí íosmhéid na n-íocaíochtaí léasa sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe infhaighte mar seo a leanas:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| Níos lú ná bliain | **7,324** | 6,958 |
| Idir bhliain amháin agus cúig bliana | **17,757** | 17,476 |
| Níos mó ná cúig bliana | **11,444** | 14,039 |
| | **36,525** | 38,473 |





# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

## 28. FAISNÉISIÚ MAIDIR LE PÁIRTÍ GAOLMHAR

**(a) Idirbhearta maidir le páirtí gaolmhar**
**Grúpa**
Is é an Rialtas úinéir tairbhiúil agus páirtí rialaithe an Ghrúpa i ndeireadh thiar. Maraon le mórán aonán eile, déanann an Grúpa déileáil leis an Rialtas i ngnáthchúrsaí gnó agus le comhlachtaí stáit agus aonáin eile atá faoi úinéireacht, rialú nó tionchar suntasach an Rialtais. Baineann an déileáil seo le réimse leathan aonán ar a n-áirítear an rialtas láir, údaráis áitiúla, cuideachtaí leathstáit tráchtála agus neamhthráchtála agus institiúidí airgeadais.

Tá idirbhearta idir fhochuideachtaí an Ghrúpa, ar pháirtithe gaolmhara iad, curtha as an áireamh sa chomhdhlúthú agus ní thugtar faisnéis sa nóta seo orthu.

Tharla na hidirbhearta seo a leanas a bhain le páirtí gaolmhar i rith na bliana.

(i) Tá Liam O'Shea, a d'fhreastal mar stiúrthóir ar an nGrúpa i rith na bliana, mar Stiúrthóir Bainistíochta ar Clare Community Radio Holdings plc (ag trádáil mar Clare FM), County Tipperary Radio Limited (ag trádáil mar Tipp FM) agus Spin South West Ltd, ar chuideachtaí iad a sholáthraíonn seirbhísí fógraíochta don Ghrúpa.

Ba iad na táillí a bhain leis na seirbhísí a sholáthair na cuideachtaí thuas don Ghrúpa i ngnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017 ná €37,108 *(2016: €80,784)*. Ba é an suim ar cuireadh nó nár cuireadh bille ina thaobh agus nach raibh íoctha ag an nGrúpa ag deireadh na bliana ná €2,706 *(2016: €7,393)*.

(ii) Tá Kevin McCarthy, a d'fhreastal mar stiúrthóir ar an nGrúpa i rith na bliana, ina stiúrthóir ar Mid West Sporting Supplies Limited, ar chuideachta í a sholáthraíonn seirbhísí don Ghrúpa.

Ba iad na táillí a bhain leis na seirbhísí a sholáthair an chuideachta thuas don Ghrúpa i ngnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017 ná €23,153 *(2016: €18,274)*. Ní raibh aon suimeanna ar cuireadh nó nár cuireadh bille ina dtaobh agus nach raibh íoctha ag an nGrúpa ag deireadh na bliana *(2016: Neamhní)*.

**Cuideachta**
Níor tharla aon idirbheartaíocht idir an chuideachta agus a fochuideachtaí sa tréimhse airgeadais.

**(b) Cúiteamh príomhbhainistíochta**
Áirítear ar an bpríomhbhainistíocht baill de Choiste Feidhmiúcháin an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó atá le híoc le príomhbhainistíocht ar sheirbhísí mar fhostaí:

| | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa** | | |
| Tuarastail agus sochair fostaí gearrthéarmach eile (ar a n-áirítear leasa shóisialaigh) | **1,142** | 1,645 |
| Leasa iarfhostaíochta | **114** | 157 |
| | **1,256** | 1,802 |

**Cuideachta**
Níl aon fhostaí ag an gcuideachta. Is fochuideachtaí a íocann luach saothair stiúrthóirí na Cuideachta.

# NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS *(Ar lean)*

### 29. TIOMANTAIS AGUS TEAGMHAIS

**(a) Tiomantais chaipitil agus eile**
Tá luach na n-oibreacha caipitiúla nach raibh crícohnaithe ar an 31 Nollaig 2017 faoi chonarthaí a rinne an Grúpa measta ag €7,745,839 *(2016: €6,058,265)*. Ní bhfuarthas aon deontas le maoiniú a dhéanamh ar na tiomantais chaipitil seo.

**(b) Deontas teagmhais**
Fuair fochuideachta an Ghrúpa, Maoin Tráchtála na Sionainne, deontas ó Fháilte Éireann d'fhonn uasghrádú a dhéanamh ar ionad turasóireachta Chaisleán an Rí, agus beidh an deontas seo le haisíoc sa chás nach gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Go dtí seo comhlíonadh gach coinníoll a bhain leis an deontas seo.

### 30. IMEACHTAÍ INA DHIAIDH SIN
Níor tharla aon imeachtaí suntasach a raibh tionchar acu ar an nGrúpa i ndiaidh dheireadh na bliana.

### 31. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS
Rinne an Bord faomhadh ar na ráitis airgeadais ar an 28 Márta 2018.





# TUILLEADH EOLAIS

## CLÁR ÁBHAIR

100 Eolas Gnó Ginearálta agus Eolas Eilé
101 Eitiltí ón tSionainn chuig an RA
102 Eitiltí ón tSionainn chuig an Eoraip
103 Eitiltí ón tSionainn chuig S.A.M / Ceanada

## EOLAS GNÓ GINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **OIFIG CHLÁRAITHE** | Aerfort na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **INIÚCHÓIR** | KPMG<br>Cuntasóirí Cairte<br>1 Plás an Stócaigh<br>Faiche Stiabhna<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **BAINCÉIRÍ** | Banc na hÉireann<br>Eastát Tionsclaíochta<br>na Sionainne<br>An tSionainn<br>Co. an Chláir |
| **UIMHIR CHLÁRAITHE** | 548847 |

## EOLAS EILE

Is grúpa tráchtála leathstáit é Grúpa na Sionainne cpt, ina bhfuil trí chuideachta, dírithe ar leas eacnamaíoch a sholáthar d'Iarthar na hÉireann agus don gheilleagar níos leithne náisiúnta. Is mórshócmhainn eacnamaíoch agus tiománaí ar gheilleagar na hÉireann atá sa Ghrúpa, ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon. Fostaíonn Grúpa na Sionainne os cionn 680 duine san ardséasúr.

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag gach cuideachta sa Ghrúpa i rith 2017:

| | |
|---|---|
| Aerfort na Sionainne | 271 |
| Maoin Tráchtála na Sionainne | 28 |
| Oidhreacht na Sionainne | 210 |

Tá anailís thíos ar na sochair a íocadh le fostaithe i 2017.

| | Líon na bhfostaithe i mbanda* |
|---|---|
| | 2017 |
| € | |
| 50,000 - 74,999 | 140 |
| 75,000 - 99,999 | 56 |
| 100,000 - 124,999 | 5 |
| Os cionn 125,000 | 9 |

**Déantar sochar fostaí gearrthéarmach a léiriú de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*






## EITILTÍ ÓN TSIONAINN CHUIG AN RA
## *Samhradh 2018*



# EITILTÍ ÓN TSIONAINN CHUIG AN EORAIP
## *Samhradh 2018*






*Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais* I 2017

# EITILTÍ ÓN TSIONAINN CHUIG S.A.M / CEANADA
## *Samhradh 2018*



shannon GROUP

www.shannongroup.ie